



**Plean Teanga do  
Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí**

Márta 2018





**Plean Teanga do  
Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí**

***Language Plan for the  
Meath Gaeltacht Language Planning Area***

*Please note: an English-language summary can be found on page 181.*

Curtha le chéile ag Hannah Ní Dhoimhín i gcomhar le Coiste Pleanála Teanga Ghaeltacht  
na Mí agus Comharchumann Ráth Chairn



# Clár na nÁbhar

Ráiteas ón gCathaoirleach.....	iii
Fís an Choiste .....	iii
1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga.....	1
1.1. Réamhrá .....	1
1.2. Acht na Gaeltachta, 2012 agus an Próiseas Pleanála Teanga .....	1
2. Sonraí na Ceanneagraíochta.....	2
2.1. An Cheanneagraíocht .....	2
2.2. An Coiste Stiúrtha .....	2
3. Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga .....	3
3.1. Stair an LPT .....	3
3.2. Topagrafaíocht.....	3
3.3. Daonra .....	4
3.4. Staid na Gaeilge sa LPT .....	6
3.5. Seirbhísí agus Tacaíochtaí .....	6
4. Léargas ar Ullmhú an Phlean Teanga .....	12
4.1. Feachtas Feasachta.....	12
4.2. An Taighde .....	15
4.3. Táital .....	19
5. Torthaí an Taighde.....	21
5.1. Réamhrá .....	21
5.2. Pobal an LPT.....	21
5.3. Daoine Óga .....	30
5.4. Tuismitheoirí agus Caomhnóirí .....	43
5.5. Múinteoirí Scoile.....	57
5.6. Foireann Naónraí .....	71
5.7. Táital .....	74
6. Bearta an Phlean Teanga.....	77
6.1. Réamhrá .....	77
6.2. Feidhmiú an Phlean Teanga.....	78
6.3. An Córás Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais) .....	83
6.4. Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga .....	89
6.5. Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghráupaí Eile .....	94
6.6. Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chórás Oideachais .....	98
6.7. An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn.....	102
6.8. Na Meáin Chumarsáide .....	105
6.9. Seirbhísí Poiblí .....	108

6.10. Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil.....	112
6.11. Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire .....	113
6.12. Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nómhaireacht an phobail ina leith.....	119
7. Costais agus Maoiniú.....	125
7.1. Costais.....	125
7.2. Maoiniú .....	125
7.3. Clár Caiteachais do Phlean Teanga Limistéar Pleanála Teanga Ráth Chairn agus Bhaile Ghib.....	126
8. Forbairt Feasachta agus Poiblíocht .....	128
8.1. Forbairt Feasachta.....	128
8.2. Poiblíocht .....	128
9. Feidhmiú agus Monatóireacht .....	129
9.1. Feidhmiú an Phlean Teanga.....	129
9.2. Ról na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.....	130
9.3. Monatóireacht.....	130
Foinsí.....	131
Aguisín I: Torthaí Taighde Breise.....	134
Aguisín II: Na Critéir Pleanála Teanga.....	137
Aguisín III: Ceistneoirí.....	138
Aguisín IV: Litir chuig Comhairle Contae na Mí.....	176
Aguisín V: Treoirlínte Brandála.....	180
Aguisín VI: English-language Summary .....	181

## Ráiteas ón gCathaoirleach

Ag túis an 19ú céad, bhí Éire trí chéile ina Gaeltacht. I bhfianaise na titime a tharla i líon na gcainteoirí Gaeilge le linn an Ghorta Mhóir agus ina dhiaidh is míorúilt é go bhfuil Gaeilge ag duine ar bith nó go bhfuil sí mar theanga phobail in áit ar bith in Éirinn i bhfianaise neamairt na n-údarás le fada fada an lá.

Is míorúilt dhúbailte é go bhfuil pobail Ghaeltachta anseo i gContae na Mí.

Tuigeann muintir na Gaeltachta seo an méid sin agus tá fonn orainn go dtiocfadh an teanga seo agus an cultúr a théann léi slán do na glúinte nár rugadh fós go dté sí i neart amach anseo. Is léir sin ó chomh páirteach is atá muintir na Gaeltachta seo i ngluaiseacht na Gaeilge ar fud an chontae agus ar fud na tíre.

Go dtí seo níl aon dabht ach gurb é toil an phobail go dtiocfadh an teanga slán sa limistéar Gaeltachta seo. Ní hionann fonn nó toil agus cur chuige cinnte aontaithe, áfach. Anois den chéad uair tá fír aontaithe ag muintir Ghaeltacht na Mí faoi cén chaoi an Ghaeilge a shláinú agus a neartú mar theanga phobail anseo.

Tá mé thar a bheith buíoch do Choiste Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí a rinne obair an chapaill chun an pleán seo a chur le chéile.

Tá mé buíoch do ‘chuile dhuine a tháinig chugt cruinnithe, a thug tuairimí, a scaip agus a líon amach ceistneoirí, agus a rinne obair gan bhúiochas le bliain anuas.

Tá focal buíochais ar leith ag dul do Hannah Ní Dhoimhín, comhairleoir pleanála teanga, a choinnigh ar an mbóthar ceart muid agus a thug comhairle agus tacaíocht go fial flaithiúil uaithi agus do Rosa Devine, dearthóir a thug go fial dá sársclí agus dá cuid ama go deonach.

Seo é ár bplean bunaithe ar obair agus ar mholtáí mhuintir na háite. Seo é ár bhfís agus ár ndúshlán. Seasfaimid lenár ngealltanás agus lenár ndúshlán. Déanadh an Stát amhlaidh.

Dáithí Mac Cárthaigh

Cathaoirleach Choiste Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí

### Fís an Choiste

Tá sé mar aidhm ag an bplean teanga seo líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge i Limistéar Pleanála Teanga Ráth Chairn agus Bhaile Ghib a ardú faoi 10.0% le linn na seacht mbliana dá chur i bhfeidhm, agus cur le líon na dteaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge sa limistéar.



## 1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

### 1.1. Réamhrá

#### 1.1.1. An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht

Sa mbliain 2007, foilsíodh an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (SCT), a choimisiúnaigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Léiríodh sa tuarascáil sin a leochailí is a bhí staid na Gaeilge an t-am sin (Ó Giollagáin et al., 2007a: 149-55), agus moladh na toghranna Gaeltachta a rangú i gcatagóirí éagsúla a mhínítear i dTábla 1.1 thíos:

Catagóir:	% Cainteoirí Laethúla Gaeilge	Míniú de réir an SCT:
A	67.0 +	'Léirítear san analís seo go dtagann laghdú tobann ar Úsáid na Gaeilge mar theanga theaghlaigh agus phobail nuair a thiteann líon na gcainteoirí laethúla i gceantar faoi bhun na teorann seo.' (2007a: 146-7)
B	44.0 – 66.9	'Nuair a thiteann líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge i gceantar faoi bhun na teorann seo léiríonn an fhaisnéis gur gnás imeallach atá in úsáid na Gaeilge ó thaobh nósanna teaghlaigh agus pobail de' (ibid., 147)
C	0.0 – 43.9	'Cuimsíonn an chatagóir seo an líon is mó toghrann agus daonna de na trí chatagóir seo.' (ibid.)

Tábla 1.1: Na Catagóirí Gaeltachta

#### 1.1.2. An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

Rinneadh athdhearbhú ar dhearcadh agus ar aidhm an Rialtais i leith na Gaeilge sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*, a foilsíodh in 2010. Cuirtear béis mhór ar sheachadadh institiúideach na Gaeilge sa *Straitéis* (2010: 11-9), ach ó thaobh na Gaeltachta de, deirtear go bhfuil 'aird á tabhairt' ar mholtáí an SCT (ibid., 5) agus dearbhaítear go '[d]tosófar próiseas pleanála teanga agus [go n]déanfar plean teanga a ullmhú ag leibhéal pobail do gach ceantar Gaeltachta' (ibid., 20).

Achtaíodh Acht na Gaeltachta, 2012 chun bonn reachtíil a chur faoin bpróiseas pleanála teanga sin i measc forálacha eile (Ó Giollagáin, 2014: 107).

### 1.2. Acht na Gaeltachta, 2012 agus an Próiseas Pleanála Teanga

I measc forálacha eile, cuireann Acht na Gaeltachta, 2012 túis leis an bpróiseas pleanála teanga i dtrí chomhthéacs éagsúla: Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, Bailte Seirbhise Gaeltachta agus Lónraí Gaeilge (Rialtas na hÉireann, 2012).

Tá an Ghaeltacht anois roinnte i 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) agus caithfidh pobal gach LPT plean teanga a ullmhú don LPT le teacht le hAcht na Gaeltachta, 2012 ionas go n-aintheofar an limistéar mar limistéar Gaeltachta feasta (Rialtas na hÉireann, 2012; An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2016: 4).

Leagtar amach struchtúr d'ullmhú na bpleananna teanga san Acht. Faoin struchtúr seo, fógraíonn an tAire go bhfuil plean teanga le hullmhú do LPT faoi leith agus roghnaíonn Údarás na Gaeltachta ceanneagraíocht leis an bpróiseas pleanála teanga sa LPT sin a bhainistiú. Tugtar dhá bhliain don cheanneagraíocht an plean teanga a ullmhú agus curtear an plean faoi bhráid an Aire ansin lena fhaomhadh. Má ghlactar leis, bíonn tréimhse seacht mbliana ag an gceanneagraíocht leis an bplean teanga a chur i bhfeidhm (Rialtas na hÉireann, 2012).

## 2. Sonraí na Ceanneagraíochta

### 2.1. An Ceanneagraíocht

Fógraíodh LPT Ráth Chairn agus Bhaile Ghib le túis a chur leis an bpróiseas pleanála teanga i mí na Samhna 2015. Tar éis iarratas a chur isteach, roghnaíodh Comharchumann Ráth Chairn mar cheanneagraíocht leis an bpróiseas a stiúradh.

Bunaíodh Comharchumann Ráth Chairn sa mbliaín 1973 le cúram a dhéanamh de ghníomhaíochtaí éagsúla agus d'fhorbairt pobail sa gceantar. Bíonn an Comharchumann ag reáchtáil cúrsáí Gaeilge do dhaoiné óga agus d'fhoghlaimeoirí fásta, féilte, comórtais, imeachtaí sóisialta agus eile, agus cuirtear seirbhísí éagsúla ar fáil ó ionad an Chomharchumainn, siopa, caifé agus teach ósta ina measc.

### 2.2. An Coiste Stiúrtha

Reáchtáladh dhá chruinniú phoiblí i mí Meithimh 2016, ceann amháin i mBaile Ghib ar an 27 Meitheamh 2016 agus ceann eile i Ráth Chairn ar an 28 Meitheamh 2016, agus bhí deis ag baill den phobal ag na cruinnithe seo iad féin a chur chun tosaigh le bheith páirteach i gCoiste Pleánala Teanga Ghaeltacht na Mí (CPTGM). Ag an gcéad chruinniú de chuid an choiste sin, roghnaíodh Dáithí Mac Cáirtheach mar Chathaoirleach air.

San iomlán, tá 19 nduine ar CPTGM:

Ainm:	Céantar:
Dáithí Mac Cáirtheach (Cathaoirleach)	Ráth Chairn
Mairéad Ní Cheallaigh	Ráth Chairn
Brídin Úí Chonaire	Ráth Chairn
Éanna Ó Cróinín	Ráth Chairn
Mairéad Mhic Dhonncha	Ráth Chairn
Gearóidín Ní Dhubhda	Baile Ghib
Seán Ó Dubhda	Ráth Chairn
Alan Ó hEadhra	Ráth Chairn
Máirín Úí Fhainnín	Baile Ghib
Úna Ní Fhaircheallaigh	Ráth Chairn
Éamonn Ó Fearraigh	Baile Ghib
Harry Mac Gearraidh	Baile Ghib
Colm Keegan	Ráth Chairn
Katie Lally	Baile Ghib
Nóra Ní Mhéaloid	Ráth Chairn
Máirín Sarikaya	Ráth Chairn
Fionnuala Seoighe	Ráth Chairn
Siobhán Seoighe	Ráth Chairn
Seosamh Ó Teaghneáin	Ráth Chairn

Tábla 2.1: Baill CPTGM

Shocraigh CPTGM go luath sa bpróiseas gur theastaigh uathu comhairleoir pleánala teanga a fhostú le háisitheoreacht a dhéanamh ar ullmhú an phlean teanga. Fógraíodh an post i mí Dheireadh Fómhair 2016 agus i mí na Samhna 2016 roghnaíodh Hannah Ní Dhoimhín mar chomhairleoir pleánala teanga don LPT.

## 3. Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

### 3.1. Stair an LPT

Ní hionann stair Ghaeltacht na Mí agus stair na gceantar Gaeltachta eile ar chósta an iarthair agus an deiscirt. Is pobail athlonnaithe iad pobail Ráth Chairn agus Bhaile Ghib a tháinig go Co. na Mí sna tríochaidí, tráth a raibh eastáit mhóra na dtiarnáil talún neamhchónaitheacha á n-athdháileadh ag Coimisiún na Talún. Is cuid den iarracht athbheochana teanga a bhí i mbunú Ghaeltacht na Mí (Comharchumann Ráth Chairn, 2016; Údarás na Gaeltachta, 2017).

#### 3.1.1. Ráth Chairn

Bunaíodh Gaeltacht Ráth Chairn i 1935 nuair a d'aistrigh 27 teaghlaigh as Conamara go Co. na Mí. B'as Ceantar na nOileán formhór na ndaoine a tháinig go Ráth Chairn i 1935, agus i 1937 tháinig 11 teaghlaigh eile ina ndiaidh. Mar chuid de scéim mhalaire talún, fuair gach teaghlaigh teach agus feirm agus tógadh scoil náisiúnta, Scoil Uí Ghramhnaigh, le freastal ar an bpobal nua seo. Tá Scoil Náisiúnta Uí Ghramhnaigh fós in úsáid go dtí an lá atá inniu ann (Comharchumann Ráth Chairn, 2016).

#### 3.1.2. Baile Ghib<sup>1</sup>

Is i 1937 a bunaíodh Gaeltacht Bhaile Ghib, nuair a dáileadh talamh de chuid Choimisiún na Talún ar fheirmeoirí Gaeltachta as Maigh Eo, Ciarraí agus Dún na nGall go príomha (Údarás na Gaeltachta, 2017). 59 teaghlaigh ar fad a d'aistrigh go Baile Ghib idir 1937 agus 1939 óna ceantair Gaeltachta seo a leanas: Corca Dhuibhne agus Uíbh Ráthach i nGaeltacht Chiarraí (21 teaghlaigh); Tuar Mhic Éadaigh, Béal an Mhuirthead agus Iorras i nGaeltacht Mhaigh Eo (18 dteaghlaigh); Fánaid agus Gaoth Dobhair i nGaeltacht Dhún na nGall (18 dteaghlaigh) agus tháinig dhá theaghlaigh ó Ghaeltacht Chorcaí.


#### 3.1.3. Stádas Gaeltachta

Níor bronnadh stádas oifigiúil Gaeltachta ar Ráth Chairn agus ar Bhaile Ghib go dtí 1967, tar éis feachtas rathúil de chuid Chraobh Chearta Sibhialta na Gaeltachta, Ráth Chairn (Comharchumann Ráth Chairn, 2016).

### 3.2. Topagrafaíocht

Clúdaíonn Gaeltacht na Mí achar 44 ciliméadar cearnaithe, rud a fhágann gurb í an Ghaeltacht is lú sa tír í (Údarás na Gaeltachta, 2017). Tá an LPT roinnte idir dhá cheantar – Ráth Chairn agus Baile Ghib – atá timpeall 20 ciliméadar óna chéile, iad scartha ag an mórbhealach M3. Tá Ráth Chairn suite in aice Abhaínn Átha Buí idir Baile Átha Buí agus Baile Átha Troim, agus is ar an dá bhaile seo is mó a mbíonn pobal Ráth Chairn ag tarraingt le rochtain a fháil ar sheirbhísí, ar shiopaí, ar obair agus (i gcásanna áirithe) ar scoileanna. Síneann Baile Ghib ó bhrúach na Abhaínn Duibhe san iardheisceart go Baile Uilcín ar an teorainn thoir-thuaidh den LPT. Tá Baile Ghib suite leathbhealach idir Ceanannas agus an Uaimh, agus is iad an dá bhaile sin is mó a fhreastalaíonn ar an bpobal sa taobh sin den LPT. Bíonn go leor de mhuintir Ghaeltacht na Mí ag taisteal go Baile Átha Cliath, atá idir 55 agus 65 ciliméadar ón LPT, le dul ag obair chomh maith.

<sup>1</sup> Tuairisc le Harry Mac Gearraidh.



Figiúr 3.1: LPT Ráth Chain agus Bhaile Ghib

### 3.3. Daonra


Léiríonn na staitisticí daonáirimh go bhfuil dlús daonra de 4.2 duine/ciliméadar sa LPT agus go bhfuil méadú 11.2% tagtha ar dhaonra an LPT le deich mbliana anuas (2006-2016):

Daonáireamh	Daonra	Méadú
2006	1,670	-
2011	1,771	6.0%
2016	1,857	4.9%

Figiúr 3.2: Daonra an LPT (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2014a, 2014b, 2017)

Tá an chuid is mó de dhaonra an LPT sna haoisgrúpaí 0-19 bliain d'aois agus 40-59 bliain d'aois (30.5% agus 29.7% faoi seach), agus is é an grúpa atá 65+ bliain d'aois an t-aoisgrúpa is lú (8.8% den daonra) (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017):


### Mír 3: Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga



Figiúr 3.3: Próifíl Aoise


#### 3.3.1. Fostaíocht

Tagann figiúrí an LPT seo maidir le rannpháirtíocht sa bhfórsa saothair a bheag nó a mhór leis an meán contae agus náisiúnta, agus tá na rátaí fostaíochta sa LPT beagánín níos airde ná na figiúrí don chontae agus don stát (McCarthy, 2018):



Figiúr 3.4: Rannpháirtíocht sa bhFórsa Saothair

Maidir le hearnálacha fostaíochta, tá an chuid is mó den fhórsa saothair sa LPT ag obair i seirbhísí gairmiúla, in earnáil na trádála nó in earnáil 'eile' (McCarthy, 2018):



Figiúr 3.5: Earnálacha Fostaíochta

### 3.4. Staid na Gaeilge sa LPT

Mar a léirítear sa tábla thíos, cé go bhfuil ardú ag teacht ar an daonra agus ar líon na ndaoine a bhfuil cumas sa nGaeilge acu le deich mbliana anuas, tá titim leanúnach ar líon agus ar chéatadán na gcainteoirí laethúla Gaeilge (CLG)<sup>2</sup> sa LPT (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2014a, 2014b, 2017):

Daonáireamh	Daonra 3 bl. +	# le cumas Gaeilge	% le cumas Gaeilge	# CLG	% CLG
2006	1,603	976	60.9%	347	21.6%
2011	1,699	1,054	62.0%	321	18.9%
2016	1,776	1,062	59.8%	283	15.9%

Figiúr 3.6: Cumas Gaeilge agus Cainteoiri Laethúla Gaeilge

De réir an SCT, mar sin, chuirfeadh torthaí Dhaonáireamh 2016 an LPT i gCatagóir C (féach rannóg 1.1.1).

### 3.5. Seirbhísí agus Tacaíochtaí

#### 3.5.1. An Córás Oideachais

Tá naíonra Gaeltachta agus naíonra Béarla, trí bhunscoil agus meánscoil amháin lonnaithe sa LPT.

##### 3.5.1.1. Ráth Chairn

Is i gceantar Ráth Chairn atá an t-aon naíonra Gaeltachta sa LPT lonnaithe. Tá bunscoil, Scoil Náisiúnta Uí Ghramhnaigh, agus meánscoil, Coláiste Pobail Ráth Chairn, lonnaithe sa gceantar sin chomh maith. Déantar an teagasc uilig trí Ghaeilge sa mbunscoil agus sa meánscoil múintear formhór na n-ábhar trí Ghaeilge (féach rannóg 5.5.1.2). Bíonn páistí ó cheantar Ráth Chairn ag freastal ar Scoil Náisiúnta Chill Bhríde chomh maith, atá díreach taobh amuigh de theorainn an LPT.

##### 3.5.1.2. Baile Ghib

Bhíodh naíonra á reáchtáil trí Ghaeilge i mBaile Ghib ach dúnadh é in 2016. Tá naíonra eile sa gceantar, Hillview Montessori, a reáchtáiltear trí Bhéarla. Tá dhá bhunscoil sa gcuid seo den LPT, Scoil Ultain Naofa ina ndéantar an teagasc trí Ghaeilge, agus Scoil Chaitríona Naofa a bhíonn ag teagasc trí Bhéarla. Níl aon mheánscoil i mBaile Ghib agus, dá bharr sin, téann formhór na bpáistí ó Bhaile Ghib ar aghaidh chuid meánscoileanna i gCeanannas nó san Uaimh.

##### 3.5.1.3. Lón Freastail

Tugtar eolas sa tábla thíos maidir le líon na ndaltaí a bhí ag freastal ar scoileanna an LPT le linn na scoilbhliana 2016/17:

<sup>2</sup> Ní féidir talamh slán a dhéanamh de go bhfuil na staitisticí seo ó thaobh cumais agus cleachtais teanga de go hiomlán cruinn. De bharr gur ó Dhaonáireamh 2016 a fuarthas iad, is féinmheasúnú agus féintuairisciú atá i gceist leo. Is éard atá i gceist le cainteoir laethúil Gaeilge ná duine (3+ bliana d'aois) a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil taobh amuigh den chóras oideachais.

Scoil	Dáta Bunaithe	Cailíní	Buachaillí	lomlán
Coláiste Pobail Ráth Chairn	1986	51	64	115 <sup>3</sup>
Scoil Chaitríona Naofa	1958	59	57	116 <sup>4</sup>
Scoil Náisiúnta Uí Ghramhnaigh	1936	111	101	212 <sup>5</sup>
Scoil Ultain Naofa	1937	45	46	91 <sup>6</sup>
lomlán	-	266	268	534

Tábla 3.1: Lón Freastail Scoileanna an LPT

### 3.5.1.4. An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

I mí Dheireadh Fómhair 2016, seoladh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022. Tugtar aitheantas sa bpolasaí nua seo, den chéad uair ó bunaíodh an stát, do riachtanais éagsúla na gcainteoirí T1 agus T2<sup>7</sup> Gaeilge i scoileanna Gaeltachta na tire. Faoin bpolasaí seo, caithfidh bunscoileanna agus meánscoileanna atá lonnaithe taobh istigh de theorainneacha oifigiúla na Gaeltachta cur isteach ar aitheantas mar scoil Ghaeltachta, agus bronnfar an t-aitheantas seo de réir critéar a bhaineann le cúrsaí teanga sna scoileanna sin.

Beidh impleachtaí móra ag an bpolasaí seo don phróiseas pleanála teanga sa LPT. Faoi láthair, tá trí scoil sa LPT – Scoil Náisiúnta Uí Ghramhnaigh, Scoil Ultain Naofa agus Coláiste Pobail Ráth Chairn – ag cur isteach ar aitheantas mar scoileanna Gaeltachta agus tá sé fiorthábhachtach go mbeidh comhtháthú agus comhordú le feiceáil idir obair na scoileanna faoin bpolasaí oideachais agus an pleán teanga, agus go dtabharfar gach tacáiocht do na scoileanna atá ag iarraidh aitheantas a bhaint amach mar scoileanna Gaeltachta nó ar mian leo bogadh sa treo sin amach anseo.

### 3.5.2. Seirbhísí Teanga Eile

Chomh maith leis na hinstiúidí foirmiúla oideachais, tá seirbhísí teanga agus deiseanna foghlama agus sealbhaithe eile ar fáil sa LPT seo, agus cuirtear a bhformhór ar fáil i gceantar Ráth Chairn. Cuirtear réimse leathan ranganna Gaeilge ar siúl i gComharchumann Ráth Chairn, ar a n-áirítear:

- Cúrsaí do mhic léinn tríú leibhéal;
- Cúrsaí deireadh seachtaine, cúrsaí lár seachtaine agus cúrsaí seachtaine do dhaltaí bunscoile agus meánscoile;
- Cúrsaí deireadh seachtaine, cúrsaí lár seachtaine agus cúrsaí seachtaine do dhaoine fásta;
- Dianchúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta;
- Cúrsaí saincheaptha do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí faoi leith.

Tá roinnt deiseanna neamhfhoirmiúla úsáide Gaeilge ar fáil sa LPT freisin. Ina measc sin bíonn cioccal comhrá ar siúl i mBaile Ghib, agus bíonn Óige na Gaeltachta, grúpa tuistí agus páistí, club leabhar agus grúpa cróiseála ag feidhmiú i Ráth Chairn.

Ó thaobh cúrsaí samhraidh de, reáchtálann Coláiste Eoin Uí Ghramhnaigh, Ráth Chairn, cúrsaí lae do dhaoine óga a dhíríonn ar labhairt na Gaeilge agus cuireann Coláiste na bhFiann cúrsaí samhraidh ar siúl sa gComharchumann chomh maith.

Do pháistí réamhscoile, tá naíolann i Ráth Chairn a reáchtáiltear trí Ghaeilge agus a chuidíonn le páistí a ullmhú don naíonra agus don bhunscoil.

<sup>3</sup> (SchoolDays.ie, 2018a)

<sup>4</sup> (SchoolDays.ie, 2018b)

<sup>5</sup> (SchoolDays.ie, 2018d)

<sup>6</sup> (SchoolDays.ie, 2018c)

<sup>7</sup> Is ionann cainteoir T1 Gaeilge agus duine arb í an Ghaeilge an chéad teanga, an teanga dhúchais nó an mháthairtheanga aige. Tagraíonn cainteoirí T2 Gaeilge do dhaoine a d'fhoghlaim an teanga agus arb í an dara teanga acu.

Tá oifig ag Glór na nGael i Ráth Chairn a dhíolann leabhair agus cluichí i nGaeilge, agus tá oifig de chuid Fhoras na Gaeilge lonnaithe ann freisin.

### 3.5.3. Coistí Áitiúla

Tugtar thíos liostaí de na coistí atá ag feidhmiú sa dá chuid den LPT. Is é CPTGM an t-aon choiste amháin a chuimsíonn ionlán an LPT.

#### 3.5.3.1. Ráth Chairn

Seo a leanas liosta de na coistí áitiúla atá ag feidhmiú i Ráth Chairn i láthair na huaire:

Coiste Chomharchumann Ráth Chairn  
Coiste Cúrsaí Pleanála  
COIS  
Coiste Imeachtaí  
Coiste na Mná Tí  
Grúpa Tuistí agus Paistí  
Coiste na Cartlainne  
Coiste Oidhreachta  
Coiste na nAosach  
Coiste na mBailte Shlachtmhara  
Coiste Oideachais  
Coiste an Bháid  
Coiste Airgeadais  
Cumann Drámaíochta  
Óige na Gaeltachta  
Dámh na Mí  
Grúpa cróiseála  
Grúpa a dhéanann staidéar ar an soiscéal  
Grúpa cniotála  
Coiste Phobal ar Aire  
Club Leabhar

#### 3.5.3.2. Baile Ghib

Seo a leanas liosta de na coistí áitiúla atá ag feidhmiú i mBaile Ghib i láthair na huaire:

Coiste Bhaile Ghib  
Coiste Halla Bhaile Ghib  
Coiste na Seandaoine  
Coiste na Reilige  
Coiste CLG Bhulf Tón

### 3.5.4. Seirbhísí Áitiúla

#### 3.5.4.1. Ráth Chairn

Tá go leor de na seirbhísí a sholáthraítear i Ráth Chairn á gcur ar fáil ó Chomharchumann Ráth Chairn. I bhfoirgneamh an Chomharchumainn tá siopa an phobail, halla pobail, teach ósta (an Bradán Feasa), cartlann agus stiúideo de chuid RTÉ Raidió na Gaeltachta (nach n-úsáidtear ar bhonn rialta). Tá séipéal (Eaglais Chuimhneacháin Phádraig), leabharlann phoiblí, páirc spraoi agus páirc peile le tuilsoilse lonnaithe gar don Chomharchumann chomh maith.

#### 3.5.4.2. Baile Ghib

I mBaile Ghib tá siopa pobail, halla pobail, séipéal (Eaglais Chaitríona Naofa) agus páirc peile de chuid CLG Bhulf Tón.

### 3.5.5. Caitheamh Aimsire

#### 3.5.5.1. Spórt

Tá trí chumann CLG a fhreastalaíonn ar phobal an LPT – CLG Bhulf Tón, CLG Chlann na nGael agus CLG Dhún Doire – agus ghlac 'chuile cheann acu páirt i bhFondúireacht Sheosaimh Mhich Dhonncha 2017. Tá cumainn camógaíochta ag Clann na nGael agus ag Dún Doire chomh maith. Cé nach bhfuil siad lonnaithe sa LPT, bionn pobal an LPT páirteach i gcumann rugbaí Átha Búi agus i gcumann lúthchleasaíochta an Athar Uí Mhurchú chomh maith.

#### Páirc an Phobail, Ráth Chairn<sup>8</sup>

Sa m bliain 1935 bhronn Coimisiún na Talún páirc, le haghaidh spóirt, ar an dream a d'aistrigh aniar. Bhí an pháirc seo faoi stiúir iontaobhaithe suas go dtí 2007 nuair a d'íarr an Roinn Talmhaíochta ar na hiontaobhaithe an talamh a chóiriú chun go mbeadh an pobal áitiúil in ann leas a bhaint as. Ar 11 Deireadh Fómhair 2007 scríobh an tUasal Fran McKeon chuir na hiontaobhaithe ag glacadh buiochais leo ar son an Aire Talmhaíochta agus ag cur in iúl dóibh go raibh a gcuid oibre déanta agus go raibh 'Páirc an Phobail' faoi stiúir Chomhlacht Oibre an tSeanbhaile (COIS) chun páirc phobail a thógáil le háiseanna ar mhaith leis an bpobal.

Mar gheall ar stair na páirce thosaigh COIS ag ullmhú plean a bheadh feiliúnach don cheantar Gaeltachta seo ina bhfuil iarmhairs stairiúil. Tá páirc thatineamhach tóghtha sa bpáirc sin anois. Bhain na glúine a tháinig romhaínn leas as an bpáirc, ag teacht le chéile ann le haghaidh imeachtaí sóisialta agus freisin bhíodh cluichí peile á n-imirt ann agus anois beidh an ghlúin seo agus na glúine atá le teacht in ann leas a bhaint as an bpáirc bhreá seo.

Léiríonn na siúlbhealaí sa bpáirc fíorbhóithre Ráth Chairn agus is macasamhail é an bréagtheach den teach a roghnaíodh chun fáilte a chur roimh na chéad teaghlaigh a tháinig go Ráth Chairn i 1935. Iompaíodh an fód i mí lúil 2013 agus ar 11 Aibreán 2015 osclaíodh an pháirc seo go hoifigiúil.

Tá roinnt áiseanna sa bpáirc, ina measc clós súgartha, áis feistis agus seomraí cruinnithe. Tá déantúsáin sa bpáirc atá ceangailte le stair Ráth Chairn agus a thugann eolas do chuairteoirí faoi chultúr agus faoi theanga stairiúil Ghaeltacht Ráth Chairn.

#### 3.5.5.2. Féilte<sup>9</sup>

##### **Siamsóir na Mí:** Ráth Chairn, mí Feabhra

Is comórtas é Siamsóir na Mí ina ndéanann iomaitheoirí iarracht ar thrí chineál siamsaíochta dá rogha féin, an fhad is a bhíonn gach rud déanta i nGaeilge. Is píosa spraoi a bhíonn ann, agus is iondúil a théann an bua leis an té is mó a bhaineann gáire as an lucht féachana!

##### **Féile na Gealaí:** Ráth Chairn, mí Meithimh

Is féile nua í Féile na Gealaí a thosaigh in 2016. Is féile campála í. Is í an t-aon fhéile dá cineál in Éirinn. Tugann an fhéile seo deis do cheoltóirí, d'fhilí, d'amhránaithe agus do ghrúpaí comhaimseartha teacht le chéile agus a bheith páirteach in dhá lá de cheolchoirmeacha agus ceardlanna amuigh faoin aer faoi theas na gréine agus lóchrann na gealaí.

##### **Éigse Dharach Uí Chatháin:** Ráth Chairn, mí Dheireadh Fómhair

Déanann an éigse seo comóradh agus ceiliúradh ar dhuine de laochra móra na hamhránaíochta ar an sean-nós, Darach Ó Catháin. Rugadh Darach ar an Máimín i Leitir Móir, agus d'aistrigh sé féin agus a theaghlach aniar i 1935 nuair a bhí Darach ina dhéagóir. Níorbh fhada go raibh cáil náisiúnta bainte amach aige mar amhránaí agus mar dhea-chomhluadar. Bíonn deireadh seachtaine siamsaíochta ar bun ina chuimhne, le béim ar an amhránaíocht thraigisiúnta.

<sup>8</sup> Tuairisc le hÚna Ní Fhaircheallaigh.

<sup>9</sup> Tuairisc le hÉanna Ó Cróinín.

### Féile na Mí: Ráth Chairn, mí na Samhna

Is féile sheanbhunaithe í Féile na Mí a dhéanann ceiliúradh ar thraigisiún na Gaeltachta, ar thraigisiún na hamhránaíochta sean-nós agus ar dhamhsa ar an sean-nós ach go háirithe. Bíonn deireadh seachtaine iomlán de chomórtais damhsa agus amhránaíochta do gach aoisghráupa ó pháistí faoi naoi mbliana go dtí daoine fásata. Bíonn sluaite de chéadta ag freastal ar an deireadh seachtaine i Ráth Chairn i mí na Samhna, agus tarraingíonn na comórtais plúr na n-amhránaithe agus na ndamhsóirí as gach cearn den tír.

#### 3.5.5.3. Cumann Drámaíochta Ráth Chairn<sup>10</sup>

Bunaíodh Cumann Drámaíochta Ráth Chairn sa mbliaín 1973 faoi scáth Chomharchumann Ráth Chairn. Bhí an cumann an-láidir ar dtús agus tá sí fós ar an bhfód. Léiríonn an cumann drámaí gach bliain agus tá éirithe leis dul ar aghaidh chuig comórtais náisiúnta ar fud na tíre go minic.

Bhí Cumann Drámaíochta Ráth Chairn páirteach sa gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta, a thug an-tacaíocht don chumann i gcónai. Reáchtáil an cumann féilte drámaíochta i Ráth Chairn gach bliain agus bhí an Fhéile Náisiúnta ann faoi dhó i rith na mblianta.

Thug an compántas drámaíochta Taibhdhearc na Gaillimhe cuairteanna ar Chumann Drámaíochta Ráth Chairn go minic freisin, chomh maith le Craobh Liam Bulfin, Compántas Cheatharlach agus go leor eile.

Tá drámaí le John B Keane, Mairéad Ní Ghráda agus Johnny Chóil Mhaidhc léirithe ag an gcumann.

Bhain an cumann go leor gradam amach i rith na mblianta. Tá daoine óga anois i mbun an chumainn agus ag éirí go breá leo.

### 3.5.6. Bailte Seirbhíse Gaeltachta

Bíonn muintir an LPT ag tarraigtingt ar Bhaile Átha Buí, ar Bhaile Átha Troim, ar Cheanannas, ar Bhaile na hUaimhe agus ar Bhaile Átha Cliath den chuid is mó le rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte agus eile, le siopadóireacht a dhéanamh agus le dul ag obair. In 2014, fógraíodh go n-aitheofaí Baile Átha Buí agus an Uaimh mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta faoi Acht na Gaeltachta, 2012 (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2015). In ainneoin gur cuireadh feachtas pobail ar bun le haitheantas mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta a fháil do Bhaile Átha Troim agus go mbíonn cuid mhór de phobal an LPT – pobal Ráth Chairn ach go háirithe – ag tarraigtingt ar an mbaile sin le dul ag obair agus le rochtain a fháil ar sheirbhísí éagsúla, níl an t-aitheantas sin tugtha do Bhaile Átha Troim go fóill.

### 3.5.7. Fóram Fiontraíochta Ghaeltacht na Mí<sup>11</sup>

Aontaíodh ag cruinníú de chuid Bhord Údarás na Gaeltachta ag deireadh 2017 go mbreathnófaí ar théarmaí tagartha a chur le chéile le fóram fiontraíochta a bhunú do LPT Ráth Chairn agus Bhaile Ghib. Mar thoradh ar chuairt Fhóram Réigiúnach Údarás na Gaeltachta ar Ghaeltachta na Mí mhól comhaltaí an bhoird go ndéanfaí acmhainní speisialta a chur i dtreo an cheantair agus go ndéanfaí iarracht breathnú as an nua ar na deiseanna forbartha agus fostáiochta atá ar fáil i nGaeltacht na Mí. Léiríodh go raibh comhlachtaí seanbhunaithe den scoth ag feidhmiú sa gceantar chomh maith le heagrais stáit teanga-bhunaithe eile agus go raibh deis ann teacht i dtí ar dheiseanna forbartha fiontraíochta agus teanga sa gceantar. Moladh go mbeadh cur chuige comhordaithe idir Údarás na Gaeltachta, an túdarás Áitiúil agus na heagraíochtaí forbartha ábhartha maidir le cur chun cinn na fiontraíochta agus forbairt acmhainní sa gceantar chun féachaint leis an gceantar Gaeltachta, agus Baile Ghib

<sup>10</sup> Tuairisc le Seán Ó Dubhda.

<sup>11</sup> Tuairisc le Siobhán Seoighe.

### Mír 3: Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

ach go háirithe, a dhíol mar cheantar Gaeltachta a bhfuil deiseanna forbartha ann agus atá gar do Bhaile Átha Cliath. Tháinig Fóram Fiontraíochta Ghaeltacht na Mí le chéile den chéad uair ar an 30 Samhain 2017 agus tá sé i gceist ag an ngrúpa teacht le chéile uair sa mí.

Ag cruinniú de chuid an Fhóraim Fiontraíochta i Ráth Chairn ar an 20 Mártá 2018, rinne Hannah Ní Dhoimhín cur i láthair ar an bplean teanga do bhaill an Fhóraim agus aithníodh roinnt deiseanna comhoibrithe do CPTGM agus don Fóram Fiontraíochta.

## 4. Léargas ar Ullmhú an Phlean Teanga


### 4.1. Feachtas Feasachta

Ba léir don cheanneagraíocht agus do CPTGM ó thús an phróisis go mbeadh gá le feasacht a ardú i measc an phobail ar an bpróiseas pleánala teanga i nGaeltacht na Mí. Chuige sin, dearadh feachtas le heolas faoin bpróiseas a scaipeadh i measc an phobail agus le feasacht ar chúrsaí teanga agus ar obair CPTGM a ardú.

#### 4.1.1. Brandáil agus Scaipeadh Eolais

##### 4.1.1.1. Cruinnithe Poiblí

Ag túis an phróisis, reáchtáladh ceithre chruinniú phoiblí – péire i Ráth Chairn agus péire i mBaile Ghib – ar mhaithe leis an bpobal a chur ar an eolas faoin bpróiseas agus le cuireadh a thabhairt do bhaill an phobail páirt a ghłacadh sa gcoiste (féach rannóng 2.2).




Figiúr 4.1: Fógra a cuireadh amach faoi na chéad chruinnithe

Tar éis comhairleoir pleánala teanga a cheapadh, reáchtáladh dhá chruinniú poiblí eile le deis a thabhairt don choiste agus don chomhairleoir labhairt leis an bpobal faoin bpróiseas agus na chéad chéimeanna eile a mhíniú. Tugadh cuireadh do bhaill an phobail dul ar an gcoiste ag na cruinnithe seo chomh maith.

##### 4.1.1.2. Brandáil agus Scaipeadh Eolais

Socraíodh go luath in 2017 gur theastaigh lógó ón gcoiste le híomhá láidir agus phroifisiúnta den choiste a chruthú agus le cinntíú go mbeadh leanúnachas san ábhar feasachta ar fad a chuirfí amach. Is é Colmcille Mac Cártáigh a dhear an lógó, bunaithe ar an gcloch dorais ag Brú na Bóinne. Iarradh ar an dearthóir grafaicí Rosa Devine digitíú a dhéanamh ar an lógó agus treoirlínte brandála a chur le chéile don choiste.



Figiúr 4.2: Bunús Lógó an Choiste le Colmcille Mac Cártáigh

Cuireadh bileog eolais le chéile ansin le scaipeadh ar phobal an LPT. Bhí sé de sprioc ag an mbileog seo an pobal a chur ar an eolas faoin obair a bheadh ar bun ag an gcoiste, go

háirithe ó thaobh an taighde de, cuireadh a thabhairt don phobal freastal ar an dara sraith de chruinnithe poiblí, agus pointe teagmhála a chur ar fáil don phobal.

Figiúr 4.3: An Chéad Bhileog Eolais

Cuireadh cóip den bhileog seo chuig gach teach sa LPT agus bhí cóipeanna ar fáil ó oifig na ceanneagraíochta chomh maith.

## 4.1.2. Na Meán


### 4.1.2.1. Na Meán Chumarsáide

Le linn an phróisis, rinneadh iarracht eolas a scaipeadh go leanúnach trí na meán chumarsáide áitiúla agus náisiúnta. Nuair a bhíothas ag tabhairt faoin taighde, mar shampla, rinneadh fógra faoi sin ar RTÉ Raidió na Gaeltachta agus cuireadh píosa isteach sa nuachtán *The Meath Chronicle*.

Figiúr 4.4: Nótáí Bhaile Ghil, a foilsíodh sa Meath Chronicle ar an 4 Márta 2017

#### 4.1.2.2. An tIdirlíon agus na Meáin Shóisialta

Cuireadh eolas faoin bpróiseas ar fáil ar an idirlíon agus ar na meáin shóisialta chomh maith. Cruthaíodh leathanach faoi leith ar shuíomh gréasáin na ceanneagraíochta, [www.rathchairn.com](http://www.rathchairn.com), le heolas a thabhairt don phobal faoin bpleanáil teanga agus rinneadh uasdátú rialta air sin:



Figiúr 4.5: An leathanach 'Pleanáil Teanga' ar shuíomh gréasáin Chomharchumann Ráth Chairn – <https://www.rathchairn.com/pleanail-teanga>

Cruthaíodh leathanach Facebook don choiste chomh maith agus scaipeadh eolas faoi dhul chun cinn an phróisis ar an leathanach sin freisin.



Figiúr 4.6: Leathanach Facebook CPTGM

#### 4.1.3. Comhairliúchán Poiblí

Nuair a bhí an taighde agus an anailís curtha i gcrích (féach rannóg 4.2) agus nuair a bhíothas ag tarraigte ar dheireadh na tréimhse ullmhúcháin, eagraíodh próiseas comhairliúcháin phoiblí le dréacht den phlean teanga a chur i láthair an phobail agus le moltaí agus tuairimí a bhailíú maidir le bearta an phlean ach go háirithe. Reáchtáladh dhá chrúinníú phoiblí – an chéad cheann i Ráth Chairn ar an 6 Feabhra 2018 agus an dara ceann i mBaile Ghib an lá dár gcionn – agus rinneadh poiblíocht ar na cruinnithe seo go háitiúil (trí bhileoga eolas a scaipeadh ar gach teach sa LPT) agus ar na meáin shóisialta.

Mar chuid den comhairliúchán seo, cuireadh dréacht den phlean (leagan Gaeilge agus leagan Béarla) ar shuíomh an Chomharchumainn agus iarradh ar an bpobal moltaí a dhéanamh ar an dréacht sin.



Figiúr 4.7: Bileog faoin gComhairliúchán Poiblí

## 4.2. An Taighde

Ba chéim thábhachtach í céim an taighde in ullmhú an phlean seo. Thug CPTGM faoi thaighde tánaisteach agus faoi thaighde príomha ar mhaithe le staid na Gaeilge sa LPT a mheas agus le bunlín a aithint don phlean teanga.

### 4.2.1. Taighde Tánaisteach

Mar réamhullmhúchán do thionscadal taighde ar staid na Gaeilge sa LPT, bhailigh an comhairleoir pleanála teanga eolas ábhartha faoin gceantar agus faoin nGaeilge sa gceantar ó fhoinsí éagsúla, ar a n-áirítear:

Foilseachán Rialtais agus Daonáirimh:

- An Phríomh-Oifig Staidrimh. *Daonáireamh 2006*. Corcaigh: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag: <http://cso.ie/en/baile/>.
- An Phríomh-Oifig Staidrimh. *Daonáireamh 2011*. Corcaigh: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag: <http://cso.ie/en/baile/>.
- An Phríomh-Oifig Staidrimh. *Daonáireamh 2016*. Corcaigh: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag: <http://cso.ie/en/baile/>.
- An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016. *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

### Tuarascálacha Taighde:

- Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghda, A. & Ní Mhainnín, T., 2005. *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Ó Giollagáin, C. & Charlton, M., 2015. *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006–2011*. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta.
- Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghda, A. & O'Brien, M., 2007. *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghda, A. & O'Brien, M., 2007. *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhthátl agus Moltaí*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Péterváry, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C. & Sheahan, J., 2014. *Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

### Eile:

- Lenoach, C., 2014. *Sealbhú Neamhiomlán na Gaeilge mar Chéad Teanga sa Dátheangachas Dealaitheach*. Tráchtas PhD neamhfhoilsithe, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

## 4.2.2. Taighde Príomha

Baineadh úsáid as modhanna measctha taighde don taighde príomha. Socraíodh tabhairt faoin taighde cainníochtúil (i bhfoirm ceistneoirí) ar dtús le go bhféadfaí bunanailís a dhéanamh air mar ullmhúchán do na grúpaí fócais. Chomh maith leis sin, is bealach éifeachtach é scaipeadh ceistneoirí le feasacht a ardú ar an bpróiseas pleánala teanga sa LPT mar gur mó daoine a bhíonn rannpháirteach sa gcineál sin taighde ná in agallaimh agus i ngrúpaí fócais, agus tugann ceistneoirí deis do bhaill an phobail a gcuid tuairimí a chur in iúl go hanaithnid.

### 4.2.2.1. Leagan Amach na gCeistneoirí

Aithníodh go gcaithfí eolas a bhailíú ón bpobal i gcoitinne, ach gurbh fhiú go mór eolas faoi leith a fháil ó roinnt spriocghrápaí a bhfuil tábhachtach faoi leith leo ó thaobh cursaí pleánala teanga de nó tionchar acu orthu. Mar sin, socraíodh ceistneoirí ginearálta a thabhairt do phobal an LPT, ach ceistneoirí faoi leith a scaipeadh ar na grúpaí seo a leanas chomh maith:

- Múinteoirí scoile;
- Stiúrthóirí/cúntóirí naíonra;
- Daoine óga;
- Tuismitheoirí/caomhnóirí.

Ag teacht leis na Treoirlínte Pleanála Teanga (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2016), dírodh sna ceistneoirí ar na téamaí seo a leanas: cúlra teanga, cumas teanga, cleachtas teanga, dearcadh teanga agus moltaí ó thaobh an phlean teanga de.

### 4.2.2.2. Scaipeadh na gCeistneoirí

#### Ceistneoir an Phobail

In 2016, bhí 1,857 duine ina gcónaí i LPT Ráth Chairn agus Bhaile Ghib (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017). Aontaíodh nach mbeadh sé praiticiúil iarraidh ar gach duine sa LPT ceistneoir a líonadh, agus dá bharr sin socraíodh go n-iarrfaí ar dhuine amháin ó gach teach sa LPT an ceistneoir a líonadh.

Cuireadh liosta le chéile de na tithe ar fad sa LPT bunaithe ar an léarscáil atá ar fáil ar chóras GIS na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus rinneadh daoine áitiúla a earcú i

#### Mír 4: Léargas ar Uillmhú an Phlean Teanga

Ráth Chairn agus i mBaile Ghib le cuairt a thabhairt orthu. Tosaíodh ag scaipeadh na gceistneoirí ar an 1 Meitheamh 2017 agus líonadh an ceistneoir deireanach ar an 7 Meán Fómhair 2017.

Is ceistneoirí dátheangacha a bhí i gceist agus líon na rannpháirtithe ar pháipéar iad. Bhí ráta ard freagartha ar an gceistneoir seo: 75.4%.

Ceanatar	Líon tithe	Líon ceistneoirí a líonadh	Ráta freagartha
Baile Ghib	343	212	61.8%
Ráth Chairn	271	246	90.8%
Iomlán	<b>614</b>	<b>463<sup>12</sup></b>	<b>75.4%</b>

Tábla 4.1: Ceistneoir an Phobail - Ráta Freagartha

#### Ceistneoir na Múinteoirí Scoile

Tá trí bhunscoil agus iarbhunscoil amháin lonnaithe i LPT Ráth Chairn agus Bhaile Ghib – Scoil Chaitríona Naofa, Baile Órthaí; Scoil Ultain Naofa, Baile Ghib; Scoil Uí Ghramhnaigh, Ráth Chairn agus Coláiste Pobail Ráth Chairn – agus d'aontaigh trí cinn acu – dhá bhunscoil agus iarbhunscoil amháin – páirt a ghlacadh sa taighde seo<sup>13</sup>. Iarradh ar phríomhoidí na scoileanna billeog a líonadh le heolas ginearálta a thabhairt faoin scoil, agus tugadh ceistneoir do gach múinteoir ranga (bunscoil) agus múinteoir ábhair (iarbhunscoil), príomhoidí san áireamh nuair ba chuí. Tosaíodh ag scaipeadh na gceistneoirí ar an 29 Márta 2017 agus líonadh an ceistneoir deireanach ar an 18 Bealtaine 2017.

Tá Gaeilge ag gach príomhoide scoile a ghlac páirt sa taighde seo, agus mar sin scaipeadh an bheileog do phríomhoidí i nGaeilge amháin. Ceistneoir aonteangach Gaeilge a tugadh do na múinteoirí bunscoile agus ceistneoir dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla a tugadh do na múinteoirí iarbhunscoile.

Tugadh ceistneoirí ar pháipéar do na príomhoidí uilig agus do na múinteoirí bunscoile. Líon na múinteoirí iarbhunscoile na ceistneoirí ar líne, ag úsáid chóras SurveyMonkey.

Ar an iomlán bhí ráta ard freagartha i gceist i measc na múinteoirí: 84.0%.

<sup>12</sup> Níor thug cúigear rannpháirtithe le fios cé acu Ráth Chairn nó Baile Ghib a bhfuil cónaí orthu ann.

<sup>13</sup> Sa tuairisc seo, nuair a thagraítear do ‘scoileanna an LPT’ glactar leis gurb iad na trí scoil a ghlac páirt sa taighde seo atá i gceist.

Scoil	Líon múinteoirí	Líon ceistneoirí a líonadh	Ráta freagartha
<b>Scoil Ultain Naofa</b>	4	4	100.0%
<b>Scoil Uí Ghramhnaigh</b>	8	8	100.0%
<b>Coláiste Pobail Ráth Chairn</b>	13	9	69.2%
<b>Iomlán</b>	<b>25</b>	<b>21</b>	<b>84.0%</b>

Tábla 4.2: Ceistneoir na Múinteoirí Scoile – Ráta Freagartha

Chomh maith leis sin, líon gach duine den triúr príomhoidí an bhileog don phríomhoide.

#### Ceistneoir na Stiúrthóirí/Cúntóirí Naíonra

Tá dhá naíonra lonnaithe i LPT Ráth Chairn agus Bhaile Ghib – Naíonra Ráth Chairn a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta, agus Hillview Montessori i mBaile Ghib a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Bhíodh naíonra Gaeltachta ag feidhmiú i mBaile Ghib chomh maith ach dúnadh é in 2016.

D'aontaigh an dá naíonra páirt a ghlacadh sa taighde seo. Iarradh ar stiúrthóirí nó ar bhainisteoirí na naíonraí billeog a líonadh le heolas ginearálta a thabhairt faoin naíonra, agus iarradh ar na stiúrthóirí agus na cúntóirí ar fad ceistneoir a líonadh chomh maith. Tosaíodh ag scaipeadh na gceistneoirí ar an 31 Márta 2017 agus líonadh an ceistneoir deireanach ar an 28 Meitheamh 2017.

Tugadh ceistneoirí i nGaeilge amháin don naíonra Gaeltachta agus ceistneoirí dátheangacha don naíonra atá ag feidhmiú trí Bhéarla. Bhí deis ag foireann na naíonraí na ceistneoirí a líonadh ar líne (ar SurveyMonkey) nó ar pháipéar. Ar an iomlán bhí ráta freagartha íseal go leor i measc foireann na naíonraí: 30.8%.

Naíonra	Líon stiúrthóirí/cúntóirí	Líon ceistneoirí a líonadh	Ráta freagartha
<b>Naíonra Ráth Chairn</b>	10	1	10.0%
<b>Hillview Montessori</b>	3	3	100.0%
<b>Iomlán</b>	<b>13</b>	<b>4</b>	<b>30.8%</b>

Tábla 4.3: Ceistneoir na Stiúrthóirí/Cúntóirí Naíonra - Ráta Freagartha

Níor líon ach bainisteoir Hillview Montessori an bhileog 'Eolas Ginearálta faoin Naíonra'. Mar gheall ar chúrsaí eitice agus rúndachta, áfach, ní féidir an t-eolas sin a chur i láthair anseo<sup>14</sup>.

#### Ceistneoir na nDaoine Óga

Fuarthas cead ó Scoil Ultain Naofa, ó Scoil Uí Ghramhnaigh agus ó Choláiste Pobail Ráth Chairn taighde a dhéanamh i measc a gcuid daltaí. Iarradh ar na bunscoileanna ceistneoirí a thabhairt do dhaltaí Rang 5 agus Rang 6, agus ar an iarbhunscoil ceistneoirí a thabhairt do dhaltaí i ngach bliain. Roghnaíodh an dá rang is sine sna bunscoileanna sa gcaoi go mbeadh na rannpháirtithe in ann na ceistneoirí a léamh, a thuiscint agus a fhreagairt gan cúnamh ná ionchur ó na múinteoirí. Tosaíodh ag scaipeadh na gceistneoirí ar an 29 Márta 2017 agus líonadh an ceistneoir deireanach ar an 18 Bealtaine 2017.

Pléadh an ceistneoir le hionadaithe ó na scoileanna agus socráiodh go mbeifí ag teacht salach ar pholasáí teanga na scoileanna dá n-úsáidfi ceistneoir dátheangach. Mar sin, is ceistneoir aonteangach Gaeilge a tugadh do na daoine óga sa LPT.

Tugadh rogha do na scoileanna na ceistneoirí a dhéanamh ar líne (trí chóras SurveyMonkey) nó ar pháipéar, agus is ar pháipéar a rinne na trí scoil iad.

Ar an iomlán bhí ráta ard freagartha ar an gceistneoir seo: 85.2%.

<sup>14</sup> Fágtaí freagraí roinnt ceisteanna ar lár d'fhoinn rúndacht na rannpháirtithe a chinntiú.

Scoil	Líon daltaí <sup>15</sup>	Líon ceistneoirí a líonadh	Ráta freagartha
<b>Scoil Ultain Naofa</b>	21	19	90.5%
<b>Scoil Uí Ghramhnaigh</b>	47	46	97.9%
<b>Coláiste Pobail Ráth Chairn</b>	115	91	79.1%
<b>Iomlán</b>	<b>183</b>	<b>156</b>	<b>85.2%</b>

Tábla 4.4: Ceistneoir na n Daoine Óga – Ráta Freagartha

#### Ceistneoir na dTuismitheoirí/Caomhnóirí

Scaipeadh an ceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí trí na scoileanna agus na naíonraí seo a leanas: Coláiste Pobail Ráth Chairn, Scoil Uí Ghramhnaigh, Scoil Ultain Naofa, Naíonra Ráth Chairn, Hillview Montessori.

Iarradh ar phríomhoidí na scoileanna agus ar stiúrthóirí na naíonraí nasc chuig an gceistneoir ar líne (ar SurveyMonkey) nó cóip crua den cheistneoir a chur chuig tuismitheoirí/caomhnóirí gach páiste atá ag freastal ar an scoil/naíonra. Iarradh ar dhuine amháin de na tuismitheoirí/caomhnóirí sin an ceistneoir a líonadh thar ceann an teaghlaigh. Is ceistneoirí dátheangacha a bhí i gceist.

Tosaíodh ag scaipeadh na gceistneoirí ar an 4 Aibreán 2017 agus líonadh an ceistneoir deiridh ar an 27 Meitheamh 2017.

Ní féidir an ráta freagartha a ríomh go cruinn i gcás an cheistneora seo mar nach raibh figiúirí cruinne ag cuid de na scoileanna/naíonra maidir leis an líon tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar an scoil/naíonra. Meastar gur seoladh ceistneoirí chuig 388 teaghlaigh nó thart air sin, agus tháinig 173 acu sin ar ais. Fágann sé sin go bhfuarthas ráta freagartha de 44.6%.

#### 4.2.2.3. Grúpaí Fócais

Nuair a bhí an analís déanta ar na ceistneoirí, socraíodh dhá ghrúpa fócais a eagrú d'fhoinn tuilleadh moltaí a fháil ó spriocghrúpái áirithe, go háirithe i dtaca le bearta an phlean teanga. Tugadh cuireadh do mhúinteoirí scoile agus do stiúrthóirí/chúntóirí naíonra an LPT páirt a ghlaicadh i ngrúpa fócais a reáchtáladh ar an 14 Samhain 2017. Pléadh tortaí cheistneoirí na múinteoirí scoile, na stiúrthóirí/cúntóirí naíonra agus na ndaoine óga ag an gcruiinniú seo agus iarradh ar an lucht freastail machnamh a dhéanamh ar bhealaí le dul i bhfeidhm ar na cleachtais a léirítear sa taighde agus bearta a mholadh dá réir. Bhí 15 dhuine i láthair ar an oíche, idir mhúinteoirí bunscoile agus foireann Naíonra/Ionad Cúram Leanaí Ráth Chairn. Ní raibh foireann Choláiste Pobail Ráth Chairn in ann a bheith i láthair, ach cuireadh liosta de na bearta molta i réimse an oideachais chucu agus tugadh deis dóibh a gcuid moltaí féin a dhéanamh trí ríomhphost a chur chuig an gcomhairleoir pleánála teanga.

Tugadh cuireadh don lucht gnó, d'eagraíochtaí áitiúla agus do na cumainn áitiúla CLG páirt a ghlaicadh i ngrúpa fócais eile a reáchtáladh ar an 21 Samhain 2017. Ní raibh taighde cainníochtúil ar bith déanta ar an spriocghrúpa seo mar gur measadh go raibh an grúpa róbheag, mar sin tugadh eolas ginearálta do lucht freastail an ghrúpa fócais faoin bpróiseas pleánála teanga, faoi aidhm an phlean teanga agus faoi na tortaí taighde. Iarradh orthu ansin bearta a mholadh maidir le seasamh na Gaeilge a láidriú sa réimse poioblí. Ghlac deichniúr páirt sa ngrúpa fócais seo.

### 4.3. Táital

Baineadh úsáid as feachtas comhordaithe feasachta le linn thréimhse ullmhaithe an phlean teanga leis an bpobal a choinneáil ar an eolas faoin bpróiseas, le díospóireacht a chothú faoi

<sup>15</sup> Tá na figiúirí seo bunaithe ar fhaisnéis na bpríomhoidí. I gcás an dá bhunscoil, níl i gceist sa tábla seo ach líon na ndaltaí i Rang 5 agus i Rang 6.

chúrsaí teanga sa LPT agus le pobal an LPT a spreagadh le páirt a ghlacadh sa taighde agus ionchur a bheith acu sa bplean.

Ar an iomlán, fuarthas 817 ceistneoir líonta ar ais ón bpobal, chomh maith le roinnt tuairimí agus moltaí a seoladh chuig an gcomhairleoir pleanála teanga neamhspleáach ar na ceistneoirí. Chomh maith leis sin, ghlac 25 duine páirt sna grúpaí fócais.

Bhí lógó CPTGM le feiceáil go soiléir ar gach ceistneoir agus ar bhileoga eile a úsáideadh le linn an taighde, rud a chuidigh leis an gcoiste feasacht a ardú ar an bpróiseas. Rinne an comhairleoir pleanála teanga analís ar na torthaí taighde idir mí Bealtaine agus mí Mheán Fómhair 2017 agus cuirtear na torthaí agus an analís sin i láthair sa gcéad mhír eile.

## 5. Torthaí an Taighde

### 5.1. Réamhrá

Cuirtear i láthair sa mír seo torthaí an taighde ar tugadh faoi mar chuid d'ullmhú an phlean teanga (féach rannóg 4.2). Déantar na torthaí a roinnt de réir cúig spriocghrúpa:


Spriocghrúpa	Leathanach
Pobal an LPT i gcoitínne	21
Daoine Óga	30
Tuismitheoirí agus Caomhnóirí	43
Múinteoirí Scoile	57
Foireann Naónraí	71

Tábla 5.1: Spriocghrúpaí

### 5.2. Pobal an LPT

#### 5.2.1. Eolas Ginearálta faoin Sampla

Tá 53.1% den sampla ina gcónaí i Ráth Chairn agus 45.8% ina gcónaí i mBaile Ghib<sup>16</sup>, agus is as an LPT seo ó dhúchas an leathchuid de na rannpháirtithe:



Figiúr 5.1: Áit Dúchais na Rannpháirtithe

Den deichniúr a thuairiscíonn gurb as áit eile iad ó dhúchas, is as tír eile san Eoraip ceathrar acu, as Sasana triúr acu agus as SAM triúr acu.


Tá an chuid is mó de na rannpháirtithe níos sine ná 45 bliain d'aois:

Aoisghrúpa	Líon rannpháirtithe	Seans (%)
18-24	21	(4.5%)
25-34	59	(12.7%)
35-44	92	(19.9%)
45-54	98	(21.2%)
55-64	111	(24.0%)
65+	80	(17.3%)
Gan freagra	2	(0.4%)
<b>Iomlán</b>	<b>463</b>	<b>(100.0%)</b>


Tábla 5.2: Aoiseanna na Rannpháirtithe

<sup>16</sup> Níor fhreagair 1.1% de rannpháirtithe an cheist.

Nuair a dhéantar comparáid idir rannpháirtithe an taighde seo agus torthaí Dhaonáireamh 2016 (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017), feictear go bhfuil an déimeagrafach a léirítear sa sampla réasúnta ionadaíoch ar dhaonra an LPT:



Figiúr 5.2: Céatadán den Sampla de réir Aoisgrúpa



Figiúr 5.3: Céatadán de Dhaonra an LPT de réir Aoisgrúpa (*ibid.*)

I gcomparáid leis an daonra iomlán, tá céatadán níos lú den sampla taighde faoi bhun 34 bliain d'aois. Baineann an difríocht leis an gcaoi ar scaipeadh na ceistneoirí: níor iarradh ach ar dhuine amháin i ngach teaghlaigh an ceistneoir a líonadh, agus meastar gurbh iad na daoine ba shine sna teaghlaigh a líon na ceistneoirí den chuid is mó (m.sh. tuismitheoirí).


Cuireadh ceist ar na rannpháirtithe a bhfuil páistí acu atá in aois scoile cén cineál scoile a bhfuil a gcuid páistí ag freastal uirthi. Deir formhór na rannpháirtithe sin go bhfreastalaíonn a gcuid páistí ar scoil ina múintear na hábhair uilig trí Ghaeilge:

	Líon rannpháirtíthe	Céatadán
Múintear na hábhair uilig (seachas an Béarla/teangacha eile) trí Ghaeilge	95	54.0%
Múintear na hábhair trí Ghaeilge agus trí Bhéarla (meascán)	16	9.1%
Múintear na hábhair uilig (seachas an Ghaeilge) trí Bhéarla lomlán	65	36.9%
	<b>176</b>	<b>100.0%</b>

Tábla 5.3: Cineálacha Scoileanna

Léiríonn cuid de na 176 rannpháirtí sin an fáth ar roghnaigh siad an scoil sin dá bpáistí<sup>17</sup>:

<sup>17</sup> Níor fhreagair 55 de na 176 rannpháirtí an cheist seo.




Figiúr 5.4: Fáthanna

Mar a léirítear thuas, roghnaigh formhór na rannpháirtithe scoil dá bpáistí mar go raibh sé gar don teach nó don láthair oibre. Rinne roinnt mhaith rannpháirtithe an cinneadh mar gheall ar an nGaeilge nó ar stádas na scoile mar scoil Ghaeltachta: i gcás na rannpháirtithe a chuir a gcuid páistí chuig scoil mheasctha nó scoil Bhéarla, rinneadh an cinneadh de barr nach raibh Gaeilge nó nach raibh a ndóthain Gaeilge acu.

### 5.2.2. Cúlra agus Cumas Teanga


Tuairiscíonn 55.3% de na rannpháirtithe go bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge réasúnta maith acu:



Figiúr 5.5: Cumas Gaeilge

Tagann an toradh seo le tortaí Dhaonáireamh 2016, ina léiríodh go raibh cumas Gaeilge ag 59.8% de dhaonra an LPT (*ibid.*).

Mar sin féin, ní thuairiscíonn ach 27.3% de na rannpháirtithe gur Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó a labhraíodh sa mbaile agus iad ag fás aníos:




Figiúr 5.6: Cúlra Teanga na Rannpháirtithe

De na 72 rannpháirtí a deir gur Gaeilge amháin a labhraíodh sa mbaile agus iad ag fás aníos, is as Ráth Chairn, Baile Ghib nó ceantar Gaeltachta eile 'chuile dhuine acu, agus is as an nGaeltacht 87.0% de na rannpháirtithe a tógadh le Gaeilge den chuid is mó.

Deir 100 rannpháirtí (21.6% den sampla iomlán) go bhfuil Gaeilge líofa acu agus gur Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó a labhraíodh sa mbaile agus iad ag fás aníos, mar sin is féidir glacadh leis gur cainteoirí dúchais Gaeilge thart ar an gcúigiú cuid den sampla.

### 5.2.3. Cleachtas Teanga

Dar leis an taighde seo go labhraíonn 31.8% den phobal Gaeilge ar bhonn laethúil:



Fíghír 5.7: Minicíocht Labhairt na Gaeilge

Tagann na figiúirí seo go beacht le taighde eile atá déanta ar an ábhar seo le deich mbliana anuas (Ó Giollagáin et al., 2007b; Ó Giollagáin & Charlton, 2015; An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017):

	Daonáireamh 2006	Daonáireamh 2011	Daonáireamh 2016 <sup>18</sup>	Taighde CPTGM 2017	Athrú 2006-2017 (i bpóintí céatadáin)
<b>Ráth Chairn</b>	43.2%	47.8%	-	44.7%	+ 1.5%
<b>Baile Ghib</b>	22.4%	26.2%	-	17.5%	- 4.9%
<b>LPT iomlán</b>	31.2%	35.6%	31.6%	31.9%	+ 0.7%


Fíghír 5.8: Cainteoirí Laethúla Gaeilge 2006-2017

Feictear mar sin, in ainneoin gur tháinig titim 4.9% ar chéatadán na gcainteoirí laethúla Gaeilge i gceantar Bhaile Ghib idir 2006 agus 2017, go bhfuil céatadán na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa LPT ina iomláine réasúnta seasmhach. Meastar go bhfuil an t-ardú de 0.7% a tháinig ar an gcéatadán seo le linn na mblianta 2006-2017 neamhshuntasach de réir staitistice de.

Deir 29.7% den sampla go labhraíonn siad Béarla le daoine a bhfuil a fhios acu Gaeilge a bheith ar a dtail acu go laethúil. Ar ndóigh, is daoine nach bhfuil Gaeilge acu féní cuid de na rannpháirtithe sin, ach is ábhar imní é go dtuairiscíonn beagnach 10.0% de na rannpháirtithe a bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge réasúnta maith acu go labhraíonn siad Béarla le daoine eile a bhfuil Gaeilge acu ar bhonn laethúil:


<sup>18</sup> Níl briseadh síos idir Ráth Chairn agus Baile Ghib ar fáil i bhfigíúrí Dhaonáireamh 2016.

## Mír 5: Tortháí an Taighde




Figiúr 5.9: Cleachtas Teanga idir Ghaeilgeoirí

Cuireadh ceist ar na rannpháirtithe cé chomh minic is a labhraíonn siad Gaeilge i suíomhanna éagsúla sa bpobal. Mar is léir ón bhfigiúr thíos, tá an lámh in uachtar ag an mBéalra sna suíomhanna a luaitear, agus an chuid is mó de rannpháirtithe ag tuairisciú nach labhraíonn siad Gaeilge riamh, nó nach labhraíonn siad í ach go hannamh, sa mbaile, sa láthair oibre, sa gcomharsanacht agus go sóisialta:




Figiúr 5.10: Cleachtas Teanga sa bpobal (A)

Mar a fheictear i bhFigír 5.11, is lú arís an méid Gaeilge a labhraítear sa réimse poiblí agus na rannpháirtithe ag plé le gnóthaí agus le seirbhísí éagsúla. Is cáineadh láidir ar sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge an Stáit an laghad daoine a úsáideann Gaeilge i gcónaí nó beagnach i gcónaí agus iad ag plé leis an Stát i gcomparáid le céatadán na rannpháirtithe a labhraíonn Gaeilge i gcónaí nó beagnach i gcónaí i siopaí, le seirbhísí áitiúla agus le seirbhísí reiligiúnacha:



Figiúr 5.11: Cleachtas Teanga sa bPobal (B)

Má dhéantar na staitisticí sin a bhriseadh síos idir Ráth Chairn agus Baile Ghib, feictear go labhraíonn céatadán níos airde rannpháirtithe a bhfuil cónaí orthu i Ráth Chairn an Ghaeilge i siopáí agus ag seirbhísí reiligiúnacha ná rannpháirtithe a bhfuil cónaí orthu i mBaile Ghib:

Figiúr 5.12: Siopaí, Gnóthaí agus Seirbhísí Reiligiúnacha: Briseadh Síos Ráth Chairn/Baile Ghib<sup>19</sup>


Ar ndóigh, is féidir go mbaineann an patrún seo le céatadán na rannpháirtithe sa dá áit a bhfuil inniúlacht acu sa nGaeilge (tuairiscíonn 61.6% de na rannpháirtithe i Ráth Chairn go bhfuil Gaeilge líofa nó réasúnta maith acu, le hais 50.7% i mBaile Ghib). Ina dhiaidh sin fén, is féidir go léirítear sa bhfigír thuas an tionchar a imrítear ar chleachtas teanga an phobail nuair a chuirtear seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge: bíonn Aifreann Gaeilge agus siopa á reáchtáil trí Ghaeilge i Ráth Chairn, seirbhísí nach bhfuil ar fáil ach amháin trí Bhéarla i mBaile Ghib.

## 5.2.4. Áiseanna agus Seirbhísí


Léirítear sna figiúirí thíos an úsáid a bhaineann pobal an LPT as áiseanna agus as seirbhísí áirithe atá lonnaithe taobh istigh den LPT. Cé go mbíonn roinnt rannpháirtithe ó Bhaile Ghib ag baint úsáide as áiseanna agus seirbhísí i Ráth Chairn – agus a mhalaire – ní mórán iad agus mar sin baineann na céatadáin i bhFigiúr 5.14 leis na rannpháirtithe a bhfuil cónaí orthu i Ráth Chairn ( $n = 246$ ) agus na céatadáin i bhFigiúr 5.15 leis na rannpháirtithe a bhfuil cónaí orthu i mBaile Ghib ( $n = 212$ ).

<sup>19</sup> Céatadáin bunaithe ar líon na rannpháirtithe ón dá áit a d'fhreagair an cheist sin.

## Mír 5: Tortháí an Taighde




Figiúr 5.13: Áiseanna agus Seirbhísí i Ráth Chairn



Figiúr 5.14: Áiseanna agus Seirbhísí i mBaile Ghib

Is gá a chinntíú go mbíonn an Ghaeilge feiceálach agus in úsáid mar ghnáthchleachtas teanga sna háiteanna sin sa LPT a mbíonn an pobal ag freastal orthu go minic, go háirithe, mar shampla, Siopa an Phobail agus Áras Chuimhneacháin Phádraig i Ráth Chairn agus Siopa Daybreak agus Eaglais Chaitríona Naofa i mBaile Ghib, áit a mbíonn níos mó ná an tríú cuid den phobal ann ar bhonn seachtainiúil nó níos minice.


Déanann an mhórchuid den sampla (74.9%) a gcuid siopadóireachta san Uaimh nó i mBaile Átha Troim go príomha. Bunaithe ar na staitisticí sin, b'fhiú go mór breathnú ar fhéidearthachtaí maidir le freastal trí mheán na Gaeilge a dhéanamh ar phobal na Gaeltachta sa dá áit sin ach go háirithe, agus ar aitheantas mar Bhaile Seirbhise Gaeltachta a bhaint amach do Bhaile Átha Troim. Chomh maith leis sin, ní deir ach 3.4% de na rannpháirtithe gur sa LPT seo go príomha a dhéanann siad a gcuid siopadóireachta, agus meastar gur fiú, mar sin, breathnú ar bhealaí leis an bpobal a mhealladh isteach chuig na siopaí beaga áitiúla níos minice – trí réimse níos leithne earraí a chur ar fáil, b'fhéidir, nó feachtas 'caith go háitiúil' a chur ar bun.



Figiúr 5.15: Siopadóireacht

### 5.2.5. Dearcadh i leith na Gaeilge


Iarradh ar na rannpháirtithe a dtuairimí a léiriú i leith ceithre ráiteas a bhaineann le cúrsai Gaeilge agus le cúrsai teanga go ginearálta:



Figiúr 5.16: Dearcadh i leith na Gaeilge (A)

Léiríonn na rannpháirtithe tacaíocht ginearálta don Ghaeilge sa LPT: creideann a bhformhór go bhfuil sé tábhachtach go mairfidh an Ghaeilge sa nGaeltacht agus go bhfuil sí feiliúnach do shaol an lae inniu. Mar a bheifí ag súil leis, is daoine le Gaeilge líofa nó réasúnta maith formhór mór na ndaoine (83.3%) a airíonn go mbíonn brú orthu Béarla a labhairt in amantaí agus is cainteoirí laethúla Gaeilge iad 62.5% acu. Deir 55.3% de na rannpháirtithe a airíonn go mbíonn brú orthu in amantaí Gaeilge a labhairt nach bhfuil aon Ghaeilge acu nó nach bhfuil ach beagán Gaeilge acu.

Tugann na rannpháirtithe a dtuairimí ar chúig ráiteas a bhfuil baint láidir acu leis an bpróiseas pleánala teanga chomh maith:



Figiúr 5.17: Dearcadh i leith na Gaeilge (B)

Léirítear i bhfreagraí na rannpháirtithe, mar sin, go bhfuil tacaíocht láidir ann i measc phobal an LPT don phróiseas pleánala teanga taobh istigh den LPT agus sna Bailte Seirbhise Gaeltachta chomh maith.

#### 5.2.5.1. Smaointe Eile

Iarradh ar na rannpháirtithe smaointe nó tuairimí breise a roinnt ag deireadh an cheistneora maidir le rudaí ba mhaith leo a fheiceáil sa bplean teanga, agus thug 118 rannpháirtí (25.5%

den sampla iomlán) freagra bailí ar an gceist seo. Tugtar sa tábla thíos na téamaí lena mbaineann na freagraí, agus tá tuilleadh sonraí maidir le freagraí na rannpháirtithe ar fáil in Aguisín I.

Téama	Líon ranpháirtithe <sup>20</sup>
<b>Deiseanna neamhfhoirmeálta foghlama agus úsáide Gaeilge do dhaoine fásta</b>	34 (28.8%)
<b>Áiseanna agus imeachtaí do dhaoine óga</b>	32 (27.1%)
<b>Ranganna Gaeilge</b>	27 (22.9%)
<b>Seirbhísí agus Gnó</b>	19 (16.1%)
<b>An Ghaeilge</b>	16 (13.6%)
<b>Tírdhreach Teangeolaíoch agus Timpeallacht Teanga</b>	13 (11.0%)
<b>Tithíocht</b>	8 (6.8%)
<b>An Córás Oideachais</b>	7 (5.9%)
<b>Tuismitheoirí agus Teaghlaigh</b>	7 (5.9%)
<b>Feasacht Teanga</b>	7 (5.9%)
<b>Tacaíochtaí Rialtais</b>	6 (5.1%)
<b>Forbairt Fhisiciúil</b>	4 (3.4%)
<b>Halla Bhaile Ghib</b>	4 (3.4%)
<b>Eile</b>	6 (5.1%)


Tábla 5.4: Smaointe/Tuairimí Eile

<sup>20</sup> Céatadáin bunaithe ar na 118 duine a thug freagra bailí ar an gceist seo.

## 5.3. Daoine Óga


### 5.3.1. Eolas Ginearálta faoin Sampla

Tugtar sa bhfigiúr thíos briseadh síos ar an sampla de réir ranga/bliana:



Figiúr 5.18: Ráta Freagartha de réir Ranga/Bliana

Tuairiscíonn formhór na ndaoine óga go bhfuil cónaí orthu i gCo. na Mí, ach taobh amuigh den LPT:




Figiúr 5.19: Áit Chónaithe na Rannpháirtithe

Is i gColáiste Pobail Ráth Chairn a bhfuil an céatadán is mó daltaí ag teacht ó thaobh amuigh den Ghaeltacht, le 79.1% den sampla ón scoil sin ag tuairisciú go bhfuil cónaí orthu i gCo. na Mí, taobh amuigh den Ghaeltacht nó i gCo. na hIarmhí<sup>21</sup>. Tá 71.7% de dhaltaí Scoil Uí Ghramhnaigh agus 47.4% de dhaltaí Scoil Ultain Naofa ina gcónaí taobh amuigh den Ghaeltacht.

Is as an LPT ó dhúchas do 19.9% de na rannpháirtithe:

<sup>21</sup> Tá gach duine óg a thugann ‘eile’ mar fhreagra ina chónaí i gCo. na hIarmhí.




Figiúr 5.20: Áit Dúchais na Rannpháirtithe

Tá 24 duine (77.4%) de na 31 duine óg arb as an LPT ó dhúchas iad ina gcónaí i Ráth Chairn, agus seachtar (22.6%) ina gcónaí i mBaile Ghib. Deir seachtar rannpháirtithe gurb as áit 'eile' ó dhúchas iad: triúr as Sasana, beirt as Maigh Eo (nach léir óna gcuid freagráí an ceantar Gaeltachta nó ceantar lasmuigh den Ghaeltacht atá i gceist), duine amháin ón mBreatain Bheag agus duine amháin ón Rúis.

### 5.3.2. Cúrla agus Cumas Teanga

#### 5.3.2.1. Cúrla Teanga

Tuairiscíonn tromlach mór na ndaoine óga (143 duine nó 91.6%) gurb é an Béarla, nó Béarla den chuid is mó, a labhraítear i gcomhthéacs an bhaile:



Figiúr 5.21: Teanga Bhaile na Rannpháirtithe


De na 41 duine óg a bhfuil cónaí orthu sa LPT, ní deir ach duine amháin acu (2.4%) gur Gaeilge amháin a labhraítear sa mbaile agus cúigear (12.2%) gur Gaeilge den chuid is mó a labhraítear sa mbaile. Tuairiscíonn 34 duine óg (82.9%) go labhraítear Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó sa mbaile. Mar a bheiff ag súil leis tá an chuid is mó (72.2%) de na daoine óga a bhfuil Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó acu sa mbaile sna haoisghráupaí níos sine (i.e. ag freastal ar an iarbhunsoil). Ní dúirt ach beirt pháistí bunscoile go bhfuil Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó acu sa mbaile.

Tá ar a laghad tuismitheoir/caomhnóir amháin le Gaeilge líofa ag 33 duine óg sa sampla (21.2%), agus tá beirt tuismitheoirí/chaomhnóirí le Gaeilge líofa nó réasúnta maith ag 19 duine (12.2%) acu. Tugtar thíos briseadh síos ar chineál na dteaghlaigh sa sampla. Sa bhfigír seo:

**A = Beirt tuismitheoirí/chaomhnóirí le Gaeilge líofa<sup>22</sup>**

<sup>22</sup> Maidir le A, E, H agus J cuirtear tuismitheoirí/caomhnóirí aonair san áireamh, mar shampla sa gcás go dtugtar 'Níl a fhios agam/Ní bhaineann' mar fhreagra i dtaca le duine de na tuismitheoirí/chaomhnóirí.

- B =** Tuismitheoir/caomhnóir le Gaeilge líofa & tuismitheoir/caomhnóir le Gaeilge réasúnta maith
- C =** Tuismitheoir/caomhnóir le Gaeilge líofa & tuismitheoir/caomhnóir le beagán Gaeilge
- D =** Tuismitheoir/caomhnóir le Gaeilge líofa & tuismitheoir/caomhnóir gan aon Ghaeilge
- E =** Beirt tuismitheoirí/chaomhnóirí le Gaeilge réasúnta maith
- F =** Tuismitheoir/caomhnóir le Gaeilge réasúnta maith & tuismitheoir/caomhnóir le beagán Gaeilge
- G =** Tuismitheoir/caomhnóir le Gaeilge réasúnta maith & tuismitheoir/caomhnóir gan aon Ghaeilge
- H =** Beirt tuismitheoirí/chaomhnóirí le beagán Gaeilge
- I =** Tuismitheoir/caomhnóir le beagán Gaeilge & tuismitheoir/caomhnóir gan aon Ghaeilge
- J =** Beirt tuismitheoirí/chaomhnóirí gan aon Ghaeilge




Figiúr 5.22: Cineál na dTeaghlaich

Mar a fheictear sa bhfigír thuas, tuairiscíonn líon ard daoine óga go bhfuil cumas íseal Gaeilge ag a dtuismitheoirí (m.sh. catagóirí H, I agus J). Arís, tá na daoine óga ar fad a bhfuil beirt tuismitheoirí/chaomhnóirí le Gaeilge líofa acu (i.e. seisear) sna haoisghrápaí níos sine: an tríú bliain, an Idirbhliain agus an cúigíú bliain san iarbhunscoil. Ní deir ach beirt den seisear sin go labhraítear Gaeilge amháin sa mbaile, áfach. Tá an Béarla in uachtar sa mbaile ag an gceathrar eile. Tagann sé seo leis an méid a tuaradh sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (SCT), gur lánúineacha le cumais éagsúla teanga is mó a bheas i gceist i gcomhthéacs na Gaeltachta feasta (2007: 27).

### 5.3.2.2. Cumas Teanga

Iarradh ar na daoine óga cur síos a dhéanamh ar a gcumas teanga féin chomh maith. Mar is léir ó Fígiúr 5.23, tuairiscíonn formhór na rannpháirtithe go bhfuil Gaeilge líofa acu. Ní léir go bhfuil aon bhaint ag cúlra teanga ná ag aois na rannpháirtithe lena gcumas sa nGaeilge. Ar ndóigh, an oiread le léamh na ndaoine óga ar chumas Gaeilge a dtuismitheoirí/caomhnóirí, ní féidir brath ar na staitisticí seo mar gur féintuairisciú atá i gceist. Is féidir glacadh leis óna gcuid




Figiúr 5.23: Cumas Gaeilge na Rannpháirtithe freagraí, áfach, go bhfuil an chuid is mó de na daoine óga muiníneach as a gcuid Gaeilge.

### 5.3.3. Cleachtas Teanga

#### 5.3.3.1. Cleachtas Teanga sa mBaile


Léirítear i dtorthaí an taighde seo gurb é an Béarla atá go mór in uachtar i réimse an bhaile. Tuairiscíonn líon ard daoine óga nach labhraíonn a dtuismitheoirí/caomhnóirí Gaeilge le chéile agus nach labhraíonn siad féin Gaeilge le ceachtar dá mbeirt tuismitheoirí/chaomhnóirí, riámh:



Figiúr 5.24: Cleachtas Teanga sa mBaile

Is suimiúil gur minice a úsáideann na rannpháirtithe Gaeilge lena gcuid deartháireacha/deirfiúracha ná le tuismitheoirí/caomhnóirí. Is féidir go mbaineann sé sin le cumas Gaeilge na dtuismitheoirí/caomhnóirí (mura bhfuil ach beagán Gaeilge ag na tuismitheoirí/caomhnóirí, is féidir leis na páistí í a úsáid mar ‘theanga rúnda’ eatarthu féin) nó le deartháireacha agus deirfiúracha a bheith ag idirghníomhú le chéile taobh istigh de chomhthéacs na scoile, áit a mbíonn cleachtas teanga níos fabhraí ó thaobh na Gaeilge de i bhfeidhm (féach rannóg 5.3.3.2).

Tá na patrún úsáide Gaeilge beagánín níos airde i measc na ndaoine óga a bhfuil cónaí orthu taobh istigh den LPT, ach mar sin féin is léir go bhfuil an Béarla go mór in uachtar i measc tuismitheoirí/caomhnóirí agus idir daoine óga agus a gcuid tuismitheoirí/caomhnóirí:



Figiúr 5.25: Cleachtas Teanga sa mBaile (Gaeltacht)


Mar sin féin, aontaíonn tromlach an tsampla (91 duine nó 58.3%) go spreagann a dtuismitheoirí/chaomhnóirí iad le Gaeilge a labhairt. Easaontáinn 24.4% de na daoine óga leis an ráiteas céanna, agus deir 15.4% nach bhfuil a fhios acu nó nach bhfuil tuairim láidir acu faoi<sup>23</sup>.

### 5.3.3.2. Cleachtas Teanga i gComhthéacs na Scoile

Is léir go n-imríonn polasaí teanga scoileanna an LPT tionchar dearfach ar chleachtas teanga na ndaoine óga agus iad ar scoil, áfach. Tuairiscíonn formhór mór na ndaoine óga gur labhair


<sup>23</sup> Níor fhreagair 1.9% den sampla an cheist seo.

siad Gaeilge i gcónaí, beagnach i gcónaí nó go minic le múinteoirí agus lena gcuid cairde (94.2% agus 66.1% faoi seach) agus iad ar scoil le seachtain anuas:



Figiúr 5.26: Cleachtas Teanga sa Scoil

In ainneoin na gcéatadán ard seo, is léir go dtagann laghdú ar úsáid na Gaeilge i gcomhthéacs na scoile de réir mar a théann na daltaí in aois. Tuairiscíonn 89.2% de na daltaí bunscoile gur labhair siad Gaeilge i gcónaí nó beagnach i gcónaí lena gcuid múinteoirí le seachtain anuas, agus 41.5% gur labhair siad Gaeilge i gcónaí nó beagnach i gcónaí le cairde. I measc daltaí iarbunscoile, áfach, titeann na figiúirí sin go dtí 72.7% agus 9.1% faoi seach<sup>24</sup>.




Figiúr 5.27: Cleachtas Teanga sa Scoil de réir Ranga/Bliana

### 5.3.3.3. Cleachtas Teanga sa bPobal

Cuireadh ceist ar na daoine óga cé chomh minic is a labhair siad Gaeilge taobh amuigh den scoil le seachtain anuas, agus tuairiscíonn an tromlach (62.8%) nár labhair siad aon Ghaeilge nó nár labhair siad ach beagán Gaeilge. Mar sin féin, deir líon réasúnta ard daoine óga (44 duine nó 28.2%) gur labhair siad Gaeilge 'anois is arís' taobh amuigh de chomhthéacs na scoile le seachtain anuas:

<sup>24</sup> Céatadáin bunaithe ar na 88 duine óga ón iarbunscoil a d'fhreagair an cheist seo.




Figiúr 5.28: Cleachtas Teanga taobh amuigh den Scoil

Den 11 duine a labhair Gaeilge 'gach lá', tá seachtar acu (63.6%) ina gcónaí sa nGaeiltacht agus deir cúigear (45.5%) gur Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó a labhraítear sa mbaile.


#### Cleachtas Teanga sa bPobal

Cuireadh ceist ar na daoine óga cén teanga a labhraíonn siad le daoine éagsúla sa bpobal. Is le lucht na siopaí agus le comharsana is mó a labhraítear Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó (21.2% agus 9.0% faoi seach), ach mar sin féin is é an Béarla atá go mór in uachtar i ngach cás:




Figiúr 5.29: Cleachtas Teanga sa bPobal

Bheifí ag súil go mbeadh cumas Gaeilge níos airde i measc an phobail taobh istigh den Ghaeltacht ná taobh amuigh di, agus go deimhin feictear go labhraíonn céatadán níos airde daoine óga a bhfuil cónaí orthu sa LPT Gaeilge le comharsana i gcomparáid leis an sampla ina ionnláine. In ainneoin go dtuairiscíonn 5.1% de na rannpháirtithe Gaeltachta go labhraíonn siad Gaeilge den chuid is mó lena gcuid cairde taobh amuigh den scoil, is ábhar imní é gur airde céatadán na rannpháirtithe Gaeltachta a labhraíonn Béarla amháin leis na cairde ná an céatadán den sampla ionnlán:



Figiúr 5.30: Cleachtas Teanga sa bPobal (Gaeltacht)

Tá siopa agus caifé á reáchtáil trí Ghaeilge taobh istigh den LPT, agus tá an dá áit sin lonnaithe i Ráth Chairn. Léirítear sa bhfigiúr thíos an tionchar dearfach a imríonn seirbhísí den chineál sin a bheith ar fáil go háitiúil agus trí Ghaeilge ar chleachtas teanga daoine óga:




Figiúr 5.31: Cleachtas Teanga sa bPobal (Siopa agus Caifé, Ráth Chairn)

### Caitheamh Aimsire

Maidir le caitheamh aimsire, is iad campaí samhraidh, peil agus ceol na gníomhaíochtaí is mó a mbíonn tóir orthu i measc daoine óga, le níos mó ná leath den sampla á ndéanamh (62.2%, 59.0% agus 54.5% faoi seach). I gcás gach gníomhaíochta, is mó líon na rannpháirtithe a thuairiscíonn go labhraíonn siad Béarla agus iad á déanamh ná líon na rannpháirtithe a labhraíonn Gaeilge nó meascán de Ghaeilge agus Béarla:

## Mír 5: Torthaí an Taighde




Figiúr 5.32: Caitheamh Aimsire

Mar a fheictear thusa, is ag ranganna ceoil, ag ranganna amhránaíochta agus ag campáil samhraidh is mó a labhraítear Gaeilge (17.9%, 12.2% agus 8.3% faoi seach). I bhfianaise go n-aontaíonn 84.6% de na rannpháirtithe leis an ráiteas ‘Má labhraíonn duine Gaeilge liom, freagraím i nGaeilge iad i gcónaí’, áfach, shamhlófaí go bhféadfai rátaí úsáide Gaelige i measc daoine óga a mhéadú dá reáchtálfai níos mó caitheamh aimsire agus imeachtaí trí Ghaeilge<sup>25</sup>.

### Teicneolaíocht agus na Meáin Chumarsáide


Feictear gur ísele rátaí úsáide Gaelige i measc daoine óga agus iad ag plé le teicneolaíocht nó in aon réimse eile a scrúdaítear sa taighde seo:



Figiúr 5.33: Cleachtas Teanga agus Cúrsaí Teicneolaíochta

Chomh maith leis sin, aontaíonn níos lú ná 20.0% de na rannpháirtithe go mbreathnaíonn siad ar chláir teilifise Ghaeilge go minic:


<sup>25</sup> Easaontaíonn 7.0% den sampla leis an ráiteas céanna, deir 5.8% nach bhfuil a fhios acu nó nach bhfuil tuairim láidir acu faoi, agus níor fhreagair 2.6% an cheist.



Figiúr 5.34: Cláir Teilihise

### Tearmainn Teanga

Cuireadh ceist ar na daoine óga an bhfuil aon áit sa gceantar a labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí nó beagnach i gcónaí agus iad ann. Deir 70 rannpháirtí (44.9%) go bhfuil, 83 (53.2%) nach bhfuil agus níor fhreagair triúr (1.9%) an cheist. Iarradh ar na daoine óga a deir go bhfuil áit mar sin ann an áit a shonrú agus tá coimriú déanta ar a gcuid freagraí sa bhfigír thíos:




Figiúr 5.35: Tearmainn Teanga

Luaitear roinnt áiteanna/suíomhanna eile ach ní chuirtear san áireamh iad thus de bharr nach luann ach duine amháin (0.6%) nó beirt (1.3%) iad.

### 5.3.4. Dearcadh i leith na Gaeilge

Iarradh ar na daoine óga a ndearchaí a léiriú i leith seacht ráiteas éagsúla a bhaineann le cúrsaí teanga:




Figiúr 5.36: Dearcadh i leith na Gaeilge

Léiríonn tortaí na ceiste seo go bhfuil tacáiocht ghinearálta ann don phlean teanga i measc an aosa óig: ba mhaith le tromlach mór den sampla go maireadh an Ghaeilge sa LPT, go mbeadh tuilleadh deiseanna úsáide Gaeilge ann do dhaoine óga agus go mbeadh an Ghaeilge níos feiceálaí sa LPT. Chomh maith leis sin, creideann 43.6% de na rannpháirtithe go bhfeileann an Ghaeilge do shaol an duine óig agus níl ach 9.6% ar a mhalaist de thuairim.


Maidir le cumas agus cleachtas teanga, in ainneoin go ndeir 60.3% den sampla go bhfuil Gaeilge líofa acu, aontaíonn níos mó ná an leathchuid acu (53.2%) gur éasca Béarla a scríobh agus a labhairt ná Gaeilge. Mar sin féin, dearbhaíonn 68.0% den sampla go bhfuil muinín acu as a gcuid Gaeilge. Níl deighilt chomh mór céanna le feiceáil sa sampla maidir le rogha teanga: tuairiscíonn 37.2% gur fearr leo Béarla a labhairt ná Gaeilge, 28.0% gur fearr leo Gaeilge a labhairt ná Béarla, agus deir 30.1% nach bhfuil a fhios acu nó nach bhfuil tuairim láidir acu faoin ráiteas. Is suimiúil nach bhfuil ach seachtar de na 45 duine óg (15.6%) a deir gur fearr leo Gaeilge a labhairt ná Béarla ina gcónai taobh istigh den Ghaeltacht, agus ní thuairiscíonn ach cúigear de na 45 duine céanna (11.1%) go labhraítear Gaeilge amháin ná Gaeilge den chuid is mó sa mbaile.

#### 5.3.4.1. Dearcadh i leith Imeachtaí, Áiseanna agus Acmhainní Gaeilge

Ar an mórchóir, léiríonn na daoine óga a ghlac páirt sa taighde seo go mbeadh suim acu in imeachtaí Gaeilge:




Figiúr 5.37: Imeachtaí Gaeilge (A)



Figiúr 5.38: Imeachtaí Gaeilge (B)

Mar a léirítear sa dá fhigiúr thuas, bheadh spéis ag na daoine óga i dtráth na gceist, i dturais taobh amuigh den LPT agus i scéim mhalaire le scoileanna i nGaeltachtaí eile ach go háirithe, agus iad á reáchtáil trí Ghaeilge.

Caithfear cuimhneamh, áfach, go bhfuil raon leathan aoiseanna i gceist leis an sampla seo (Rang 5 sa mbunscoil go dtí bliain na hArdteistiméireachta), agus nach mbíonn na haoisghrúpaí sin ar fad ag sóisialú le chéile. Le haghaidh a thabhairt ar na cineálacha éagsúla imeachtaí a bheadh ag teastáil ó aoisghrúpaí éagsúla, tá freagraí na ceiste seo roinnt idir trí aoisghrúpa thíos: Rang 5 agus Rang 6 (c.11-12 bliain d'aois), 1ú-3ú Bliaín (c. 13-15 bliana d'aois) agus 4ú-6ú Bliaín (c. 16-19 mbliana d'aois).



Figiúr 5.39: Imeachtaí Gaeilge de réir Aoisghráupa<sup>26</sup>


Léirítear sa bhfigiúr thusa céatadán na ndaoine óga i ngach aoisghráupa a deir go mbeadh suim nó an-suim acu sna himeachtaí éagsúla. Seo a leanas na trí imeacht ba mhó a mbeadh tóir orthu i measc gach aoisghráupa:

<b>Aoisghráupa 1</b>	Tráth na gCeist i nGaeilge (73.0%)
	Scéim mhalaирte le scoileanna i nGaeilteachtaí eile (63.5%)
	Turais taobh amuigh den cheantar trí Ghaeilge (63.5%)
<b>Aoisghráupa 2</b>	Turais taobh amuigh den cheantar trí Ghaeilge (55.6%)
	Tráth na gCeist i nGaeilge (51.9%)
	Scéim mhalaирte le scoileanna i nGaeilteachtaí eile (44.4%)
<b>Aoisghráupa 3</b>	Imeachtaí éagsúla sóisialta (64.5%)
	Tráth na gCeist i nGaeilge (64.5%)
	Turais taobh amuigh den cheantar trí Ghaeilge (61.3%)

Tábla 5.5: Imeachtaí Gaeilge de réir Aoisghráupa

I dtaca le háiseanna agus le hacmhainní eile Gaeilge – idir áiseanna/acmhainní fisiciúla agus áiseanna/acmhainní ar líne – dearbhaíonn thart ar leath den sampla go mbainfidís úsáid astu dá mbeidís ar fáil:

<sup>26</sup> Níl san áireamh sna céatadáin seo ach na rannpháirtithe a d'fhreagair an cheist.



Fíjúr 5.40: Áiseanna/Acmhainní Eile

Níl difríocht shuntasach le feiceáil idir fhreagraí na n-aoisghrápaí éagsúla ar an gceist seo, ach amháin i dtaca leis an dara ráiteas: maíonn 67.7% den leath is óige den sampla (Rang 5, Rang 6, 1ú Bliain agus 2ú Bliain)<sup>27</sup> go mbainfidís úsáid as a leithéid d'áis, i gcomparáid le 43.1% den leath is sine (3ú Bliain – 6ú Bliain)<sup>28</sup>.

#### 5.3.4.2. Smaointe Eile

Ag deireadh an cheistneora tugadh deis do na daoine óga a gcuid moltaí féin a thabhairt ar na rudaí/imeachtaí a chuideodh leo a gcuid Gaeilge a úsáid. D'fhreagair 56 rannpháirtí (35.9%) an cheist seo, agus déantar a bhfreagraí sin a rangú sa tábla thíos. Tá tuilleadh sonraí maidir le freagraí na rannpháirtithe ar fáil in Agusín I.

Téama	Líon rannpháirtithe <sup>29</sup>	
Imeachtaí/gníomhaíochtaí	29	(51.8%)
Ionaid	8	(14.3%)
Cluichí	7	(12.5%)
Deiseanna úsáide taobh amuigh den scoil	5	(8.9%)
Gaeilge i réimse an bhaile	5	(8.9%)
Teicneolaíocht	5	(8.9%)
Oideachais	4	(7.1%)
Eile	1	(1.8%)

Tábla 5.6: Moltaí na n Daoine Óga

Is léir mar sin gur imeachtaí agus gníomhaíochtaí trí Ghaeilge an t-easnamh is mó a fheiceann na daoine óga, agus go bhfuil éileamh ann chomh maith ar spás nó ar ionad a d'fheidhmeodh mar spás neamhfhoirmiúil sóisialta do dhaoinne óga sa gceantar.

<sup>27</sup> Céatadán bunaithe ar na 96 duine óg san aoisghrápa sin a d'fhreagair an cheist seo.

<sup>28</sup> Céatadán bunaithe ar na 51 duine óg san aoisghrápa sin a d'fhreagair an cheist seo.

<sup>29</sup> Céatadán bunaithe ar na 56 duine óg a d'fhreagair an cheist seo.

## 5.4. Tuismitheoirí agus Caomhnóirí

### 5.4.1. Eolas Ginearálta

#### 5.4.1.1. Eolas Ginearálta faoi na Tuismitheoirí/Caomhnóirí


Tuairiscíonn 15.6% de na rannpháirtithe gurb as an LPT seo iad, agus tuairiscíonn 13.3% gurb as an LPT seo an tuismitheoir/caomhnóir eile. Is as poblacht na hÉireann (taobh amuigh den Ghaeltachta) an chuid is mó de na rannpháirtithe (68.2%):

	Tuismitheoir/Caomhnóir 1	Tuismitheoir/Caomhnóir 2
Ráth Chairn/Baile Ghib	15.6%	13.3%
Ceantar Gaeltachta eile	4.6%	1.7%
Poblacht na hÉireann, taobh amuigh den Ghaeltacht	68.2%	72.9%
Tuaisceart Éireann	0.6%	-
Níl a fhios agam/Ní bhaineann	-	1.2%
Eile	7.5%	6.9%
Gan freagra	3.5%	4.0%
Iomlán	100.0%	100.0%

Tábla 5.7: Áit Dúchais na dTuismitheoirí/Caomhnóirí<sup>30</sup>

De na rannpháirtithe a deir gurb as áit 'eile' dóibh féin nó don tuismitheoir/caomhnóir eile, sonraíonn 14 dhuine gurb as an Ríocht Aontaithe iad, luann triúr Stáit Aontaithe Mheiriceá agus luann ceathrar thír nó tíortha eile.

Ní thuairiscíonn ach beirt rannpháirtithe (1.2%) gurb as an LPT seo don bheirt tuismitheoirí/chaomhnóirí. I gcás an chuid is mó de na teaghlaigh sa sampla (65.8%), is as Éirinn, ach taobh amuigh den Ghaeltachta, an bheirt tuismitheoirí/chaomhnóirí:



Figiúr 5.41: Áit Dúchais na dTuismitheoirí/Caomhnóirí

Léirítear sa tábla thíos áit oibre na dtuismitheoirí/caomhnóirí:

	Tuismitheoir/Caomhnóir 1	Tuismitheoir/Caomhnóir 2
Sa mbaile	25.4%	10.4%
Ráth Chairn/Baile Ghib	8.1%	6.4%
Baile Átha Buí/An Uaimh	17.9%	19.7%
Baile Átha Troim	5.8%	8.1%
Baile Átha Cliath	17.9%	28.8%
Níl a fhios agam/Ní bhaineann	0.6%	1.2%
Eile	19.7%	17.9%
Gan freagra	4.6%	7.5%
Iomlán	100.0%	100.0%


Tábla 5.8: Áit Oibre na dTuismitheoirí/Caomhnóirí

<sup>30</sup> Sa tuairisc seo, tagraíonn 'tuismitheoir/caomhnóir 1' don duine a lón an ceistneoir agus 'tuismitheoir/caomhnóir 2' don tuismitheoir/caomhnóir eile.

Mar sin, bíonn an ceathrú cuid (25.1%) de na tuismitheoirí/caomhnóirí<sup>31</sup> ag obair sa mbaile nó taobh istigh den LPT, agus an méid céanna arís (25.7%) ag obair sna bailte timpeall ar an LPT atá ainmnithe mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta (Baile Átha Buí agus an Uaimh) nó i mBaile Átha Troim. Léiríonn na figiúirí seo go gcaithfear breathnú ar réimse an ghnó mar chuid den phróiseas pleanála teanga sa LPT agus sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus bearta a cheapadh le cur leis an méid Gaeilge a úsáidtear agus a fheictear mar chuid den saol oibre.


#### 5.4.1.2. Méid na dTeaghlaigh agus Aois na bPáistí

Is teaghlaigh le beirt pháistí is coitianta sa sampla (44.4%) agus ar an meán tá 2.5 páistí i ngach teaghlaich:



Figiúr 5.42: Méid na dTeaghlaich

Ar an iomlán, mar sin, tá 427 páiste i gceist sa sampla seo, agus an chuid is mó acu sin faoi bhun 12 bliain d'aois:




Figiúr 5.43: Aois na bPáistí

#### 5.4.2. Cumas Teanga

##### 5.4.2.1. Cumas Gaeilge na dTuismitheoirí/Caomhnóirí

Cé go dtuairiscíonn beagnach leath de na rannpháirtithe (49.7%) go bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge réasúnta maith acu, is léir nuair a bhreathnaítear ar chumas Gaeilge na dtuismitheoirí/caomhnóirí nach féidir go mbíonn an Ghaeilge in uachtar sa gcuid is mó de na teaghlaigh seo: i gcás 69.9% de na teaghlaigh níl ach beagán Gaeilge nó níl aon Ghaeilge ag tuismitheoir/caomhnóir amháin ar a laghad, agus i gcás 34.1% de na teaghlaigh tá an bheirt tuismitheoir/chaomhnóirí ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge:

<sup>31</sup>  $n = 364$  (173 tuismitheoir/caomhnóir 1 + 173 tuismitheoir/caomhnóir 2)




Figiúr 5.44: Cumas Gaeilge na dTuismitheoirí<sup>32</sup>

Ní féidir brath go hiomlán ar na staitisticí seo mar gur faoi gach rannpháirtí a bhí sé measúnú a dhéanamh ar a chumas Gaeilge féin agus ar chumas Gaeilge an tuismitheora/chaomhnóra eile. Mar sin féin, tagann an patrún a léirítear sa bhfigiúr thusa a bheag nó a mhór leis na freagraí a thug na daoine óga maidir le cumas Gaeilge a dtuismitheoirí/caomhnóirí: ní mhaíonn ach 3.8% de na daoine óga go bhfuil Gaeilge líofa ag a mbeirt tuismitheoirí/chaomhnóirí, agus deir 51.4% go bhfuil a dtuismitheoirí/caomhnóirí ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge (féach rannóg 5.3.2).

#### 5.4.2.2. Cumas Gaeilge na bpáistí

Dar leis na tuismitheoirí/caomhnóirí go bhfuil cumas Gaeilge níos airde ag na páistí ná mar atá acu féin:



Figiúr 5.45: Cumas Gaeilge na bpáistí<sup>33</sup>

Tacaíonn na staitisticí seo leis an teoric go mbíonn tionchar ag an ord breithe ar an gcumas teanga a bhaintear amach i gcás miunteangacha go ginearálta, agus go sealbhaíonn an páiste is sine an teanga níos fearr ná na páistí eile a thagann ina dhiaidh (Kirsch, 2011: 102; Ó Bróithe, 2012: 261; Ó hFearnáin, 2013: 261; Parada, 2013: 308). Míníonn Parada an feiniméan seo ar a dtugann sí 'sibling variation':

<sup>32</sup> Tá tuismitheoirí/caomhnóirí aonair san áireamh sna figiúirí seo.

<sup>33</sup> Ní chuirtear san áireamh sna céatadáin seo na ceistneoirí a thíainig ar ais gan freagra ar an gceist seo (15 ceistneoir) agus líon na rannpháirtithe a d'fhreagair 'ní bhaineann' don pháiste is óige (i. nach bhfuil ach páiste amháin acu nó nach bhfuil an páiste is óige acu ag labhairt go fóill) (31 ceistneoir). Mar sin, don pháiste is sine  $n = 158$ ; don pháiste is óige  $n = 127$ .


*younger siblings are often introduced to the majority language at an earlier age because their older siblings bring it into the home [ón scoil]; and an earlier acquisition of English carries consequences for HL [teanga oidhreachta] development (ibid., 300).*

Chomh maith leis sin, ní bhíonn deirfiúracha ná deartháireacha ag an gcéad pháiste ag tú a shaoil ar féidir leis an mhórtheanga a labhairt leo (ibid.).

I gcás na Gaeilge sa LPT seo, áfach, ní bheadh na cúinsí thuasluaite i gceist ach amhán sa gcéatadán beag teaghlaigh ina bhfuil an Ghaeilge in uachtar. Is mó an seans, i gcás an LPT seo, go mbaineann an éagsúlacht seo idir an páiste is sine agus an páiste is óige leis an scolaíocht: do pháistí ó theaghlaigh ina labhraítear Béarla amhán nó Béarla den chuid is mó, ní fhagheann siad ionchur leanúnach Gaeilge d'ardchaighdeán ach amhán agus iad ar scoil<sup>34</sup>. Luífeadh sé le ciall, mar sin, go mbeadh Gaeilge níos fearr ag na páistí a bhfuil níos mó blianta caite acu i scoileanna Gaeltachta.

Arís, áfach, ní féidir brath ar na staitisticí seo mar go mbraitheann siad ar thuairim an rannpháirtí ar chumas Gaeilge a chlainne. Mar shampla, deir 73 rannpháirtí go bhfuil beagán Gaeilge acu nó nach bhfuil aon Ghaeilge acu, agus tuairiscíonn 41 duine acu sin (60.3% nó 25.4% den sampla iomlán) go bhfuil Gaeilge líofa ag an bpáiste is sine atá acu. Mura bhfuil mórán Gaeilge ag na rannpháirtithe seo, is féidir nach mbeadh tuiscint chruinn acu ar chumas Gaeilge a bpáistí.

Tá formhór na rannpháirtithe sásta le caighdeán Gaeilge a bpáistí agus ceapann an tromlach chomh maith go raibh tionchar dearfach ag an scoil ar chumas Gaeilge a bpáistí:



Figiúr 5.46: Tuairim na dtuismitheoirí/Caomhnóirí ar Chumas Gaeilge a bPáistí

Maidir leis an dara ráiteas, 'Tá Gaeilge níos fearr ag mo pháistí ó thosaigh siad ar scoil', an patrún náisiúnta atá ann ná go bhfeictear do thromlach na dtuismitheoirí atá ina gcónaí taobh amuigh den Ghaeltacht go mbíonn dea-thionchar ag an scolaíocht ar chaighdeán Gaeilge a gcuid páistí ach go mbíonn tuismitheoirí Gaeltachta ar a mhalaire de thuairim den chuid is mó (Ní Dhoimhín, 2015: 60-1).

Feidhmíonn an sampla seo mar mhicreacosma den tír ina hiomláine. Cé go gceapann tromlach mór go raibh tionchar dearfach ag an scoil ar Ghaeilge a gcuid páistí, tá 15 rannpháirtí a easaontáíonn leis an ráiteas seo nó nach léiríonn tuairim láidir ina leith. Tá Gaeilge líofa ag tromlach na rannpháirtithe sin (12 dhuine nó 80.0%), agus Gaeilge réasúnta maith ag beirt eile. Chomh maith leis sin, de na 15 rannpháirtí sin, baineann seisear acu (40.0%) le teaghlaigh a bhfuil Gaeilge líofa ag an mbeirt tuismitheoirí/chaomhnóirí, agus triúr eile (20.0%) le teaghlaigh a bhfuil Gaeilge líofa ag tuismitheoir amhán agus Gaeilge réasúnta maith ag

<sup>34</sup> Is scoileanna Gaeltachta lán-Ghaeilge na scoileanna a ghlac páirt sa taighde seo.


an tuismitheoir eile. Mar sin, is léir go dtéann sé chun leasa na gcainteoirí óga T2 Gaeilge sa LPT go gcruthaitear ar scoil/sa naíonra ‘situations [...] in which actual communication can take place in the language’ nach bhfuil ar fáil go minic sa mbaile ná sa bpobal, agus gurb iad na scoileanna/naíonraí na suíomhanna príomha d’úsáid agus do labhairt na miunteanga ina measc sin (Hinton, 2001: 8). I measc na bpáistí a bhfuil ionchur ardchaighdeán Gaeilge ar fáil dóibh sa mbaile, áfach, tagann dearcadh a dtuismitheoirí/caomhnóirí leis an méid a deir Hickey (2007) faoin bhfreastal easnamhach ar chainteoirí T1 sna naíonraí Gaeltachta. Luíonn sé chomh maith leis na tortháí a foilsíodh i Scoil Reatha na Scoileanna Gaeltachta (2005) agus san *Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach* (2014).

Ó tharla go bhfuil formhór pháistí na scoileanna/naíonraí sa LPT ag teacht ó theaghlaigh nach bhfuil an Ghaeilge in uachtar iontu, caithfear breathnú sa bplean teanga ar dheiseanna eile neamhfhoirmiúla a chur ar fáil do na páistí le sóisialú a dhéanamh trí mheán na Gaeilge ar mhaith le cur lena n-inniúlacht sa nGaeilge agus ar bhealaí éagsúla le cuidiú le cainteoirí T1 Gaeilge a gcumas teanga féin a forbairt ar scoil agus sa naíonra. Bheifí ag súil go bhféadfáí cur le caighdeán an ionchuir Ghaeilge a fhaigheann páistí uile an LPT le bearta den chineál seo, chomh maith le forálacha an Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016).

### 5.4.3. Cleachtas Teanga

#### 5.4.3.1. Cleachtas Teanga sa Teaghlach

Léirítear sa bhfigiúr thíos an teanga/na teangacha is mó a labhraítear idir bhaill teaghlaigh éagsúla:



Figiúr 5.47: Cleachtas Teanga sa Teaghlach

I ngach cás, mar sin, tuairiscíonn níos mó ná 70.0% den sampla<sup>35</sup> go labhraítear Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó. Cé gur follasach ó na tortháí a phléitear i rannóng 5.4.2.1 nach féidir go mbíonn an Ghaeilge in uachtar i bhformhór na dteaghlaigh sa sampla, mar sin féin tugtear ón eolas a thugann na rannpháirtithe faoina gcumas Gaeilge féin, faoi chumas Gaeilge an tuismitheora/chaomhnóra eile agus faoi chumas Gaeilge a bpáistí go bhfuil sé de chumas ag na baill teaghlaigh níos mó Gaeilge a labhairt ina measc féin ach spreagadh a bheith ann dóibh. Chomh maith leis sin, tugann go leor de na rannpháirtithe le fios go mbeidís sásta an Ghaeilge a bheith in úsáid i réimse an bhaile: easaontaíonn 78.1% den sampla agus ní aontaíonn ach duine amháin (0.6%) leis an ráiteas ‘Ba mhaith liom dá mbeadh níos lú Gaeilge á labhairt sa mbaile’<sup>36</sup>. Ní mór cuimhneamh, áfach, gur féinroghnú a bhí i gceist leis an sampla

<sup>35</sup> Seachas i gcás amháin: tuairiscíonn 69.5% den sampla go labhraíonn na páistí Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó le chéile.


<sup>36</sup> Deir 6.9% nach bhfuil a fhios acu ná nach bhfuil tuairim láidir acu i leith an ráitis seo agus níor fhreagair 14.4% an cheist.

seo agus gur dócha, mar sin, gur daoine atá báúil leis an nGaeilge ba mhó a roghnaigh an ceistneoir a líonadh.

Tagann na torthaí i bhFigír 5.47 go beacht leis an bhfaisnéis a thugann na daoine óga maidir le cleachtas teanga sa mbaile (féach rannóg 5.3.3.1): is idir an bheirt tuismitheoirí/chaomhnóirí is lú a labhraítar Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó, agus idir na páistí is mó a labhraítar. Arís, meastar go mbaineann an cleachtas seo idir na páistí le húsáid na Gaeilge mar ‘theanga rúnda’ nó le deartháireacha agus deirfiúracha a bheith ag idirghníomhú le chéile taobh istigh de chomhthéacs na scoile, áit a mbíonn cleachtas teanga níos fabhraí ó thaobh na Gaeilge de i bhfeidhm (féach rannóg 5.3.3.2).


#### An Cinneadh Comhfhiúchach

Maíonn an leathchuid de na rannpháirtithe (88 duine nó 50.9%) go ndearna siad cinneadh comhfhiúchach faoin teanga a labhródíodh leis na páistí:



Figiúr 5.48: Cinneadh Comhfhiúchach


Tugann 82 duine de na 88 rannpháirtí sin eolas maidir leis an bhfáth a ndearna siad an cinneadh comhfhiúchach, agus deir an chuid is mó acu (33 duine) gur bhain an cinneadh leis an ngrá atá acu don teanga, le bród, nó leis an tábhacht a shamhláonn siad le dúchas agus/nó le cultúr na hÉireann:



Figiúr 5.49: Fáthanna leis an gCinneadh Comhfhiúchach

In ainneoin go dtuairiscíonn 57 duine de na 82 rannpháirtí a d'fhreagair an cheist seo go labhraíonn siad Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó lena bpáistí, ní luann ach deichniúr nó 17.5% acu sin fáthanna a léiríonn meon diúltach i leith na Gaeilge nó a thugann le fios go ndearnadh cinneadh comhfiosach Béarla a labhairt leis an gclann.

Deir 59.1% de na 88 duine a rinne cinneadh comhfiosach go ndearna siad an cinneadh seo sular tháinig an páiste ar an saol:




Figiúr 5.50: Cinneadh Comhfiosach - Cén uair?

Má bhreatnaítear ar na rannpháirtithe a deir go bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge réasúnta maith acu, i. na rannpháirtithe a bhfuil sé de chumas acu Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó a labhairt lena bpáistí, is cosúil go bhfuil comhghaoil ann idir an cinneadh comhfiosach, agus, go deimhin, an uair a rinneadh an cinneadh comhfiosach faoi chleachtas teanga an teaghlaigh, agus fíorchleachtas teanga sa teaghlaigh. Den deichniúr rannpháirtithe a bhfuil Gaeilge líofa nó réasúnta maith acu agus a labhraíonn Gaeilge amháin lena gclann, deir naonúr (90.0%) acu go ndearna siad cinneadh comhfiosach faoin rogha teanga sin sular tháinig na páistí ar an saol. I gcás na rannpháirtithe a labhraíonn Gaeilge den chuid is mó lena gclann, deir 66.7% acu go ndearna siad an cinneadh roimh bhreith na bpáistí agus deir 16.7% eile go ndearna siad an cinneadh go gairid i ndiaidh don pháiste teacht ar an saol. Tugtar le fios sna figiúrí seo gur fearr a éiríonn le teaghlaigh a dhéanann cinneadh comhfiosach faoi pholasáí teanga an teaghlaigh sula dtagann na páistí ar an saol cloí leis an gcinneadh sin. Tagann an tátal seo le taighde eile atá déanta ar pholasáí teanga an teaghlaigh in Éirinn agus thar lear (m.sh. Ó Giollagáin et al., 2007b: 28-9; Ó Giollagáin et al., 2007a: 446; King et al., 2008: 915-6; Kirsch, 2011: 104, 109; Ó hlfearnáin, 2013: 355; Ní Dhúda, 2014: 60; Ní Dhoimhín, 2015: 64-5, srl.)

#### 5.4.3.2. Cleachtas Teanga na bPáistí

Creideann 79.8% de na rannpháirtithe gur maith lena gcuid páistí a bheith ag labhairt Gaeilge<sup>37</sup>. Ina dhiaidh sin féin, taispeántar sa bhfigíúr thíos nach ionann é sin agus cleachtas teanga atá fabhrach don Ghaeilge a bheith in uachtar ina measc:


<sup>37</sup> Tá 2.3% ar a mhalaírt de thuairim, deir 5.8% nach bhfuil a fhios acu nó nach bhfuil tuairim láidir acu ina leith agus níor fhreagair 12.1% an cheist.



Figiúr 5.51: Cleachtas Teanga na bpáistí (A)

Feictear anseo arís tionchar na scoile ar chleachtas teanga na bpáistí: is mó i bhfad líon na bpáistí a labhraíonn Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó lena gcuid cairde ón scoil (68.8%) ná líon na bpáistí a chleachtann an nós céanna lena gcomhaoisigh agus le daoine fásta taobh amuigh den scoil (8.1% agus 14.5% faoi seach).

Iarradh ar na rannpháirtithe chomh maith an teanga/na teangacha a labhraíonn a gcuid páistí i suíomhanna éagsúla poiblí/sóisialta a shonrú, agus curtear na tortaí i láthair sa bhfigír thíos:




Figiúr 5.52: Cleachtas Teanga na bpáistí (B)

Mar sin, is ag seirbhísí reiligiúnacha agus sa siopa áitiúil is mó a labhraíonn na páistí Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó (30.6% agus 25.4% faoi seach), dar lena dtuismitheoirí/caomhnóirí. Léiríonn sé seo go gcaithfear breathnú sa bplean teanga ar bhealaí leis an gcleachtas teanga atá i bhfeidhm sna suíomhanna seo a chaomhnú, a láidriú agus a leathnú amach. Is in oifig an dochtúra, sa gcumann CLG agus i gcumainn spóirt eile is lú a labhraíonn na páistí Gaeilge (4.1%, 5.8% agus 2.3% faoi seach). Sna cumainn spóirt (an CLG san áireamh) ach go háirithe, tá sé tábhachtach dul i bhfeidhm ar an gcleachtas teanga seo mar go mbíonn na páistí ag sóisialú le chéile agus ag cruthú gréasán shóisialta sna comhthéacsanna sin. B'fhiú go mór teagmháil a dhéanamh leis na cumainn áitiúla spóirt le labhairt faoi fhéidearthachtaí maidir le polasaithe teanga a forbairt agus le húsáid na Gaeilge a mhéadú mar mheán cumarsáide.

#### 5.4.4. Seirbhísí agus Tacaíochtaí

Cuireadh ceist ar na rannpháirtithe faoin úsáid a bhaineann nó a bhain siad as seirbhísí agus tacáíochtaí áitiúla do thuismitheoirí/chaomhnóirí.


## Mír 5: Torthaí an Taighde



Figiúr 5.53: Úsáid Seirbhísí agus Tacaíochtaí Áitiúla

Mar a léirítear sa bhfigiúr thuas, baineann/bhain céatadán ard tuismitheoirí/caomhnóirí úsáid as naíonra, as páirc spraoi agus as leabharlann. Mar sin, ba chóir breathnú ar sholáthar na seirbhísí sin agus ar úsáid agus ar fheiceálacht na Gaeilge iontu mar chuid den phlean teanga. Is lú i bhfad líon na dtuismitheoirí/caomhnóirí a deir go mbaineann/gur bhain siad úsáid as naíonann, as grúpaí do thuismitheoirí le páistí óga agus as seirbhísí do pháistí a chuirtear ar fáil tríd an scoil. Don phlean teanga, is gá breathnú ar sholáthar reatha na seirbhísí sin go bhfeicfear an bhfuil éileamh ann sa bpobal ar a leithéid agus má bhíonn, agus an féidir iad a leasú sa gcaoi go bhfeilfidh siad níos fearr do thuismitheoirí/chaomhnóirí an LPT. Agus bearta á gceapadh sa bplean teanga i dtaca le seirbhísí den chineál seo, moltar breathnú ní hamháin ar sholáthar na seirbhísí taobh istigh den LPT ach sna bailte máguaird chomh maith, an Uaimh, Baile Átha Buí, Baile Átha Troim agus Ceanannas mar shampla.

Cuireadh ceist ar na tuismitheoirí/caomhnóirí chomh maith cé na seirbhísí agus na tacaíochtaí a mbainfidís úsáid astu dá mbeidís ar fáil go háitiúil. Mar a léirítear thíos, bheadh éileamh ann ar imeachtaí do theaghlaigh agus ar dheiseanna neamhfhoirmiúla sóisialaithe do pháistí agus do dhéagóirí ach go háirithe:



Figiúr 5.54: Seirbhísí agus Tacaíochtaí Eile

Deir níos mó ná an tríú cuid de na tuismitheoirí/caomhnóirí (34.7%) go mbainfidís úsáid as naónra dá mbeadh ceann ar fáil go háitiúil. Cé go bhfuil naónra ar fáil i Ráth Chairn, cuireadh deireadh leis an naónra a bhíodh ag feidhmiú i mBaile Ghib in 2016. Is léir ó na figiúirí seo go mbeadh spéis ag tuismitheoirí an LPT a gcuid páistí a chur chuig naónra agus gur chóir, dá bharr, breathnú ar fhéidearthachtaí maidir le naónra a athbhunú i mBaile Ghib. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí comhoibriú leo siúd a bheadh ag stiúradh an phróisisi leanúnach teanga do na Bailte Seirbhise Gaeltachta, an Uaimh agus Baile Átha Buí, le cinntí go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais an lín airde tuismitheoirí/caomhnóirí ón LPT atá ag obair sna ceantair sin (féach rannóg 5.4.1.1).

Deir 22 tuismitheoirí/caomhnóirí go mbainfidís úsáid as seirbhísí 'eile'. Tugtar forléargas ar na seirbhísí a luaitear sa tábla thíos:

Seirbhís	Líon	Céadán (as 22)
Ranganna/deiseanna neamhfhóirmíúla foghlama Gaeilge do thuismitheoirí/chaomhnóirí/do dhaointe fásta	10	45.5%
Club óige do dhéagóirí a bheadh á reáchtáil i gcaitheamh na bliana uilig/imeachtaí do pháistí/do theaghlaigh	8	36.4%
Deiseanna sóisialta trí Ghaeilge do thuismitheoirí/chaomhnóirí	3	13.6%
Cóinnioll teanga a bheith le céad leanúnach sa LPT	1	4.5%
Feighlithe linbh le Gaeilge a bheith ar fáil	1	4.5%
Naíolann	1	4.5%


Tábla 5.9: Seirbhísí Eile

#### 5.4.4.1. Feighlithe Páistí

Tuairiscíonn tromlach na dtuismitheoirí/caomhnóirí (98 duine nó 56.6%) go mbaineann/go mbainidís úsáid as feighlí páistí. Deir an ceathrú cuid acu sin (25.6%) go labhraíonn/go


## Mír 5: Tortháí an Taighde

labhraíodh an feighlí Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó lena bpáistí agus 73.5% acu go labhraíonn/go labhraíodh an feighlí Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó:



Maíonn 62.2% de na 98 rannpháirtí go bhfuil/go raibh siad sásta le cleachtais teanga an feighlí páistí, 8.2% nach bhfuil/nach raibh, agus 29.6% nach bhfuil/nach raibh tuairim láidir acu ina leith.

Deir 100.0% de na 25 rannpháirtí a labhraíonn/a labhraíodh a bhfeighlithe Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó lena bpáistí go bhfuil/go raibh siad sásta leis an gcleachtas sin. I gcás na rannpháirtithe a labhraíonn/a labhraíodh a bhfeighlithe Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó, titeann an céatadán sin go dtí 48.6%:




Figiúr 5.57: Tuairim na dTuismitheoirí/Caomhnóirí ar Chleachtais Teanga an Fheighlí Páistí

### 5.4.4.2. Cúrsaí

Cuireadh ceist ar na tuismitheoirí/caomhnóirí an mbeadh spéis acu freastal ar chúrsaí nó ar cheardlanna ar ábhair éagsúla. Léiríonn a gcuid freagraí go mbeadh formhór na


rannpháirtithe toilteanach freastal ar chúrsa nó ar cheardlann ar na hábhair a luadh. Dá bharr sin, ba chóir breathnú mar chuid den phlean teanga ar sholáthar cúrsaí sa LPT, ar fhéidearthachtaí maidir le cúrsaí nó le ceardlanna a réachtáil agus ar bhealaí leis na cúrsaí nó na ceardlanna sin a chur in oiriúint do thuismitheoirí/caomhnóirí.



Fíghír 5.58: Cúrsaí

#### 5.4.5. Dearcadh i leith na Gaeilge

Léirítear thíos dearcadh na dtuismitheoirí/caomhnóirí i leith ceithre ráiteas éagsúla a bhaineann le cúrsaí Gaeilge:



Fíghír 5.59: Dearcadh na dtuismitheoirí/Caomhnóirí (A)

Ní aontaíonn ach beirt rannpháirtithe gurbh fhearr leo mura mbeadh polasaí lán-Ghaeilge i bhfeidhm i scoileanna an LPT. Léiríonn sé seo go bhfuil tacaíocht fhorleathan ann i measc tuismitheoirí/caomhnóirí an LPT don phróiseas aitheantaí do scoileanna Gaeltachta (Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022)<sup>38</sup>.

Mar a bheiff ag súil leis, is rannpháirtithe atá ar bheagán Gaeilge nó nach bhfuil aon Ghaeilge acu 76.5% de na 17 nduine a aontaíonn nach gcaithfear Gaeilge a labhairt sa mbaile mar go bhfaighidh na páistí Gaeilge líofa ar scoil agus 54.5% den 11 duine a easaontaíonn gur cuid thábhachtach d'fhéiniúlacht a dteaghlaigh í an Ghaeilge.


De na rannpháirtithe a labhraíonn Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó lena bpáistí, aontaíonn 42.3%<sup>39</sup> acu go bhfuil sé deacair clann a thógáil le Gaeilge sa LPT. Maidir leis na rannpháirtithe a labhraíonn Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó lena bpáistí,

<sup>38</sup> Caithfear cuimhneamh, áfach, gur tuismitheoirí/caomhnóirí iad formhór na rannpháirtithe a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar scoil Ghaeilge nó ar naónra Gaeilge. Scaipeadh ceistneoirí trí naónra amháin atá ag feidhmiú trí Bhéarla, ach níor ghlac an t-aon scoil Bhéarla sa LPT páirt sa taighde seo.

<sup>39</sup> Céatadán bunaithe ar líon na rannpháirtithe a labhraíonn Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó lena bpáistí agus a d'fhreagair an cheist seo, n = 26.


easaontaíonn 78.3%<sup>40</sup> acu go bhfuil sé deacair clann a thógáil le Gaeilge. Tá sé le tuiscint ó na figiúirí seo gurbh fhiú feasacht a ardú ar na castachtaí a bhaineann le tógáil clainne le mionteanga i measc an phobail i gcoitinne le cinntíú go dtuigfear agus go dtacófar le bearta an phlean teanga.

Ar an iomlán, ceapann an chuid is mó de na rannpháirtithe nach bhfuil dóthain áiseanna agus imeachtaí do dhaoine óga, ná dóthain seirbhísí do thuismitheoirí/chaomhnóirí, ar fáil sa LPT. Tagann an dearcadh seo leis na figiúirí a phléitear i rannóg 5.4.4 i dtaca le cúrsáí teanga, ní chreideann tromlach na dtuismitheoirí/chaomhnóirí go gcuirtear an iomarca béime ar an nGaeilge ag imeachtaí do pháistí agus do dhaoine óga. Chomh maith leis sin, maíonn tromlach na dtuismitheoirí/chaomhnóirí go mbeadh spéis acu páirt a ghlagadh i ngníomhaíochtaí sóisialta trí Ghaeilge:



Figiúr 5.60: Dearcadh na dTuismitheoirí/Caomhnóirí (B)

Léiríonn dearcadh na rannpháirtithe ar cheisteanna Gaeilge agus Gaeltachta go bhfuil tacaíocht ghinearálta ann i measc na dtuismitheoirí/chaomhnóirí don phlean teanga sa LPT:



Figiúr 5.61: Dearcadh na dTuismitheoirí/Caomhnóirí (C)

#### 5.4.5.1. Smaointe Eile

Iarradh ar na tuismitheoirí/caomhnóirí smaointe nó tuairimí breise a roinnt ag deireadh an cheistneora maidir le rudaí ba mhaith leo a fheiceáil sa bplean teanga, agus thug 19 rannpháirtí (11.0% den sampla iomlán) freagra bailí ar an gceist seo. Tugtar sa tábla thíos na

<sup>40</sup> Céatadán bunaithe ar líon na rannpháirtithe a labhraíonn Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó lena bpáistí agus a d'fhreagair an cheist seo, n = 83.

téamaí lena mbaineann na freagraí agus an líon rannpháirtithe a luann gach téama. Tá tuilleadh sonraí maidir le freagraí na rannpháirtithe ar fáil in Agusín I.

Téama	Líon rannpháirtithe <sup>41</sup>
Sóisialú	8 (42.1%)
Deiseanna foghlama/úsáide	6 (31.6%)
Tacaíochtaí eile	5 (26.3%)
Cainteoiri T1	3 (15.8%)

Figiúr 5.62: Smaointe/Tuairimí Eile

---

<sup>41</sup> Céatadán bunaithe ar na 19 nduine a thug freagra bailí ar an gceist seo.

## 5.5. Múinteoirí Scoile

### 5.5.1. Eolas Ginearálta faoi na Scoileanna


#### 5.5.1.1. Lón Foirne agus Daltaí

Léirítear sa tábla thíos líon na ndaoine atá ag obair (go lánaimseartha nó go páirtaimseartha) i scoileanna an cheantair:

	Lón iomlán foirne	Lón foirne le Gaeilge líofa
Múinteoirí Ranga/Ábhair	25	22
Cúntóirí Teanga	3	3
Múinteoirí Acmhainne/Tacaíochta Foghlama	5	4
Foireann eile (foireann oifige san áireamh)	9	6
<b>iomlán</b>	<b>42</b>	<b>35</b>

Tábla 5.10: Lón Foirne

Tá 303 dalta ag freastal ar an dá bhunscoil sa LPT agus 115 dalta ag freastal ar an iarbhunscoil. Tugtar briseadh síos de réir ranga/blíana sa bhfigiúr thíos:



Figiúr 5.63: Lón Daltaí

Cuireadh ceist ar phríomhoide na hiarbunscoile faoin áit as a dtagann daltaí na scoile agus tuairiscíonn sé gur ón Uaimh, ó Bhaile Átha Troim agus ó Bhaile Átha Buí a thagann a bhformhór. Fágann sé sin nach bhfuil cónaí ar fhormhór dhaltaí na hiarbunscoile sa LPT.

Tá rang amháin faoi chúram gach múinteora i gceann amháin de na bunscoileanna (meánmhéis ranga: 11 dalta) agus dhá rang faoi chúram gach múinteora sa mbunscoil eile (meánmhéis ranga: 27 dalta). 19 ndalta an meánlín dalta i ngach bliain san iarbhunscoil agus seo a leanas na hábhair a mhúintear sa scoil sin:

Béarla, bitheolaíocht, ceimic, ceol, corpoideachas/spórt, eacnamaíocht bhaile, ealaín, eolaíocht, eolaíocht talmhaíochta, fisic, fisic agus ceimic, Fraincis, Gaeilge, Gearmáinis, grafaic theicniúla, grafaic dheartha agus chumarsáide, matamaitic, matamaitic fheidhmeach, oideachas reiligiúnach, OSPS, OSSP, ríomhairesacht, staidéar foirgníochta, staidéar gnó, stair, teicneolaíocht ábhar (adhmad), tíreolaíocht, treoir.

#### 5.5.1.2. Cleachtas Teanga sna Scoileanna

Tuairiscíonn an bheirt phríomhoidí bunscoile go müíntear na hábhair ar fad sa scoil (seachas an Béarla/teangacha eile) trí Ghaeilge. San iarbhunscoil müíntear formhór na n-ábhar trí Ghaeilge, ach amháin Fraincis, Staidéar Gnó agus Béarla. Maítear gurb í an Ghaeilge an ghnáth-theanga chumarsáide a bhíonn ag na múinteoirí i ngach scoil.

#### 5.5.1.3. Polasaí Teanga na Scoileanna

Nuir a bhíonn nótáí le scríobh chuig tuismitheoirí/caomhnóirí, tuairiscítear go scriobhtar iad i nGaeilge amháin i gcás ceann amháin de na scoileanna, scriobhtar na nótáí go

dátheangach (Gaeilge agus Béarla) i scoil eile agus deir príomhoide amháin go n-úsáidtear Gaeilge ach amháin má bhíonn a fhios ag an scoil nach bhfuil Gaeilge ag an duine. Úsáidtear Gaeilge amháin ar stáiseanóireacht dhá scoil agus Gaeilge agus Béarla i gcás an tríú scoil. Faigheann dhá scoil aíonna a labhraíonn i nGaeilge leis na daltaí 'nuair is féidir', ach deir an scoil eile nach bhfuil a leithéid de pholasáí acu.

Deir an triúr príomhoidí go bhfuil polasaí teanga leagtha amach i scríbhinn ag an scoil. Léirítear sa tábla thíos an bhliain ar leagadh amach na polasaithe ar dtús agus an bhliain a ndearnadh uasdátú ar na polasaithe:

	An bhliain ar scriobhadh an polasaí	An bhliain a ndearnadh uasdátú ar an bpolasáí
Scoil A	1998	-
Scoil B	2002	2014
Scoil C	1986	2014

Tábla 5.11: Polasaithe Teanga na Scoileanna

Ní deir ach príomhoide amháin go bhfuil cóipeanna de pholasáí teanga na scoile ar fáil sa seomra foirne, agus ní chuirtear cóipeanna den pholasáí teanga ar fáil sna seomraí ranga in aon cheann de na scoileanna. I gcás scoil amháin tugtar cóipeanna de pholasáí teanga na scoile do thuismitheoirí/chaomhnóirí dhaltaí na scoile. Tuairiscíonn an dá scoil eile nach dtugtar cóip den pholasáí teanga do na tuismitheoirí/caomhnóirí, ach sonraíonn príomhoide amháin go bhfuil an pholasáí teanga ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar shuíomh gréasáin na scoile.

Deir an bheirt phríomhoidí bunscoile go bhfuil an luath-thumoideachas i bhfeidhm sa scoil, agus tá sé i gceist ag gach scoil sa LPT cur isteach ar aitheantas mar Scoil Ghaeltachta faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.

#### 5.5.1.4. Deacrachtaí agus Dúshláin


larradh ar na príomhoidí cur síos a dhéanamh ar na deacrachtaí is mó, dar leo féin, a bhíonn ag an scoil ó thaobh úsáid agus chur chun cinn na Gaeilge de. Seo a leanas na pointí a lúaitear:

- Go bhfuil an iomarca Béarla thart ar na páistí taobh amuigh de thimpeallacht na scoile agus nach bhfuil dóthain imeachtaí/deiseanna neamhfhoirmiúla sóisialta á gcur ar fáil dóibh trí Ghaeilge taobh amuigh den scoil;
- Gur deacair múinteoirí le Gaeilge líofa a earcú;
- Nach bhfuil Gaeilge ag go leor de na tuismitheoirí/caomhnóirí agus gur deacair iad a spreagadh le Gaeilge a fhoghlaim/a úsáid;
- Nach féidir i gcónaí gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge leis an Roinn Oideachais; agus
- Nach mbíonn caighdeán Gaeilge sách ard ag cuid de na cigíri a thagann chuig an scoil.

## 5.5.2. Cumas Teanga

### 5.5.2.1. Múinteoirí


Tuairiscíonn formhór mór na múinteoirí (80.9%) go bhfuil Gaeilge líofa acu. Deir 100.0% de na múinteoirí bunscoile go bhfuil Gaeilge líofa acu, agus i measc na rannpháirtithe iarbhunscoile tá Gaeilge líofa, Gaeilge réasúnta maith agus beagán Gaeilge ag 55.6%, 33.3% agus 11.1% faoi seach. Féintuaireisciú atá i gceist leis na figiúirí seo áfach, agus braitheann na staitisticí ar shainmhíniú gach múinteora aonair ar an rud is ‘Gaeilge líofa’, ‘Gaeilge réasúnta maith’ agus ‘beagán Gaeilge’ ann dá bharr.




Figiúr 5.64: Cumas Gaeilge na Múinteoirí

### 5.5.2.2. Daltaí

Léirítear sa dá fhigiúr thíos an t-eolas a thug na múinteoirí<sup>42</sup> maidir le cumas Gaeilge a gcuid daltaí:



Figiúr 5.65: Cumas Gaeilge na nDaltaí Bunscoile



Figiúr 5.66: Cumas Gaeilge na nDaltaí larbhunscoile

<sup>42</sup> | gcás na hiarbunscoile, is é an príomhoide a thug an t-eolas.


Mar a fheictear thus, tá difríocht mhór idir freagraí na múinteoirí bunscoile agus freagraí an phríomhoide iarbunscoile. Is féidir go mbaineann an difríocht seo le héagsúlacht tuiscintí ar an rud is 'Gaeilge líofa', 'Gaeilge réasúnta maith', srl. ann, nó leis an lín ard daltaí a thagann ó thaobh amuigh den LPT le freastal ar an iarbunscoil (féach rannóg 5.5.1), go háirithe mar ghurbh fhéidir nach mbeadh go leor acu tar éis freastal ar bhunscoil Ghæltachta. Ina dhiaidh sin féin, léiríonn freagraí na múinteoirí go bhfuil ag éirí le scoileanna an LPT cumas Gaeilge na ndaltaí a ardú go ginearálta agus lín na ndaltaí atá ar bheagán Gaeilge nó nach bhfuil aon Ghaeilge acu a laghdú i gcaitheamh na mblianta scoile.

### 5.5.3. Cleachtas Teanga

#### 5.5.3.1. Múinteoirí

San iomlán, maíonn 76.2% de na múinteoirí go labhraíonn siad Gaeilge amháin sa seomra ranga. De na 12 mhúinteoir bunscoile, deir 11 duine acu (91.7%) go labhraíonn siad Gaeilge amháin sa seomra ranga (ach amháin sa rang Béarla), agus duine amháin (8.3%) go labhraíonn sé/sí Gaeilge den chuid is mó. I gcás na hiarbunscoile, deir cúigear (55.6%) go labhraíonn siad Gaeilge amháin sa seomra ranga, beirt (22.2%) go labhraíonn siad Gaeilge den chuid is mó agus beirt eile (22.2%) go labhraíonn siad Béarla den chuid is mó. Mar a bheiffí ag súil leis ní deir ceachtar den bheirt a labhraíonn Béarla den chuid is mó go bhfuil Gaeilge líofa aige/aici.

Cuireadh ceist ar na múinteoirí nach labhraíonn Gaeilge amháin sa seomra ranga cé na príomhchúiseanna atá leis sin:



Figiúr 5.67: Cleachtas Teanga na Múinteoirí


Cúis	Líon múinteoirí
Tá sé níos nádúrtha dom cuid den sainfhoclóir a bhaineann le heolaíocht, tíreolaíocht, stair, srl. a úsáid i mBéarla	2
Tá faitíos orm nach dtuigfeadh cuid de na ndaltaí mé mura labhróinn ach Gaeilge leo	2
Tá sé níos éasca Béarla a labhairt leis na daltaí ná Gaeilge	1
Cúis eile	1

Tábla 5.12: Cúiseanna

#### 5.5.3.2. Daltaí


##### Taobh istigh den scoil

Mar a fheictear sa bhfigiúr thíos, bíonn cleachtas teanga réasúnta fabhrach don Ghaeilge i bhfeidhm i measc na ndaltaí agus iad ag plé leis an múinteoir taobh istigh den seomra ranga. Tá rátaí úsáide Gaeilge níos airde i measc na ndaltaí bunscoile ná daltaí iarbunscoile agus iad ag plé leis an múinteoir in ainneoin go bhfuil cumas Gaeilge níos íse ag na daltaí sin ar an meán (féach rannóg 5.5.2.2). Tacaíonn na tortaí seo leis an teoiric gur mó tionchar a bhíonn ag bainisteoíri teanga ar dhaltaí atá níos óige (i. in aois na bunscoile).




Figiúr 5.68: Cleachtas Teanga na nDaltaí taobh istigh den Seomra Ranga (A)

Agus iad ag caint ina measc féin sa seomra ranga, áfach, is airde i bhfad líon na ndaltaí a labhraíonn Béarla den chuid is mó. Mar a léirítear sa bhfigiúr thíos, tá treocht ghineará尔ta ann chomh maith go dtéann úsáid an Béarla i dtreise de réir mar a éiríonn na daltaí níos sine:



Figiúr 5.69: Cleachtas Teanga na n Daoine Óga taobh istigh den Seomra Ranga (B)

Léirítear sa taighde seo go dtagann laghdú ar na rátaí úsáide Gaeilge i gcomhthéacs na scoile nuair a imíonn na daltaí ó na seomraí ranga:




Figiúr 5.70: Cleachtas Teanga i gComhthéacs Scoile (taobh amuigh den seomra ranga)

Glahtar leis go mbaineann an laghdú seo le tionchar bainisteoirí teanga: ag gníomhaíochtaí/ranganna iarscoile, bíonn na daltaí fós i dtimpeallacht leathfhoirmiúil agus cé nach bhfuil na rátaí úsáide Gaeilge chomh hard agus a bhíonn siad sa seomra ranga (i.e. timpeallacht níos foirmiúla), is léir go bhfuil tionchar á imirt ag múinteoirí/cinnírí/traenálaithe ar chleachtas teanga na ndaltaí. I gclós na scoile, is timpeallacht an-neamhfhoirmiúil a bhíonn i gceist agus tá a rian sin le feiceáil ar chleachtas teanga na ndaltaí agus iad ann.


#### Taobh amuigh den scoil

Mar a thaispeántar thíos, tagann titim mhór ar phatrún úsáide Gaeilge na ndaltaí agus iad imithe ó chomhthéacs na scoile agus ón mbainistiú teanga atá mar chuid den timpeallacht sin. Déantar comparáid anseo idir cleachtas teanga na ndaltaí ina measc féin agus iad 1) taobh istigh den seomra ranga, 2) taobh amuigh den seomra ranga ach fós i gcomhthéacs na scoile (i.e. gclós na scoile) agus 3) taobh amuigh de chomhthéacs na scoile:



Figiúr 5.71: Cleachtas Teanga na ndaltaí i gComhthéacsanna Éagsúla (A)

Mar sin, faigheann an Béarla an lámh in uachtar ar an nGaeilge in idirghníomhaíochtaí sóisialta na ndaltaí chomh luath agus a imíonn siad ón seomra ranga:



Figiúr 5.72: Cleachtas Teanga na ndaltaí i gComhthéacsanna Éagsúla (B)

#### Gréasán Teanga

Deir 12 mhúinteoir (57.1%) go bhfuil grúpa daltaí faoi leith ina gcuid ranganna a labhraíonn Gaeilge den chuid is mó eatarthu féin. Is múinteoirí bunscoile iad seachtar acu sin agus tá cúigear ag múineadh san iarbhuanscoil. Déantar rangú ar an gcur síos a thugann na múinteoirí ar na grúpaí sin sa tábla thíos:


Cainteoirí dúchais Gaeilge, daltaí a bhfuil cónaí orthu sa nGaeltacht	9	75.0%
Daltaí diograiseacha/cumasacha, daltaí le spéis sa nGaeilge	4	33.3%
Daltaí a dhéanann gníomhaíochtaí/caitheamh aimsire le chéile (club diospóireachta, grúpa sean-nós, peil, ceol)	3	25.0%
Cailíní	2	16.7%
Daltaí a bhfuil gaol eatarthu	1	8.3%

Tábla 5.13: Cineál na nGréasán

Ábhar dóchais is ea é go n-aithníonn cuid de na múinteoirí (fiú más líon beag é) go mbíonn an Ghaeilge in uachtar i measc daltaí áirithe a dhéanann caitheamh aimsire le chéile. Léiríonn sé seo go bhfuil féidearthachtaí ann gréasáin teanga a forbairt mar chuid d'imeachtaí/de ghníomhaíochtaí rialta sóisialta taobh amuigh de chomhthéacs na scoile agus na gréasáin sin a bhuanú agus a leathnú amach chuig comhthéacsanna eile.

#### Iompú Teanga

Iarradh ar na múinteoirí iarbunscoile a dtuairim a thabhairt ar an aois ag a dtarlaíonn an t-iompú teanga ó Ghaeilge go Béarla i measc daoine óga sa LPT. Creideann dhá thrían den sampla go mbíonn an Béarla in uachtar mar theanga shóisialta i measc na ndaltaí faoin am a mbíonn siad 14 bliana d'aois, agus go deimhin maíonn 33.3% go mbíonn an t-iompú teanga curtha i gcríochnaíonn na daltaí sa mbunscoil:




Figiúr 5.73: Aois an lompaithe Teanga

#### 5.5.4. Áiseanna agus Acmhainní


##### 5.5.4.1. Acmhainní Gaeilge

Baineann formhór na múinteoirí sa LPT úsáid as acmhainní ilchineálacha Gaeilge sa seomra ranga. Sna bunscoileanna, is póstaer, ceol/amhráin/rainn/drámaíocht agus leabhair is mó a úsáideann na múinteoirí:



Figiúr 5.74: Acmhainní Gaeilge (Bunscoil)

Tá na céatadáin níos ísle i measc múinteoirí meánscoile, ach mar sin féin baineann tromlach mór den sampla sin úsáid as póstaer i nGaeilge sa seomra ranga:




Figiúr 5.75: Acmhainní Gaeilge (larbhunscoil)

Is léir ó na tortaí seo go bhfuil an chuid is mó de mhúinteoirí an LPT toilteanach acmhainní Gaeilge a úsáid sa seomra ranga. Meastar, mar sin, nach mbaintear an úsáid chéanna as scannáin/míreanna físe agus as aipeanna agus a bhaintear as acmhainní de chineál eile de bharr nach bhfuil sé éasca teacht ar na hacmhainní sin nó nach mbíonn na hacmhainní sin ar chaighdeán atá feiliúnach don rang.


#### 5.5.4.2. Acmhainní Béarla

Ar an ionlán, baineann múinteoirí bunscoile níos lú úsáide as acmhainní Béarla ná acmhainní Gaeilge:



Figiúr 5.76: Acmhainní Béarla (Bunscoil)

Is amhlaidh an scéal i gcás na múinteoirí meánscoile chomh maith:




Figiúr 5.77: Acmhainní Béarla (larbhunscoil)

Mar sin féin, baineann naonúr múinteoirí (42.9% den sampla iomlán) úsáid as póstaeir i mBéarla, rud a bhaineann de sheasamh agus d'fheiceálacht na Gaeilge sna scoileanna. Chomh maith leis sin, baineann níos mó múinteoirí úsáid as scannáin/míreanna físe i mBéarla ná i nGaeilge. Baineann 15 mhúinteoir nó 71.4% den sampla iomlán úsáid as scannáin/míreanna físe i mBéarla. Ina measc sin tá naonúr múinteoirí bunscoile agus seisear múinteoirí iarbhunscoile. I gcás na múinteoirí iarbhunscoile, níl ach duine amháin den seisear sin ag múineadh an Bhéarla. Fágann sé sin go bhfuil 55.6% de na múinteoirí iarbhunscoile ag úsáid scannán/míreanna físe i mBéarla nuair nach bhfuil gá leis. D'fhéadfaí cur leis an ionchur Gaeilge a fhaigheann na daltaí sa seomra ranga trí scannáin faisnéise/míreanna físe oideachasúla d'ardchaighdeán agus atá feiliúnach do réimse leathan ábhar a chur ar fáil do na múinteoirí.

#### 5.5.4.3. Téacsleabhair

##### Bunscoil

Mar a léirítear sa bhfigiúr thíos, baineann formhór na múinteoirí bunscoile úsáid as téacsleabhair Ghaeilge do na hábhair éagsúla (ach amháin don Bhéarla agus don cheol):



Figiúr 5.78: Cineál na dtéacsleabhar (Bunscoil)<sup>43</sup>


Níor cuireadh ceist ar na múinteoirí mar chuid den taighde seo faoi acmhainní eile teagaisc a úsáideann siad, ach de bharr go ndeir roinnt mhaith múinteoirí nach n-úsáideann siad aon téacsleabhar don cheol agus don eolaíocht ach go háirithe, ba chóir a chinntiú go bhfuil

<sup>43</sup> Sonraíonn beirt mhúinteoirí cén t-ábhar 'eile' atá i gceist acu: Teagasc Críostaí agus OSPS.

acmhainní eile teagaisc (bileoga oibre, srl.) ar fáil i nGaeilge agus ar ardchaighdeán do na hábhair sin.

#### *larbhunscoil*

Úsáideann an chuid is mó de na múinteoirí iarbhunscoile (seisear múinteoirí nó 66.7%) meascán de théacsleabhair i nGaeilge agus i mbÉarla. Ar mhaithe le rúndacht ní féidir ábhair na múinteoirí sin a nochtadh sa tuairisc seo, ach níl ach beirt den seisear sin ag múineadh teanga (nach í an Ghaeilge í), rud a fhágann go mbíonn ceathrar múinteoirí iarbhunscoile (44.4%) ar a laghad ag úsáid téacsleabhair Bhéarla in amanna nuair nach bhfuil gá leis.




Figiúr 5.79: Cineál na dTéacsleabhar (larbhunscoil)

#### **5.5.4.4. Dearcadh na Múinteoirí i leith Áiseanna agus Acmhainní Gaeilge**

##### Téacsleabhair

Tá sé soiléir ó na torthaí thíos nach bhfuil tuairim an-dearfach ag formhór na múinteoirí sa LPT ar an soláthar téacsleabhar Gaeilge:



Figiúr 5.80: Dearcadh i leith Téacsleabhar Gaeilge


Tá freagraí na múinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile ag teacht le chéile, a bheag nó a mhór, ar na ráitis seo. Tá deighilt le feiceáil, áfach, sna freagraí a thug siad ar an gcéad ráiteas: aontaíonn 41.7% de mhúinteoirí bunscoile go bhfuil rogha mhaith téacsleabhar Gaeilge ar fáil, i gcomparáid le 11.1% de mhúinteoirí iarbhunscoile. Tá sé le tuiscint uaidh seo gur gá breathnú ach go háirithe ar sholáthar na dtéacsleabhar Gaeilge ag an dara leibhéal.

##### Acmhainní Eile

Iarradh ar na múinteoirí a ndearcadh a nochtadh i leith acmhainní eile Gaeilge chomh maith. Mar a léirítear thíos, ba mhaith le tromlach na múinteoirí níos mó acmhainní Gaeilge a úsáid sa seomra ranga, ach creideann siad nach bhfuil sé éasca teacht ar na hacmhainní sin. Chomh maith leis sin, ní bhíonn fórsaí seachtracha (cumas Gaeilge na ndaltaí ná a dtuismitheoirí/caomhnóirí) ag cur isteach ar chleachtas teanga na múinteoirí sa seomra ranga. Aontaíonn formhór mór na múinteoirí go bhfuil feiceálacht na Gaeilge sa scoil fiorthábhachtach, ach ina dhiaidh sin féin ní léir do chuid de na múinteoirí cén tionchar a bhíonn ag feiceádlacht na Gaeilge ar chleachtas teanga na ndaltaí: ní easaontaíonn ach dhá

## Mír 5: Torthaí an Taighde

thriant den sampla leis an ráiteas 'Ní dhéanfadh sé móran difríochta d'úsáid na Gaeilge sa scoil dá n-úsáidfimis níos mó ábhar i nGaeilge'.




Figiúr 5.81: Dearcadh i leith Acmhainní Gaeilge

Tá na staitisticí seo leanúnach i gcás na múinteoirí bunscoile agus iarbunscoile araon. Is i dtaca leis an gcéad ráiteas atá an difríocht is mó idir an dá ghrúpa: aontaíonn 91.7% de mhúinteoirí bunscoile gur mhaith leo níos mó acmhainní Gaeilge a úsáid, i gcomparáid le 77.8% de mhúinteoirí iarbunscoile.

Iarradh ar na múinteoirí bunscoile aontú nó easaontú le ráitis a bhaineann le leabhair a léamh lena gcuid ranganna. Cé gur fearr leis an gcuid is mó de na múinteoirí bunscoile (66.6%) leabhair Ghaeilge a léamh lena rang ná leabhair Bhéarla, mar sin féin deir aon trian den sampla (ceathrar múinteoirí) gur fearr leo leabhair Bhéarla a léamh leo, nó nach bhfuil siad cinnte faoi. Is suimiúil gur aoisghrúpaí idir rang 1 agus rang 6 atá á múineadh ag an gceathrar seo, ranganna a bhfuil Gaeilge líofa nó réasúnta maith ag formhór na ndaltaí (féach rannóg 5.5.2). Is féidir gur fearr le múinteoirí áirithe leabhair Bhéarla a léamh leis an rang mar gur fearr leis na daltaí féin na leabhair sin: ní aontaíonn ach 50.0% den sampla go dtaitníonn leabhair Ghaeilge

chomh mór céanna leis na daltaí agus a thaitníonn leabhair Bhéarla leo, agus tá 41.7% de na múinteoirí ar a mhalairt de thuairim. Go deimhin, deir triúr as ceathrar múinteoirí ar fearr leo féin leabhair Bhéarla a léamh leis an rang gur fearr leis na daltaí iad chomh maith. Ní fios ón taighde seo cén fáth a dtaitníonn leabhair Bhéarla níos fearr le cuid de na páistí ach d'fhéadfadh cúiseanna éagsúla a bheith i gceist, mar shampla:



Figiúr 5.82: Dearcadh i leith Acmhainní Gaeilge (Leabhair)

- Cumas teanga na ndaltaí: dá mbeadh na daltaí ní ba chompordaí leis an mBéarla (agus tuairiscíonn 53.8% de na daltaí bunscoile a ghlac páirt sa taighde seo go bhfuil<sup>44</sup>), bheadh sé ní b'éasca dóibh leabhair Bhéarla a léamh agus a thuisint.
- Stádas na Gaeilge sa bpobal: tá an Béarla níos feiceálaí sa LPT agus sna bailte móirthimpeall air ná an Ghaeilge, mar sin tá na daltaí, go ginearálta, níos cleachta le Béarla a léamh.
- Soláthar: tá réimse níos leithne leabhar Béarla ar fáil agus (má ghlactar leis go bhfuil soláthar na leabhar Gaeilge agus na dtéacsleabhar Gaeilge ar chomhchaighdeán) creideann formhór na múinteoirí go bhfuil na leabhair Bhéarla níos tarraingtí ná na leabhair Ghaeilge.


#### 5.5.4.5. Easnaimh ó thaobh Áiseanna agus Acmhainní de

Cuireadh ceist ar na príomhoidí faoi na heasnaimh is mó atá ar na scoileanna ó thaobh áiseanna/acmhainní de. Seo a leanas na heasnaimh a sonraíodh:

- Go bhfuil easpa bogearraí ar fáil i nGaeilge;
- Gur deacair teacht ar mhúinteoirí/chuairteoirí/aoichainteoirí (do dhaltaí agus do thuismitheoirí)/teagascóirí seachtracha le Gaeilge líofa;
- Nach bhfuil caighdeán na léitheoirí Gaeilge feiliúnach do na daltaí;
- Nach bhfuil ceangal leathanbhanda sách maith ar fáil don scoil;
- Nach bhfuil leaganacha Gaeilge ar fáil de pholasaithe áirithe agus de leabhar an mhúinteora d'ábhair éagsúla;
- Nach mbíonn an t-airgead ag scoileanna ábhar a cheannach; agus
- Nach mbíonn na Cúntóirí Teanga ag obair sa scoil go lánaimseartha ó thús deireadh na scoilbhliana.

#### 5.5.4.6. Forbairt Ghairmiúil

D'fhreastail 75.0% de mhúinteoirí bunscoile agus 44.4% de mhúinteoirí iarbhuanscoile (61.9%) ar chúrsa forbartha gairmiúla amháin ar a laghad dírithe ar chúrsaí teanga ó thosaigh siad ag múineadh. Deir an chuid is mó de na múinteoirí go raibh fiúntas áirithe leis an gcúrsa/na cúrsaí a rinne siad:




Figiúr 5.83: Cúrsaí Forbartha Gairmiúla

<sup>44</sup> Féach rannóg 5.3.2.

### 5.5.5. Dearcadh i leith na Gaeilge

Iarradh ar na múinteoirí a ndearcthaí a léiriú ar chúig ráiteas ghinearálta maidir le cúrsáí teanga sa gcóras oideachais chomh maith:



Figiúr 5.84: Dearcadh i leith na Gaeilge


Mar is léir ón bhfigiúr thusa, creideann formhór mór na múinteoirí gur cuid thábhachtach d'fhéiniúlacht daoine óga Gaeltachta í an scolaíocht agus go gcuídíonn sí le cainteoíri dúchais óga muinín a bheith acu as a gcuid Gaeilge. Creideann an tromlach chomh maith gur bealach éifeachtach í an scolaíocht le cainteoíri nua líofa a chruthú. Tagann sé sin leis an méid a thuairiscíonn na daoine óga féin a ndeir a bhformhór go bhfuil Gaeilge líofa acu (rannóg 5.3.2). Ina dhiaidh sin féin, mar is léir ó fhaisnéis na ndaoine óga agus na múinteoirí, ní chinnfíonn cumas ard teanga go mbíonn cleachtas teanga atá an-fhabhrach don Ghaeilge i bhfeidhm.

Tá freagraí níos measctha le feiceáil maidir leis an bpolasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022. Creideann aon trian den sampla go mbeidh tionchar ag an bpolasáí nua ar chúrsaí teanga sa scoil, agus tá 85.7% acu sin (seisear as seachtar) ag obair i mbunscoileanna an cheantair. Tugann an chuid is mó de na múinteoirí (52.4%) le fios nach bhfuil siad cinnte faoin tionchar a bheas ag an bpolasáí nua ar chúrsaí teanga sa scoil, rud a léiríonn, b'fhéidir, gur chóir don Roinn Oideachais agus Scileanna tuilleadh soiléirithe a thabhairt do na scoileanna nó do na pobail Gaeltachta ar a bhfuil i gceist leis an bpolasáí.

Aontaíonn 90.4% den sampla gur acmhainn iontach atá sna cainteoíri óga dúchais le Gaeilge a mhúineadh do na daltaí eile sa rang. Ábhar inní atá anseo mar go bhféadfáí a thuisint uaidh go gcuirtear an bhéim ar shealbhú agus forbairt teanga na ndaltaí nach bhfuil Gaeilge acu ó dhúchas, agus nach ndíritear an oiread céanna ar riachtanais teanga na gcainteoíri dúchais. Léiríonn an taighde (Hickey, 1999; Mac Donnacha et al., 2005: 7 ach go háirithe) go dtéann a leithéid de mheon/ghníomh chun dochair ní hamháin do na cainteoíri óga dúchais ach d'úsáid na Gaeilge i measc na ndaltaí trí chéile.

#### 5.5.5.1. Cúrsaí

Léiríonn formhór na múinteoirí go mbeadh spéis acu tabhairt faoi chúrsa de chineál éigin, cúrsa Gaeilge den chuid is mó:



Figiúr 5.85: Cúrsaí

Tá na leibhéal spéise níos airde i measc múinteoirí bunscoile ná múinteoirí iarbhunscoile le 66.7%, 58.3% agus 50.1% de mhúinteoirí bunscoile ag léiriú spéise i gcúrsaí Gaeilge, múineadh trí mheán na Gaeilge agus feasachta teanga faoi seach, i gcomparáid le 55.6%, 22.3% agus 11.1% de na múinteoirí iarbhunscoile.

#### 5.5.5.2. Moltaí Eile

Ag deireadh an cheistneora, tugadh deis do na múinteoirí a gcuid smaointe agus tuairimí féin a thabhairt maidir lena gcuid mianta don Ghaeilge sa gceantar agus don phlean teanga. D'fhreagair deichniúr múinteoirí an cheist seo agus déantar a gcuid freagraí a rangú sa tábla thíos:

Catagóir	Líon múinteoirí
Níos mó deiseanna úsáide Gaeilge/imeachtaí/acmhainní a chur ar fáil do dhaoine óga	4 40.0%
Níos mó deiseanna úsáide Gaeilge/imeachtaí do thuismitheoirí/do dhaoine fásta	3 30.0%
Níos mó tacáiochta/ranganna do thuismitheoirí	3 30.0%
Níos mó de mhuintir na háite a bheith ag freastal ar an iarbhunscoil sa LPT	2 20.0%
An nuatheicneolaíocht – níos mó Gaeilge/gréasáin shóisialta Ghaeilge a bheith ar líne	1 10.0%
Bród a chothú i gcanúint na háite agus í a chur chun cinn i measc foghlaimeoirí	1 10.0%
Líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa LPT a mhéadú	1 10.0%
Naónra a bheith sa gceantar (Baile Ghib)	1 10.0%
Riachtanas Gaeilge a bheith ann do chead pleánala/le cónaí sa nGaeltacht	1 10.0%
Seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil don phobal	1 10.0%
Téacsleabhair ar chaighdeán a theileann do na daltaí a chur ar fáil	1 10.0%

Tábla 5.14: Tuairimí na Múinteoirí

## 5.6. Foireann Naíonraí

### 5.6.1. Cúlra agus Cumas Teanga

#### 5.6.1.1. Foireann

Tuairiscíonn rannpháirtí amháin go bhfuil Gaeilge líofa aige/aici, agus an triúr eile go bhfuil beagán Gaeilge acu.


#### 5.6.1.2. Páistí

Tuairiscíonn bainisteoir Hillview Montessori nach bhfuil aon chainteoir T1 Gaeilge ag freastal ar an naíonra sin. Níor cuireadh na figiúirí seo ar fáil don naíonra eile.

### 5.6.2. Cleachtas Teanga

#### 5.6.2.1. Foireann

Ní deir aon rannpháirtí go labhraíonn sé/sí Gaeilge amháin leis na páistí sa naíonra:



Figiúr 5.86: Cleachtas Teanga na Rannpháirtithe

Maíonn rannpháirtí amháin nach labhraíonn sé/sí Gaeilge amháin leis na páistí mar go bhfuil sé níos éasca Béarla a labhairt leo ná Gaeilge, agus deir an triúr rannpháirtithe eile go bhfuil cúis 'eile' acu dó seo.

#### 5.6.2.2. Páistí


Léiríonn freagraí foireann na naíonraí go bhfuil an Béarla in uachtar mar chleachtas teanga i measc pháistí na naíonraí. Glactar leis, i gcás an naíonra Bhéarla, go mbaineann sé sin le polasaí teanga an naíonra sin. I gcás an naíonra Ghaeilge, meastar go mbaineann sé le héagsúlacht cumais agus cúlra teanga i measc na bpáistí agus iad ag teacht chun an naíonra.

Deir na rannpháirtithe ar fad ó Hillview Montessori go bhfreagraíonn na páistí i mBéarla amháin nuair a chuirtear ceist orthu i nGaeilge, gur Béarla amháin a labhraíonn na páistí eatarthu féin taobh istigh den naíonra, sa gclós agus taobh amuigh den naíonra, agus nach bhfuil aon ghrúpa ar leith páistí sa naíonra a bhfuil an Ghaeilge in uachtar ina measc. Tuairiscíonn an rannpháirtí ó Naíonra Ráth Chairn go bhfreagraíonn na páistí i mBéarla den chuid is mó nuair a chuirtear ceist orthu i nGaeilge agus gur Béarla den chuid is mó a labhraíonn siad ina measc féin taobh istigh den naíonra, sa gclós agus taobh amuigh den naíonra. Tuairiscítear go bhfuil grúpa áirithe páistí a labhraíonn Gaeilge den chuid is mó eatarthu féin, agus go bhfuil an grúpa sin comhdhéanta de chainteoíri T1 Gaeilge.

### 5.6.3. Áiseanna agus Acmhainní

#### 5.6.3.1. Leabhair

Mar a léirítear thíos tá formhór na n-oibrithe i naíonraí an LPT idir dhá chomhairle faoi chaighdeán na leabhar Gaeilge do pháistí réamhscoile:




Figiúr 5.87: Dearcadh i leith Leabhar Gaeilge

Creideann na rannpháirtithe ar fad ó Hillview Montessori nach bhfeileann na leabhair Ghaeilge go maith do na páistí sa naíonra sin, agus go deimhin maíonn bainisteoir an naíonra sin mar chuid den eolas ginearálta a thugann sí faoin naíonra go dteastaíonn raon níos leithne leabhar Gaeilge uathu.

#### 5.6.3.2. Acmhainní Eile


Deir na rannpháirtithe ar fad ó Hillview Montessori gur mhaith leo níos mó acmhainní Gaeilge a úsáid, ach easaontaíonn beirt acu go bhfuil feiceálacht na Gaeilge sa naíonra tábhachtach. Aontaíonn na rannpháirtithe d'aonghuth nach bhfuil sé éasca teacht ar ábhar i nGaeilge don naíonra ach dá n-úsáidfidís níos mó acmhainní Gaeilge go mbeadh tionchar aige sin ar úsáid na Gaeilge sa naíonra. Is léir uaidh sin go gcaithfear breathnú sa bplean teanga ar sholáthar acmhainní Gaeilge atá feiliúnach do pháistí réamhscoile ó chúrlaí éagsúla teanga.



Figiúr 5.88: Dearcadh i leith Acmhainní Gaeilge

#### 5.6.4. Dearcadh i leith na Gaeilge

Iarradh ar na rannpháirtithe a ndearchtaí a léiriú ar cheithre ráiteas ginearálta maidir le cúrsaí teanga sa gcóras oideachais:



Figiúr 5.89: Dearcadh i leith na Gaeilge

Creideann formhór an tsampla go gcuidíonn an réamhscolaíocht trí Ghaeilge le cainteoirí T1 Gaeilge a bheith níos muiníní as a cuid Gaeilge agus ceapann an leathchuid gur cuid thábhachtach í d'fhéiniúlacht pháistí na Gaeltacha chomh maith.

#### 5.6.4.1. Cúrsaí

Níor fhreastail aon duine de na rannpháirtithe sa taighde seo ar chúrsa forbartha gairmiúla diríthe ar chúrsaí teanga riamh, ach deir gach duine acu go mbeadh spéis acu freastal ar chúrsa Gaeilge (m.sh. labhairt na Gaeilge, gramadach na Gaeilge, saibhreas teanga, srl.), ar chúrsa ar mhúineadh trí mheán na Gaeilge agus ar chúrsa a bhaineann le feasacht teanga. Tá sé an-soiléir mar sin go gcaithfear freastal a dhéanamh ar mhianta na n-oibrithe sna naíonraí sa réimse seo agus cúrsaí praiticiúla d'ardchaighdeán a chur ar fáil dóibh sna hábhair thuasluaite. Go deimhin, creideann duine amháin de na rannpháirtithe go gcuirfí go mór le muinín na foirne agus leis an tseirbhís atá á cur ar fáil acu dá gcuirfí cúrsaí mar atá luaithe thusa ar fáil dóibh.

## 5.7. Táital

### 5.7.1. Pobal an LPT

Tá ábhar dóchais le fáil sa taighde seo a rinneadh i measc an phobail. Léiríonn an ráta ard freagartha, i gceantar Ráth Chairn ach go háirithe, go bhfuil formhór phobal an LPT sásta a bheith páirteach sa dioscúrsa ar chúrsaí teanga sa LPT agus sa bpróiseas pleánala teanga. Chomh maith leis sin, léirítéar i dtorthaí an taighde seo go bhfuil inniúlacht sa nGaeilge (i. Gaeilge líofa nó Gaeilge réasúnta maith) ag sciar suntasach den phobal (55.3%: rannóg 5.2.2) agus go bhfuil dearcadh an-dearfach ag formhór na rannpháirtithe i leith na Gaeilge (rannóg 5.2.5). Chomh maith leis sin, bhí an ceathrú cuid den sampla sásta an t-am a ghlacadh le bearta a mholadh don phleán teanga ag deireadh an cheistneora (rannóg 5.2.5.1).

Mar sin féin, tá cúiseanna imní le haithint sa taighde chomh maith: ní thuariscíonn ach mionlach (27.3% den sampla) gur tógadh le Gaeilge amháin nó le Gaeilge den chuid is mó iad (rannóg 5.2.2), agus de réir na bpatrún náisiúnta (m.sh. Mac Donnacha et al., 2005; Ó Giollagáin et al., 2007b; Lenach et al., 2012; Ó Giollagáin & Charlton, 2015; An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017) ní féidir a bheith ag súil go bhfuil ardú tagtha ar líon na dteaghlach atá á dtóigáil le Gaeilge sa LPT ó rugadh rannpháirtithe an taighde seo. Chomh maith leis sin, labhraíonn níos lú ná aon trian den sampla an Ghaeilge ar bhonn laethúil agus tuairiscíonn 33.6% de na rannpháirtithe a bhfuil Gaeilge acu go labhraíonn siad Béarla le daoine eile a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu 'anois is arís' nó níos minice.

Tá sé fiorthábhachtach go mbreathnófar mar chuid den phleán teanga ar bhealaí le feasacht ar cheist na teanga ardú, ar chumas Gaeilge dhaonra an LPT a ardú agus ar bhealaí le dul i bhfeidhm ar an gcleachtas teanga thuasluaithe. Mar chuid de sin, beidh sé riachtanach soláthar áiseanna agus seirbhísí ar ardchaighdeán trí Ghaeilge a chinntí (rannóg 5.2.4 agus cúram faoi leith a dhéanamh de mholtáí na rannpháirtithe iad féin (rannóg 5.2.5.1).

### 5.7.2. Daoine Óga

Cé go dtuairiscíonn formhór na ndaoine óga go bhfuil ardchumas Gaeilge acu féin (rannóg 5.3.2), is léir ó thorthaí an taighde seo nach leor é sin le cinntí go maifidh an Ghaeilge mar theanga theaghlaigh sa LPT: is mionlaigh bheaga a mhaíonn go bhfuil an Ghaeilge in uachtar sa mbaile agus go bhfuil inniúlacht sa nGaeilge ag a dtuismitheoirí/caomhnóirí (rannóga 5.3.2, 5.3.3). Is ábhar imní é seo ó thaobh inmharthanacht na Gaeilge sa LPT de mar go léiríonn sé nach bhfuil seachadadh idirghlúineach na Gaeilge ag tarlú go forleathan sa LPT. Tá an seachadadh idirghlúineach seo fiorthábhachtach in iarrachtaí caomhnaithe nó athnearaithe teanga (féach, m.sh., Cooper, 1989: 159; Fishman, 1991: 67; Mac Donnacha, 2000: 20; King et al., 2008: 917; Ó Giollagáin, 2012: 28), agus 'mura mbíonn an seachadadh idirghlúineach ag feidhmiú mar is ceart, ní bhíonn sé de chumas ná d'acmhainn ag an bpobal teanga a bheith á atáirgeadh féin agus á threisiú féin ó ghlúin go glúin' (Ní Dhoimhín, 2015: 1).

Léirítéar sa taighde seo chomh maith go bhfuil stádas na Gaeilge mar theanga phobail i mbaol. Is Béarla amháin a labhraíonn formhór na ndaoine óga agus iad amuigh i measc an phobail, i mbun caitheamh aimsire agus ag plé le teicneolaíocht agus leis na meáin chumarsáide (rannóg 5.3.3). Tagann sé sin le tortaí an SCT, 'go bhfuil úsáid an Bhéarla go mór in uachtar i ngréasáin shóisialta na n-óg' (Ó Giollagáin et al., 2007b: 27).

Ina dhiaidh sin féin, feictear go bhfuil cleachtas teanga níos fabhraí don Ghaeilge i bhfeidhm i scoileanna an LPT: deir 79.5% de na rannpháirtithe go labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí nó beagnach i gcónaí lena gcuid múinteoirí. Cé nach ndeir ach 22.4% gurb amhlaidh an cás agus iad ag labhairt lena gcuid cairde ar scoil, tá sé sin fós i bhfad níos airde ná céatadán na ndaoine óga a labhraíonn Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó le cairde taobh amuigh den scoil (rannóga 5.3.3.2, 5.3.3.3). Tá sé le tuiscint uaidh sin go n-imríonn bainisteoirí

teanga (go háirithe má tá údarás ag na bainisteoirí sin, mar atá ag na múinteoirí sa gcás seo) an-tionchar ar chleachtas teanga na ndaoine óga, go háirithe agus iad in aois na bunscoile. Tá dóchas ann, mar sin, go bhféadfaí dul i bhfeidhm ar chleachtas teanga óige an LPT dá ndéanfaí feasacht teanga a ardú i measc daoine fásta a bhíonn ag plé leo i suiomhanna éagsúla (m.sh. traenálaithe spóirt, freastalaithe, lucht na siopáí, srl.) agus iad a spreagadh le feidhmiú mar bhainisteoirí teanga sa bpobal.

Tá dóchas le brath freisin ar fhaisnéis na ndaoine óga i dtaca lena ndearcadh i leith na Gaeilge: ar an mórchóir, tacáonn na daoine óga sa gceantar leis an nGaeilge mar theanga phobail agus tá dearcadh dearfach acu ina leith. Chomh maith leis sin, léiríonn líon réasúnta ard daoine óga spéis in imeachtaí, áiseanna agus acmhainní Gaeilge.

### 5.7.3. Tuismitheoirí agus Caomhnóirí

Is léir ó thorthaí an taighde seo gur meascán de chúlraí agus de chumais teanga atá i gceist i gcás thromlach na dteaghlaigh sa LPT. Fágann sé seo go gcaithfear aghaidh a thabhairt sa bplean teanga ar na dúshlán breise a bhaineann le clann a thógáil le Gaeilge ‘má chuir na tuismitheoirí aithne ar a chéile trí Bhéarla agus má tá an Béarla in uachtar ina gcaidreamh pearsanta féin sula dtagann an chlann ar an saol, nó má tharlaíonn sé nach bhfuil an Ghaeilge ach ag duine amháin de na tuismitheoirí’ (Ó Giollagáin et al., 2007b: 27).

Léirítear sa taighde seo chomh maith an ceangal láidir atá idir an Ghaeltacht i gCo. na Mí agus áiteanna agus bailte eile mórthimpeall uirthi, go háirithe an Uaimh, Baile Átha Buí, Baile Átha Troim, Ceanannas agus Baile Átha Cliath. Tá sé tábhachtach, mar sin, go dtabharfar na ceangail seo san áireamh agus bearta á leagan amach don phlean teanga.

Tá sé le feiceáil i bhfaisnéis na dtuismitheoirí/caomhnóirí – an oiread le faisnéis na ndaoine óga agus na múinteoirí – go mbíonn dea-thionchar ag an scoil ar chumas agus ar chleachtas teanga pháistí an LPT, go háirithe i measc páistí nach bhfaigheann ionchur Gaeilge sa mbaile. Mar sin féin, tá gá le deiseanna neamhfhoirmiúla úsáide Gaeilge a chruthú do dhaoine óga sa LPT chomh maith ionas go leathnófar an cleachtas teanga seo taobh amuigh de gheata na scoile agus go gcoinneofar an Ghaeilge mar theanga phobail sa LPT. Caithfear chomh maith tacáiochtaí agus spreagthaí a chur ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do theaghlaigh – idir theaghlaigh le Gaeilge, teaghlaigh le cumas measctha teanga agus teaghlaigh gan Ghaeilge – úsáid na Gaeilge a chothú i réimse an bhaile. Mar chuid den obair seo, caithfear feasacht a ardú ar cheisteanna teanga agus ar fhachtóirí a imríonn tionchar ar sheachadadh idirghluineach mionteangacha.

Ar deireadh, tá sé tábhachtach go mbreathnófar ar na seirbhísí agus ar na tacáiochtaí atá ag feastáil ó theaghlaigh an LPT le go mbeidh gach deis ar fáil dóibh siúd atá á iarraidh an Ghaeilge a úsáid i ‘chuile réimse de shaol an LPT.

### 5.7.4. Múinteoirí Scoile

Tá polasaithe teanga réasúnta láidir i bhfeidhm sna trí scoil a ghlac páirt sa taighde seo. Tugann na príomhoidí le fios go bhfuil sé i gceist ag gach scoil cur isteach ar aitheantas mar scoil Ghaeltachta faoin Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 agus gurb í an Ghaeilge atá in uachtar mar theanga oibre sna scoileanna, agus tá an luath-thumoideachas i bhfeidhm sa dá bhunscoil. Tá ardchumas teanga ag formhór na múinteoirí agus tá cleachtas teanga fabhrach don Ghaeilge i bhfeidhm acu sa seomra ranga, go háirithe ag an mbunleibhéal. Ar an iomlán, tá dearcadh dearfach ag múinteoirí an LPT i leith na Gaeilge agus tacáiocht ann ina measc don phróiseas pleánala teanga.

Ó thaobh áiseanna agus acmhainní de, is léir ón taighde seo go gcaithfear níos mó acmhainní Gaeilge ar ardchaighdeán a chur ar fáil do na scoileanna agus do na múinteoirí sa LPT le tacú

leis na múinteoirí agus le húsáid acmhainní Béarla agus feiceálacht nó seasamh an Bhéarla sna scoileanna a íoslaghdú (Ó Curnáin, 2012: 93, 106; Ó Laighin, 2012: 160; Watson, 2012: 255).

Léiríonn torthaí an taighde seo go bhfuil ag éirí le scoileanna an LPT cumas Gaeilge na ndaltaí a ardú le linn na mblianta scoile, ach ina ainneoin sin ní hí an Ghaeilge atá in uachtar mar theanga shóisialta ina measc. Feictear go n-imríonn an scoil tionchar dearfach áirithe ar an gcleachtas teanga sin, ach nach bhfuil ag éirí leis na scoileanna/leis an bpobal an cleachtas sin a bhuanú i measc daoine óga lasmuigh de chomhthéacs na scoile (rannóg 5.5.3.2). Caithfear tuilleadh áiseanna agus seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil do dhaoine óga taobh amuigh agus taobh istigh de chomhthéacs na scoile: léirítear i *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta* go bhfuil an easpa seirbhísí Gaeilge do dhaltaí scoile ag cur le huileláithreacht an Bhéarla i saol na Gaeltachta (2005: 17).

Agus bearta á gceapadh i réimse an oideachais don Phlean Teanga, aithnítear nár chóir cur leis an ualach oibre atá cheana féin ar na múinteoirí atá ag feidhmiú i scoileanna an LPT seo. Beidh sé de sprioc ag an bPlean Teanga tacú le múinteoirí an cheantair agus na tacaíochtaí éagsúla a theastaíonn uathu a shonrú agus a éileamh.

Aithnítear freisin nach féidir cuid mhaith de na dúshláin a thagann chun solais sa taighde seo a shárú ag an leibhéal áitiúil gan aontú, treoir agus tacaíocht na Roinne Oideachais agus Scileanna.

### **5.7.5. Foireann Naíonraí**

Is deacair conclúidí fiúntacha a tharraingt i gcás an taighde seo de bharr a laghad freagraí a fuarthas. Is léir, áfach, go gcaithfear breathnú ar sholáthar acmhainní agus oiliúna d'fhoireann na naíonraí sa LPT, agus chomh maith leis sin gur gá breathnú ar fhéidearthachtaí le seirbhísí réamhscolaíochta a chur ar fáil trí Ghaeilge do phobal Bhaile Ghib.

## 6. Bearta an Phlean Teanga

### 6.1. Réamhrá

Déantar cur síos sa mír seo ar bhearta an phlean teanga. Sonraítear ar dtús roinnt beart a bheas riachtanach le cinntiú gur féidir an pleán a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach agus comhordaithe. Déantar bearta eile an phlean teanga a rangú de réir na réimsí atá leagtha amach sna Treoirlínte Pleanála Teanga (An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2016: 53), is iad sin:

- A. An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);
- B. Seirbhísí Cúram Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga;
- C. Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghráupaí Eile;
- D. Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chórás Oideachais;
- E. An Earnáil Ghnó;
- F. Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn;
- G. Na Meáin Chumarsáide;
- H. Seirbhísí Poiblí;
- I. Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil;
- J. Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire;
- K. Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nónsmhaireacht an phobail ina leith.

Sonraítear faoi gach beart an réimse nó na réimsí agus na critéir pleanála teanga<sup>45</sup> lena mbaineann an beart, aidhm an bhirt agus cur síos ar a bhfuil i gceist leis. Luaitear le gach beart chomh maith na páirtithe leasmhara uilig a bheas i gceist, scála ama, costas, dúshlán a d'fhéadfadh eascairt as an mbeart agus na bealaí trína ndéanfar monatóireacht ar an mbeart.

Agus bearta á gceapadh don phlean teanga seo, tugtar aitheantas faoi leith do na difríochtaí idir an dá chuid den LPT, Ráth Chairn agus Baile Ghib, go háirithe ó thaobh staid na Gaeilge agus soláthar seirbhísí de.

---

<sup>45</sup> Liostaítear na critéir pleanála teanga in Agusín II.

## 6.2. Feidhmiú an Phlean Teanga

### 6.2.1. Struchtúr Feidhmithe

Réimsí:	K	Critéir pleanála teanga:	1, 19		
Aidhm:	Struchtúr a bhunú agus a bhuanú a chinnteois go gcuirfear an plean teanga i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach.				
		<b>An Cheanneagraíocht:</b> Feidhmeoidh Comharchumann Ráth Chairn mar cheanneagraíocht sa bpróiseas pleanála teanga le linn thréimhse seacht mbliana chur i bhfeidhm an phlean. Is tríd an gceanneagraíocht a chuirfear maoiniú ar fáil do na bearta éagsúla agus beidh sí ina príomhúinéir ar roinnt beart chomh maith.			
		<b>CPTGM:</b> Coinneoidh CPTGM ag feidhmiú mar choiste stiúrtha don phróiseas pleanála teanga ar bhonn deonach. Déanfar rólanna an choiste a athshainiú lena gcur in oiriúint don obair agus leagfar amach nósanna imeacha don Choiste. Reáchtálfar cruinní cinn bliana uair sa mbliain le baill CPTGM a athcheapadh agus/nó le baill nua a earcú.			
Cur síos:	<p><b>An tOifigeach Pleanála Teanga:</b> Fostófar Oifigeach Pleanála Teanga (OPT) agus is eisean/ise go príomha a bheas freagrach as an bplean teanga a chur i bhfeidhm agus as monatóireacht leanúnach a dhéanamh air. Moltar go mbeidh cáilíocht triú leibhéal sa bpleanáil teanga ag an OPT mar aon le cur amach ar an LPT agus taithí ar obair forbartha pobail. Beidh an OPT fostaithe ag an gceanneagraíocht agus oibreoidh sé/sí faoi stiúir CPTGM. In éineacht le hOifigeach Caidrimh Phoiblí CPTGM, feidhmeoidh an OPT mar phointe teagmhála don phobal maidir le cursáil pleanála teanga. Beidh sé de chead ag an OPT leasuithe a dhéanamh ar an bplean teanga seo agus/nó tionscadail nua nach n-áirítear anseo thíos a thorbairt agus a chur i bhfeidhm ach an tionscadal agus an buiséad a aontú le CPTGM agus leis an gceanneagraíocht roimh ré.</p> <p>Déanfar cruinnithe idir an OPT, CPTGM agus an cheanneagraíocht a eagrú ar bhonn míosúla (nó níos minice de réir mar is gá) chun plé a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean.</p>				
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht (príomhúinéir), CPTGM, an OPT				
Saolré an bhirt:	Bliain 1	Coinníollacha poist a thorbairt, post an OPT a thógairt agus OPT a hostú			
	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€410,300				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€58,614.29 (meánchostas in aghaidh na bliana) <sup>46</sup>				
Foinse maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta				
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshláin:</b> Teacht ar iarrthóirí feiliúnacha do phost an OPT.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Murar féidir teacht ar iarrthóirí leis na cáilíochtaí cuí, d'fhéadfaí duine a hostú a mbeadh taithí aige/aici ar réimsí ábhartha eile (m.sh. forbairt pobail) ar an gcoinníoll go dtabharfad sé/sí faoi cháilfacht sa bpleanáil teanga i ndiaidh a c(h)eapacháin.</p>				
	Cuirfidh an OPT tuairisc mhiosúil ar chur i bhfeidhm an phlean ar fáil do CPTGM.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart uilig sa bplean teanga.				

### 6.2.2. Láithreacht ar Líne

Réimsí:	G, K	Critéir pleanála teanga:	1, 16
---------	------	--------------------------	-------

<sup>46</sup> Tá briseadh síos iomlán ar na costais a bhaineann leis an mbeart seo i mír 7 den phlean teanga.

<b>Aidhm:</b>	Feasacht ar an bpróiseas pleanála teanga a fhorbairt i measc phobal an LPT agus pointe teagmhála a chur ar fáil do bhaill an phobail.
<b>Cur síos:</b>	Forbrófar suíomh gréasán do CPTGM agus cuirfear ar fáil air eolas faoin bplean agus faoi bhearta an phlean, sonraí teagmhála an OPT agus nuacht faoi chur i bhfeidhm an phlean i measc rudaí eile. Beidh an OPT freagrach as eolas reatha a chur ar an suíomh agus an suíomh a uasdátú de réir mar is cuí.
<b>Páiriithe leasmhara:</b>	An OPT (priomhúinéir), an cheanneagraíocht, CPTGM
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1</b> An suíomh a dhearadh, ábhar a réiteach agus an suíomh a sheoladh
	<b>Bliain 2-7</b> Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta iomlán:</b>	€10,500
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€7,500 do Bhliain 1 agus €500 in aghaidh na bliana do Bhliain 2-7 <sup>47</sup>
<b>Foinse maoiniithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.

<sup>47</sup> Meastachán faigte ó Granite Digital, glaoch guthán ar an 6 Nollaig 2017. Tá briseadh síos iomlán ar na costais a bhaineann leis an mbeart seo i mír 7 den phlean teanga.

### 6.2.3. Bunachar Teagmhálaithe

Réimsí:	K	Critéir pleanála teanga: 1, 19
Aidhm:	Pobal an LPT a choinneáil ar an eolas faoi chur i bhfeidhm an phlean teanga agus obair an OPT a éascú.	
Cur síos:	<p>Le cead na ndaoine a bheas i gceist agus ag teacht leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus an reachtaíocht chuí, coinneoidh an OPT bunachar teagmhálaithe (ainm, seoladh ríomhphoist) de bhaill phobal an LPT a bhfuil spéis faoi leith acu sa bpróiseas pleanála teanga, idir bhaill coistí agus eagraíochtaí éagsúla, fhoireann na scoileanna, tuismitheoirí, lucht gnó, lucht caitheamh aimsire agus ghnáthbhaill an phobail.</p> <p>Beidh an OPT in ann na sonraí teagmhála seo a úsáid leis an nuachtlitir (Beart 6.8.1) agus nuacht eile faoin bplean teanga a scaipeadh.</p>	
Páirtithe leasmhara:	An OPT (príomhúinéir), CPTGM, an cheanneagraíocht, pobal an LPT	
Saolré an bhirt:	<b>Bliain 1-7</b> Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.	
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.	
Foinse maoinithe:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.	
Dúshlán agus réitigh fhéideartha:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Ní bhaineann.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ní bhaineann.	

### 6.2.4. Monatóireacht

Réimsí:	K	Critéir pleanála teanga:	1, 19
Aidhm:	Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an phlean teanga.		
Cur síos:	<p>Tabharfar faoi roinnt gníomhartha monatóireachta ar bhonn rialta le cinntíú go mbeidh bearta an phlean teanga á gcur i bhfeidhm go héifeachtach agus go córasach. Is é an OPT a bheas freagrach as na cruinnithe agus as na gníomhartha monatóireachta eile a eagrú – ach amháin má shonraítear a mhalairt – agus as leasuithe a dhéanamh ar an bplean teanga de réir mar is cuí<sup>48</sup>. I measc na ngníomhartha monatóireachta seo:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Déanfar suirbhé ar na daoine óga sa LPT i mbliain 2, Bliain 4 agus Bliain 6 d'fheidhmiú an phlean teanga. Moltar an mhodheolaíocht chéanna a úsáid agus a úsáideadh sa taighde a rinneadh don phlean seo. D'fhéadfáí na ceistneoirí atá ar fáil in Agusín III a úsáid mar theimpléad, agus moltar go ndírítear ar aiseolas a fháil maidir le: <ul style="list-style-type: none"> <li>◦ Cleachtas teanga le linn caitheamh aimsire (m.sh. Bearta 6.5.2, 6.5.3, 6.5.4, 6.11.1, 6.11.2, 6.11.3, 6.11.4)</li> <li>◦ Teagmháil leis na meáin chumarsáide Ghaeilge (m.sh. Bearta 6.8.2, 6.8.3)</li> <li>◦ Dearcadh agus mianta i leith na Gaeilge (m.sh. Bearta 6.12.2, 6.12.13, 6.12.4)</li> </ul> </li> <li>• I mbliain 2, Bliain 4 agus Bliain 6 d'fheidhmiú an phlean teanga, dálítear foirmeacha gearra aiseolais ar thuismitheoirí/chaomhnóirí le haiseolas a fháil maidir leis an úsáid a bhaineann siad as seirbhísí agus eile a chuirfear ar fáil mar chuid den phlean teanga (m.sh. Bearta 6.3.5, 6.4.1, 6.4.2, 6.4.3, 6.4.4, 6.4.5, 6.6.1). Moltar an mhodheolaíocht chéanna a úsáid agus a úsáideadh sa taighde a rinneadh don phlean seo.</li> <li>• Tabharfar ceistneoir gairid a dhíreos ar chleachtas teanga do na daoine a fhreastalaíonn ar ranganna Gaeilge (Beart 6.6.1) ag túis agus ag deireadh an chúrsa.</li> <li>• Ag baint úsáid as na sonraí teagmhála a bhaileofar faoi Bheart 6.4.4, cuirfear ceistneoir gairid chuig na feighlithe páistí faoin úsáid a bhaineann siad as an nGaeilge mar chuid dá gcuid oibre.</li> <li>• Eagrófar cruinniú bliantúil le príomhoidí scoileanna an LPT le plé a dhéanamh ar éifeacht na mbeart a bhaineann leis an gcóras oideachais (m.sh. Beart 6.3.1, 6.3.3, 6.3.4, 6.3.6). Mura bhfeileann sé don phríomhoide freastal ar chruinniú, iarrfar air/uirthi foirm ghairid aiseolais a líonadh le heolas a thabhairt maidir le héifeacht na mbeart éagsúil.</li> <li>• Déanfar teagmháil le coistí agus/nó le ceanneagraíochtaí pleanála teanga i LPTanna eile uair sa mbliain (nó níos minice de réir mar is gá) le plé a dhéanamh ar fheidhmiú na bpleannanna trí chéile agus ar fhéidearthachtaí comhoibrithe a chuideodh leis na coistí/ceanneagraíochtaí acmhainní a shábháil agus dúbailt oibre a sheachaint.</li> </ul>		
Páirtithe leasmhara:	An OPT (príomhúinéir), CPTGM, an cheanneagraíocht, na páirtithe leasmhara uilig a luaitear i mbearta an phlean teanga		
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€3,192		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€456 (síntiús bliantúil do phacáiste 'Advantage' SurveyMonkey <sup>49</sup> )		
Foinse maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta		

<sup>48</sup> Caithfear gach leasú molta a aontú le CPTGM agus leis an gceanneagraíocht sula gcuirtear i bhfeidhm é.

<sup>49</sup> Costas bliantúil don phacáiste 'Advantage' ó SurveyMonkey ([https://www.surveymonkey.com/pricing/?ut\\_source=header](https://www.surveymonkey.com/pricing/?ut_source=header)) ar an 8 Nollaig 2017.

Dúshlán agus réitigh fhéideartha:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Ní bhaineann.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ní bhaineann.

## 6.3. An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

### 6.3.1. Nascanna idir scoileanna an LPT a láidriú

Réimsí:	A	Critéir pleanála teanga:	2, 4, 5, 8
<b>Aidhm:</b>	Caidrimh shóisialta a chothú idir dhaoine óga sa LPT agus daltaí a théann chuig bunscoileanna Gaeltachta a spreagadh le leanacht ar aghaidh go dtí Coláiste Pobail Ráth Chairn.		
<b>Cur síos:</b>	<p>Tabharfar bainistíocht na scoileanna le chéile le plé a dhéanamh ar an mbealach is fearr le tuismitheoirí a chuireann a gcuid páistí chuig bunscoileanna Gaeltachta a spreagadh lena gcuid páistí a choinneáil sa gcorás oideachais Gaeltachta don dara leibhéal. Déanfar poiblíocht/bolscaireacht ar na buntáistí a bhaineann lena leithéid de rogha.</p> <p>Déanfar daltaí meánscoile a earcú mar 'ambasadóirí teanga' le cuairt a thabhairt ar bhunscoileanna an cheantair agus labhairt leis na daltaí faoi thábhacht na Gaeilge agus faoi ról na ndaoine óga agus na scoileanna i gcaomhnú na Gaeilge sa LPT. Bronnfar teastas ar na hambasadóirí teanga seo a bheas siad in ann a úsáid le cur lena CVanna.</p>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An OPT (príomhúinéir), CPTGM, an cheanneagraíocht, bainistíocht agus foireann scoileanna an LPT, daltaí scoile an LPT		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1-7</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.		
<b>Foinse maoinithe:</b>	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.		
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na gcruiinnithe a eagraítear.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar eolas faoi éifeacht an bhirt ó phríomhoidí na scoileanna ag na cruiinnithe a luaitear i mBeart 6.2.4.		

### 6.3.2. Naíonra agus Naíolann do Bhaile Ghib

Réimsí:	A, B	Critéir pleanála teanga:	2, 3, 4, 7, 9
<b>Aidhm:</b>	Seirbhísí luathoideachais trí Ghaeilge a sholáthar i mBaile Ghib.		
<b>Cur síos:</b>	Le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta, bunófar naíonra agus naíolann Gaeltachta i mBaile Ghib.	Faoin mbeart seo, d'fhéadfaí naíonra/naíolann nua a bhunú nó tacaíocht a chur ar fáil do Hillview Montessori atá ag feidhmiú (trí Bhéarla) cheana i mBaile Ghib sruth/seirbhísí Gaeilge a fhorbairt.	
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An OPT (priomhúinéir), Údarás na Gaeltachta, CPTGM, an cheanneagraíocht, Comhar Naíonraí na Gaeltachta		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt (cuirfear tús leis an mbeart seo i mBliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt)	
<b>Costas measta iomlán:</b>	€1,250,000 (€500,000 de bhuiséad caipítil le hionad don naíonra/naíolann a thógáil agus/nó a chóiriú + €150,000 de bhuiséad reatha in aghaidh na bliana do Bliain 3-7) <sup>50</sup>		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€178,571 (meánchostas in aghaidh na bliana) <sup>51</sup>		
<b>Foinse maoinithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta		
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht ar an mbeart seo má bhaintear amach aidhm an bhirt.		

<sup>50</sup> Meastachán faigthe ó Una Ní Fhaircheallaigh, bunaithe ar luach agus ar bhuiséad reatha ionad Cúram Páistí Ráth Chairn (ar fiú €750,000 an t-ionad féin agus arbh fhiú €250,000 na costais reatha don ionad in 2015).

<sup>51</sup> Tá briseadh síos iomlán ar na costais a bhaineann leis an mbeart seo i mír 7 den phlean teanga.

### 6.3.3. Scéim na gCúntóirí Teanga

Réimsí:	A	Critéir pleanála teanga:	4, 5, 6, 8
<b>Aidhm:</b>	Scéim na gCúntóirí Teanga a leathnú amach ionas go mbeidh cúntóirí teanga ag feidhmiú i scoileanna Gaeltachta an LPT i gcaitheamh na scoilbhliana uilg.		
<b>Cur síos:</b>	Déanfar stoaireacht ar an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhar le scoileanna agus naónraí an LPT, le polaiteoirí áitiúla agus le heagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta oideachais agus Gaeilge le Scéim na gCúntóirí Teanga a leathnú amach ionas go mbeidh cúntóirí teanga sa scoil nuair a fhilleann na daltaí ar an scoil i mí Mheán Fómhair agus sula gcríochnaíonn siad don samhradh.		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An OPT (priomhúinéir), CPTGM, an cheanneagraíocht, foireann scoileanna agus naónraí an LPT, tuismitheoirí/caomhnóirí an LPT, polaiteoirí áitiúla, Muintearas Teo., Gaeloideachas Teo., COGG, Conradh na Gaeilge, Aontais na Múinteoirí (ASTI, TUI agus INTO)		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 2-7</b>	Feidhmiú an bhirt (cuirfear tús leis an mbeart seo i mBliain 1 agus leanfar leis go mbainfeart amach aidhm an bhirt)	
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.1.		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.1.		
<b>Foinse maoinithe:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.1.		
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht ar an mbeart seo má bhaintear amach aidhm an bhirt.		

### 6.3.4. Míreanna Físe

Réimsí:	A, G	Critéir pleanála teanga:	5, 8, 10, 11				
<b>Aidhm:</b>	Míreanna físe ar ardchaighdeán a chur ar fáil i nGaeilge le húsáid sa seomra ranga.						
<b>Cur síos:</b>	<p>I gcomhar le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, le TG4 nó le grúpaí eile, déanfar mionchúrsai scannánaíochta/campaí Cásca nó samhraidh a fhorbairt do dhaltaí Choláiste Pobail Ráth Chairn a chuirfeas ar chumas na ndaltaí míreanna físe (5-10 nóiméad) a thaifeadadh bunaithe ar thopací éagsúla oideachais (cur i láthair beag ar ghné den churaclam staire nó tíreolaíochta, turgnaimh eolaíochta, scéal gearr a léamh, srl.), a chur in eagarr agus a chur ar fáil do mhúinteoirí bunscoile an LPT le húsáid ina gcuid ranganna. Ag brath ar rath an bhirt, d'fhéadfáí scéim den chineál céanna a bhunú do ghearrscannán, do chlár raidió, do dhrámaí, srl.</p> <p>Pléifear féidearthachtaí le comhordaitheoirí na Máistreachta Gairmiúla san Oideachais (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) a gcuid mac léinn a chur ag obair le mic léinn chumarsáide/scannánaíochta/teicneolaíochta le míreanna físe oideachasúla a thairgeadh i nGaeilge a bheadh feiliúnach do dhaltaí iarbunscoile ag gach leibhéal.</p>						
<b>Páirtíthe leasmhara:</b>	An OPT (príomhúinéir), Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, TG4, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, CPTGM, an cheanneagraíocht, múinteoirí an LPT, óige an LPT						
<b>Saolré an bhirt:</b>	<table border="1"> <tr> <td><b>Bliain 3</b></td><td>Socruthe agus ullmhúchán</td></tr> <tr> <td><b>Bliain 3-7</b></td><td>Feidhmiú an bhirt</td></tr> </table>	<b>Bliain 3</b>	Socruthe agus ullmhúchán	<b>Bliain 3-7</b>	Feidhmiú an bhirt		
<b>Bliain 3</b>	Socruthe agus ullmhúchán						
<b>Bliain 3-7</b>	Feidhmiú an bhirt						
<b>Costas measta iomlán:</b>	€3,000 (4 cheamara @ €500 + trealamh/bogearra eagarthóireachta @ €1,000)						
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Ní mheastar go mbeidh aon chostas bliantúil i gceist leis an mbeart seo.						
<b>Foinse maoiniúthe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta						
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Daltaí agus múinteoirí a thraenáil leis na ceamaraí a úsáid agus le heagarthóireacht a dhéanamh ar fhiseáin.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> I gcomhar le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, curfear seisiún traenálaí ar fáil do mhúinteoirí an LPT ionas go mbeidh siadsan in ann traenáil a chur ar na daltaí.</p>						
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar mhíreanna físe a thárgtear faoin mbeart seo.						
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar eolas faoi éifeacht an bhirt ó phríomhoidí na scoileanna ag na cruinnithe a luitear i mBeart 6.2.4.						

### 6.3.5. Club iarscoile

Réimsí:	A, B	Critéir pleanála teanga:	7, 8
<b>Aidhm:</b>	Tacaíocht teanga a thabhairt do dhaltaí nach bhfuil Gaeilge ag a gcuid tuismitheoirí/caomhnóirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bhfuil a bpáistí ag freastal ar scoileanna Gaeltachta ach nach bhfuil Gaeilge acu féin.		
<b>Cur síos:</b>	Bunófar club iarscoile do dhaltaí bhunscoileanna an LPT agus Choláiste Pobail Ráth Chairn. Reáchtálfar an club seo faoi dhó sa tseachtain <sup>52</sup> : tráthnóna amháin i Ráth Chairn agus tráthnóna eile i mBaile Ghib. Beidh áisitheoirí(i) (tuismitheoirí/caomhnóirí más féidir) i láthair ag an gclub le cuidiú leis na daltaí a gcuid obair bhaile a dhéanamh agus (i gcás na ndaltaí bunscoile) le cuidiú le tuismitheoirí/caomhnóirí nach bhfuil Gaeilge nó nach bhfuil mórán Gaeilge acu dul tríd an obair bhaile lena gcuid páistí.  D'fhéadfaí an club a reáchtáil sna scoileanna (i. scoil amháin i Ráth Chairn agus scoil amháin i mBaile Ghib) ag brath ar thoil fhoireann na scoileanna, nó in ionaid eile (m.sh. Áras Pobail Ráth Chairn, Halla Bhaile Ghib, srl.).		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An OPT (príomhúinéir), daltaí scoile an LPT, tuismitheoirí/caomhnóirí dhaltaí scoile an LPT, foireann na scoileanna		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 2</b> Socruithe agus ullmhúchán, earcú áisitheoirí <b>Bliain 2-7</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€13,530		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€2,460 (2 chlub x 36 seachtain @ €30 don áisitheoir + €300 le hábhar tacaíochta do thuismitheoirí/chaomhnóirí, srl. a phriontáil)		
<b>Foinse maoinithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta		
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>	<b>Dúshlán:</b> Áisitheoirí a earcú. <b>Réitigh mholtá:</b> Murar féidir teacht ar dhaoine feiliúnacha a bheadh sásta áisitheoireacht a dhéanamh ar an gclub, d'fhéadfadh an OPT cúram a dhéanamh de nó d'fhéadfaí daltaí ó Choláiste Pobail Ráth Chairn a mbeadh suim acu an obair a dhéanamh a thabhairt isteach ar róta.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar an tinreamh.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i líon na dtuismitheoirí/caomhnóirí a bhaineann leas as an tseirbhís.		

<sup>52</sup> D'fhéadfaí an club a reáchtáil níos minice ag brath ar éileamh agus ar acmhainní.

### 6.3.6. Feasacht Teanga i measc Óige an LPT

Réimsí:	A, K	Critéir pleanála teanga:	2, 6, 8, 19				
<b>Aidhm:</b>	Feasacht ar chúrsaí teanga a ardú i measc óige an LPT agus iad a chumasú le feidhmiú mar bhainisteoír teanga ag an micrileibhéal.						
<b>Cur síos:</b>	<p>I gColáiste Pobail Ráth Chairn, déanfar mionchúrsaí (don dara agus don tríú bliain) agus ceardlanna (blianta eile) a dhearadh agus a chur ar fáil bunaithe ar chúrsaí feasachta teanga, ar mhionteangacha, ar an bpleanáil teanga, ar athneartú teangacha agus ar an tsochttheangeolaíocht.</p> <p>I gcás bhunscoileanna an LPT, déanfar ábhar agus pointí plé a ullmhú a chuídeos le múinteoirí seisiún a eagrú sa seomra ranga ar bhonn rialta (uair sa tseachtain/sa gcoicís/sa mí) le plé a dhéanamh ar chúrsaí teanga. Cuirfear béis ar thábhacht na Gaeilge don LPT, ar chleachtas teanga, ar chomparáidí idir samplaí idirnáisiúnta agus an Ghaeilge agus ar an méid is féidir leis an duine aonair a dhéanamh don Ghaeilge sa LPT. D'fhéadfaí tionscadail ealaíne, srl. a úsáid mar chuid de na seisiún seo.</p>						
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An OPT (príomhúinéir), múinteoirí an LPT, óige an LPT, CPTGM, an cheanneagraíocht, COGG						
<b>Saolré an bhirt:</b>	<table border="1"> <tr> <td><b>Bliain 2</b></td> <td>Socruthe agus ullmhúchán</td> </tr> <tr> <td><b>Bliain 3-7</b></td> <td>Feidhmiú an bhirt</td> </tr> </table>			<b>Bliain 2</b>	Socruthe agus ullmhúchán	<b>Bliain 3-7</b>	Feidhmiú an bhirt
<b>Bliain 2</b>	Socruthe agus ullmhúchán						
<b>Bliain 3-7</b>	Feidhmiú an bhirt						
<b>Costas measta iomlán:</b>	€2,800						
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€400 (prioritáil)						
<b>Foinse maoinithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta						
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Daltaí a spreagadh le suim a chur sna seisiún plé.</p> <p><b>Réitigh mholtá:</b> I gcás ranganna bunscoile, d'fhéadfaí tograí ealaíne bunaithe ar chúrsaí teanga a úsáid le suim na ndaltaí a mhúscailt. I gcás na meánscoile, moltar go bhfaighidh an OPT comhairle ó na múinteoirí le seisiún agus gníomhaíochtaí a phleanáil a mbeadh spéis ag daltaí meánscoile iontu.</p>						
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na gcúrsaí/ceardlann a eagraítear faoin mbeart seo.						
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar eolas faoi éifeacht an bhirt ó phríomhoidí na scoileanna ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.4.						

## 6.4. Seirbhísí Cúram Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga

### 6.4.1. Scéim Chomhfhareagrais do Thuismitheoirí Nua

Réimsí:	B, D	Critéir pleanála teanga:	2, 7, 8, 11		
Aidhm:	Cur le líon na dteaghlaigh a labhraíonn Gaeilge sa mbaile.				
Cur síos:	Forbrófar scéim chomhfhareagrais do thuismitheoirí nua, i.e. cuirfear litir/pacáiste amach chuig tuismitheoirí nua a chláraíonn leis an scéim gach ráithe nó gach sé mhí ó breith an pháiste go ceann dhá bhliain le heolas maidir le forbairt chognaíoch agus teanga an pháiste, ranna agus cluichí beaga i nGaeilge a bheadh feiliúnach don pháiste ag an bpóinte sin, dlúthdhioscaí le suanraithe i nGaeilge srl. Moltar pacáistí éagsúla a ullmhú ag brath ar chumas teanga an tuismitheora/na dtuismitheoirí agus ar chleachtas teanga an teaghlaigh.				
Páirtithe leasmhara:	An OPT (priomhúinéir), CPTGM, an cheanneagraíocht, tuismitheoirí an LPT, múinteoirí agus stiúrthóirí naionra an LPT				
Saolré an bhirt:	<b>Bliain 1</b>	Socrúithe agus ullmhúchán			
	<b>Bliain 2-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€4,800				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€800 (ábhar agus priontáil)				
Foinse maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta				
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<b>Dúshlán:</b> Tuismitheoirí a spreagadh le clárú leis an scéim. <b>Réiteach molta:</b> Déanfar poiblíocht ar an scéim in oifigí dochtúirí teaghlaigh a mbíonn pobal an LPT ag freastal orthu, i naíolanna áitiúla agus ar an idirlón.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na dtuismitheoirí/caomhnóirí a chláraíonn leis an scéim.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ar na foirmeacha a luitear i mBeart 6.2.4.				

### 6.4.2. Acmhainní do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí

Réimsí:	B, C	Critéir pleanála teanga: 2, 7
Aidhm:	Tuilleadh acmhainní Gaeilge a chur ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí an LPT	
Cur síos:	<p>Roghnófar dhá sheomra nó ionad (ceann i Ráth Chairn, ceann i mBaile Ghib) agus forbrófar iad mar ionaid Tacaíochta Teanga do Theaghlaigh. Cuirfear bailiúchán ar fáil sna hionaid seo de leabhair Ghaeilge, de chluichí Gaeilge, de cheol Gaeilge, srl. ionas go mbeidh tuismitheoirí/chaomhnóirí in ann iad a thógáil ar iasacht ón ionad. Moltar chomh maith ábhar tacáiochta eile agus litríocht maidir le forbairt agus sealbhú teanga, tógáil páistí le Gaeilge, buntáistí an dátheangachais, srl. agus eolas faoin bpacáiste tacáiochta do thuismitheoirí atá ar fáil ó Roinn na Gaeltachta (<a href="https://www.chg.gov.ie/ga/gaeltacht/the-gaeltacht/language-support-schemes-programmes/language-support-pack/">https://www.chg.gov.ie/ga/gaeltacht/the-gaeltacht/language-support-schemes-programmes/language-support-pack/</a>) a chur ar fáil sna hionaid seo.</p> <p>D'fhéadfáí féidearthachtaí a phlé le Glór na nGael maidir le hurraíocht a dhéanamh ar an mbeart seo.</p> <p>I gcás Ráth Chairn, moltar comhoibriú leis an leabharlann ar an mbeart seo agus cur leis an mbailliúchán atá cheana féin ansin.</p>	
Páirtithe leasmhara:	An OPT (priomhúinéir), CPTGM, an cheanneagraíocht, Leabharlann Phoiblí Ráth Chairn, tuismitheoirí/chaomhnóirí an LPT, Glór na nGael	
Saolré an bhirt:	<b>Bliain 1</b> Socruthe agus ullmhúchán, ceannach ábhar, srl. <b>Bliain 1-7</b> Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€4,400	
Costas measta in aghaidh na bliana:	€629 (meánchostas in aghaidh na bliana) <sup>53</sup>	
Foinse maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta	
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<b>Dúshláin:</b> Tuismitheoirí/chaomhnóirí a spreagadh leis na háiseanna a úsáid. <b>Réiteach molta:</b> Déanfar poiblíocht ar an dá ionad in oifigí dochúirí teaghlaigh a bhíonn ag freastal ar an LPT, i naíolanna agus naíonraí an LPT agus i scoileanna an LPT.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a bhaineann úsáid as na hionaid.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ar na foirmeacha a luitear i mBeart 6.2.4.	

<sup>53</sup> Tá briseadh síos iomlán ar na costais a bhaineann leis an mbeart seo i mír 7 den phlean teanga.

### 6.4.3. Grúpa Thuismitheoirí/Caomhnóirí na Scoileanna Gaeltachta

Réimsí:	A, B, D	Critéir pleanála teanga:	7, 8, 10, 19		
<b>Aidhm:</b>	Feasacht a ardú i measc tuismitheoirí/caomhnóirí ar roghanna teanga agus iad a spreagadh le Gaelge a thabhairt isteach i réimse an bhaile.				
<b>Cur síos:</b>	<p>Tabharfar tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar na náionraí agus ar na scoileanna sa LPT le chéile gach dara mí le plé a dhéanamh ar bhealaí inar féidir leo cuidiú lena bpáistí (m.sh. le hobair bhaile), ar dheacrachtaí a bhíonn ag tuismitheoirí/caomhnóirí éagsúla (m.sh. teachlaigh le Gaelge, tuismitheoirí/caomhnóirí nach bhfuil Gaelge acu), agus araile. Moltar an OPT a bheith i láthair leis an bplé a éascú agus le ceisteanna a fhreagraírt, ach leagan neamhfhoirmeálta a bheith ar an teacht le chéile. Moltar chomh maith go gcuirfear tae agus caifé ar fáil agus go dtabharfar deis do na tuismitheoirí/caomhnóirí labhairt ina measc féin agus aithne a chur ar a chéile, ag súil go dtiocfaidh líonraí sóisialta Gaelge as na grúpaí seo chomh maith.</p> <p>Ag brath ar éileamh, d'fhéadfáí trí ghrúpa a reáchtáil: tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil a bpáistí ag freastal ar náionra nó ar bhunscoil i mBaile Ghib, tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil a bpáistí ag freastal ar náionra nó ar bhunscoil i Ráth Chairn agus tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil páistí meánscoile acu.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An OPT (priomhúinéir), CPTGM, foireann náionrá agus scoileanna an LPT, tuismitheoirí/caomhnóirí pháistí náionra agus scoile an LPT				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1</b>	Socruthe agus ullmhúchán			
	<b>Bliain 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta iomlán:</b>	€4,095				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€630 (sólaistí @ €30 + ábhar tacaíochta (de réir mar is gá) @ €50 x 6 theacht le chéile + 2 x aoichainteoirí €150)				
<b>Foinse maoinithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta				
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh.</p> <p><b>Réitigh mholtá:</b> larrfar ar fhoireann na scoileanna agus na náionraí an beart seo a lua le tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar an scoil/náionra agus/nó bileog a chur abhaile leis na páistí le heolas faoin mbeart agus faoi na buntáistí a bheinfeadh leis; gheofar aoichainteoirí suimiúla le labhairt leis na tuismitheoirí/caomhnóirí cúpla uair sa mbliaín le daoine a mhealladh ann.</p>				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na dtuismitheoirí/caomhnóirí a fhreastalaíonn.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Baileoidh an OPT eolas maidir le héifeacht an bhirt seo le linn an teacht le chéile.				

#### 6.4.4. Feighlithe Páistí

Réimsí:	B, D	Critéir pleanála teanga:	2, 3, 7, 8, 9, 11
<b>Aidhm:</b>	An t-ionchur Béarla a fhagheann páistí óga an LPT a íoslaghcdú trí chinntiú go bhfuil rochtain ag tuismitheoirí/caomhnóirí ar theighlithe páistí le Gaeilge líofa.		
<b>Cur síos:</b>	Le cead na ndaoine a bheas i gceist agus ag teacht leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus an reachtaíocht chuí, cuirfidh an OPT bunachar le chéile le sonraí teagmhála na bhfeighlithe páistí áitiúla a bhfuil Gaeilge líofa acu agus beidh cead ag tuismitheoirí/caomhnóirí teagmháil a dhéanamh leis an OPT le sonraí teagmhála a fháil d'fheighlí páistí. Déanfar poiblíocht ar an mbunachar seo i measc thuismitheoirí/chaomhnóirí an LPT agus déanfar tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh le feighlithe páistí le Gaeilge a fháil, beag beann ar a gcumas féin sa nGaeilge.		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An OPT (príomhúinéir), feighlithe páistí an LPT, tuismitheoirí/caomhnóirí an LPT		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1-7</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.1.		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.1.		
<b>Foinse maoinithe:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.1.		
<b>Dúshláin agus réitigh fhéidearthá:</b>	<b>Dúshlán:</b> Tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh le feighlithe a mbíonn Gaeilge acu a úsáid. <b>Réitigh mholtá:</b> Aird na dtuismitheoirí/caomhnóirí a tharraingt ar an gceist seo agus cursáí teanga á bplé agus mar chuid de na ranganna do thuismitheoirí/chaomhnóirí (Beart 6.6.1); poiblíocht chuí a dhéanamh ar an mbeart.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní bhaineann.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo tríd an gceistneoir a luaitear i mBeart 6.2.4.		

### 6.4.5. Áiseanna Spraoi

Réimsí:	B, I, J	Critéir pleanála teanga:	2, 7, 9, 11, 12
Aidhm:		Cur leis na háiseanna atá ar fáil sa LPT d'óige an cheantair agus le feiceálacht na Gaeilge iontu.	
Cur síos:		<p><b>Baile Ghib:</b> Forbrófar páirc spraoi nó áis de chineál eile in áit lárnach sa gceantar a thabharfas deis do thuismitheoirí/chaomhnóirí le páistí óga teacht le chéile ar bhonn neamhfhoirmiúil. Moltar polasaí soiléir teanga a chur i bhfeidhm san áit le cinntiú go mbeidh an Ghaeilge in uachtar sa timpeallacht agus go spreagfar daoine leis an oiread Gaeilge agus is féidir leo a úsáid agus iad ann.</p> <p><b>Ráth Chairn:</b> I gcomhar le COIS, tacófar le forbairt na páirce spraoi agus le feiceálacht na Gaeilge inti. Mar chuid den fhorbairt seo, d'fhéadfáí áit dheas suí a chur ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí a spreagfadh iad le nascanna a dhéanamh le chéile agus líonraí sóisialta a fhorbairt trí mheán na Gaeilge.</p> <p>Déanfar an chúirt cispheile a athchóiriú nó a athfhorbairt agus rud eicint eile a dhéanamh leis an spás le go mbeidh áit le timpeallacht láidir Ghaelach ar fáil d'óige an cheantair teacht le chéile go sóisialta.</p>	
Páirtithe leasmhara:		An cheanneagraíocht (príomhúinéir), COIS, an OPT, CPTGM, pobal an LPT, foireann naíonraí agus scoileanna an LPT	
Saolré an bhirt:	<b>Bliain 2-3</b> <b>Bliain 4-7</b>	Socruithe agus ullmhúchán Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:		€75,000 (€50,000 le háiseanna spraoi a fhorbairt i mBaile Ghib agus €25,000 le caitheamh ar an bpáirc spraoi i Ráth Chairn)	
Costas measta in aghaidh na bliana:		€18,750 (meánchostas in aghaidh na bliana) <sup>54</sup>	
Foinse maoinithe:		An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta	
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:		De bharr gur moladh é seo a tháinig ón bpobal, ní mheastar go mbeidh aon dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ar na foirmeacha a luaitear i mBeart 6.2.4.	

<sup>54</sup> Tá briseadh síos iomlán ar na costais a bhaineann leis an mbeart seo i mír 7 den phlean teanga.

## 6.5. Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile

### 6.5.1. Oifigeach don Óige

Réimsí:	C, F, K	Critéir pleanála teanga:	2, 8, 10, 11, 12, 19		
<b>Aidhm:</b>	An Ghaeilge a chur chun cinn mar ghnáth-theanga caidrimh agus shóisialta i measc óige an LPT agus feidhmiú éifeachtach an phlean teanga a chintiú.				
<b>Cur síos:</b>	Déanfar Oifigeach don Óige (OO) lánaimseartha a fhostú agus beidh freagracht ar an té sin as cur i bhfeidhm na mbeart a bhaineann leis an aos óg agus as monatóireacht a dhéanamh ar na bearta sin. Beidh an OO fostaithe ag an gceanneagraíocht, freagrach don OPT agus ag obair faoi stiúir CPTGM.				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An cheanneagraíocht (príomhúinéir), CPTGM, an OO, an OPT, óige an LPT				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta iomlán:</b>	€189,635.73				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	27,090.82 (meánchostas in aghaidh na bliana) <sup>55</sup>				
<b>Foinse maoinithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta				
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Teacht ar iarrthóirí feiliúnacha do phost an OO.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Murar féidir teacht ar iarrthóirí leis na cáilíochtaí cuí, d'fhéadfaí duine a fhostú a mbeadh taithí aige/aici ar réimsí ábhartha eile (m.sh. forbairt pobail, obair óige) ar an gcoinníoll go dtabharfadh sé/sí faoi chálíocht sa bpleanáil teanga i ndiaidh a c(h)eapacháin.</p>				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Cuirfidh an OPT tuairisc mhíosúil ar chur i bhfeidhm an phlean ar fáil do CPTGM.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart don aos óg sa bplean teanga.				

<sup>55</sup> Tá briseadh síos iomlán ar na costais a bhaineann leis an mbeart seo i mír 7 den phlean teanga.

### 6.5.2. Coiste Pleanála Teanga na nÓg

Réimsí:	C, F, K	Critéir pleanála teanga:	2, 8, 10, 11, 12, 19
Aidhm:	Feasacht ar chúrsaí teanga a ardú i measc óige an LPT agus iad a chumasú le feidhmiú mar bhaisteoír teanga ag an micrileibhéal.		
Cur síos:	Bunófar Coiste Pleanála Teanga na nÓg <sup>56</sup> , comhdhéanta de dhaoine óga (idir 12 bhliain d'aois agus 19 mbliana d'aois) ón dá thaobh den LPT. Beidh an coiste seo freagrach as imeachtaí a eagrú (m.sh. comórtas peile, díospóireachtaí, srl.) agus as an nGaeilge a chur chun cinn i measc na hóige – mar theanga shóisialta, ar na meáin shóisialta, srl. Feidhmeoidh an coiste seo faoi stiúir CPTGM.	Tiocfaidh Coiste Pleanála Teanga na nÓg le chéile uair sa mí (nó níos minice de réir mar is gá) agus deanfaidh ionadaí/ionadaithe ón gcoiste freastal ar chruinnithe CPTGM chun tuairisci a thabhairt ar an obair a bheas ar bun acu.	
Páirtithe leasmhara:	CPTGM (priomhúinéir), an OO, an OPT, an cheanneagraíocht, óige an LPT, Gael Linn, Coláiste na bhFiann		
Saolré an bhirt:	<b>Bliain 1-7</b>   Feidhmiú an bhirt		
Costas measta iomlán:	€7,000		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,000 (imeachtaí, poiblíocht, srl.)		
Foinse maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta		
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<b>Dúshlán:</b> Daoine óga a spreagadh le dul ar an gcoiste. <b>Réiteach molta:</b> Cuirfear seisiún eolais ar siúl sna meánscoileanna a mbíonn óige an LPT ag freastal orthu, ceadófar don choiste imeachtaí spreagúla agus turais a eagrú dóibh féin.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Gheobhaidh CPTGM tuairisci rialta ó Choiste Pleanála Teanga na nÓg.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheobhaidh CPTGM tuairisci rialta ó Choiste Pleanála Teanga na nÓg.		

<sup>56</sup> D'fhéadfai ainm eile a thabhairt air an gcoiste, ag brath ar mhianta na rannpháirtithe.

### 6.5.3. Spásanna Sóisialta

Réimsí:	C, J	Critéir pleanála teanga:	2, 8, 10, 11, 12				
Aidhm:	Ionaid a fhorbairt sa LPT a fheidhmeos mar thearmainn teanga d'óige an LPT.						
Cur síos:	<p><b>Baile Ghib:</b> Tá go leor áiseanna cheana féin ar fáil i Halla Bhaile Ghib, m.sh. boird haca aeir, leadóg bhoird, srl., mar sin forbrófar an spás sin mar spás sóisialta do dhéagóirí an cheantair a bheadh ar oscailt cúpla uair sa tseachtain mar ionad bualadh isteach/siamsaíochta.</p> <p><b>Ráth Chairn:</b> Forbrófar spás sóisialta mar ionad bualadh isteach do dhéagóirí an cheantair agus oscláfar é ar feadh cúpla uair an chloig i ndiaidh scoile nó cúpla tráthnóna le linn na seachtaire. D'fhéadfai an spás seo a fhorbairt mar chuid den athchóiriú a dhéanfar ar Áras Pobail Ráth Chairn (Beart 6.7.2).</p> <p>I gcás an dá áit curfear polasaí láidir teanga i bhfeidhm a chinnteodh go bhfeidhmeodh an dá ionad mar thearmainn teanga.</p>						
Páirtithe leasmhara:	An OO (príomhúinéir), an OPT, CPTGM, an cheanneagraíocht, Coiste Halla Bhaile Ghib, óige an LPT						
Saolré an bhirt:	<table border="1"> <tr> <td>Bliain 1</td> <td>Socruthe agus ullmhúchán</td> </tr> <tr> <td>Bliain 2-7</td> <td>Feidhmiú an bhirt</td> </tr> </table>	Bliain 1	Socruthe agus ullmhúchán	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt		
Bliain 1	Socruthe agus ullmhúchán						
Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt						
Costas measta iomlán:	€30,000						
Costas measta in aghaidh na bliana:	€5,000 (meánchostas in aghaidh na bliana) <sup>57</sup>						
Foinse maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta						
Dúshlán agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán:</b> A chinntíú go bhfeidhmíonn na spásanna sóisialta seo mar thearmainn teanga agus go mbíonn an Ghaeilge in uachtar mar theanga chumarsáide iontu.</p> <p><b>Réitigh fhéideartha:</b> Bheifí ag súil go gcuideodh bearta eile sa bplean teanga seo (m.sh. Beart 6.3.6) le feasacht daoine óga ar cheisteanna teanga a ardú; curfear polasaí teanga i bhfeidhm sna spásanna sóisialta agus cinnteofar go gcurfidh an tírdhreach teangeolaíoch sna spásanna leis an bpolasáí teanga sin.</p>						
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le cur i bhfeidhm an bhirt seo ón suirbhé a luaitear i mBeart 6.2.4.						
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ón suirbhé a luaitear i mBeart 6.2.4.						

<sup>57</sup> Tá briseadh síos iomlán ar na costais a bhaineann leis an mbeart seo i mír 7 den phlean teanga.

### 6.5.4. Clubanna Óige

Réimsí:	C, J	Critéir pleanála teanga:	2, 8, 10, 11, 12				
Aidhm:	An Ghaeilge a chothú mar theanga chumarsáide shóisialta i measc óige an LPT.						
Cur síos:	<p>Cinnteofar go bhfuil clubanna óige ar fáil sa LPT do na haoisghráupaí seo a leanas: 4-8 bl., 9-12 bl., 13-15 bl. agus 16-19 bl. Ag brath ar éileamh, bunófar clubanna i Ráth Chairn agus i mBaile Ghib, agus beidh na clubanna sin i dteagmháil le chéile le himeachtaí sóisialta a eagrú agus le tabhairt faoi chomhthionscadail. Mura mbeidh dóthain élimh ar na clubanna, bunófar club amháin le freastal ar an dá áit agus socrófar modh taistil (i. mionbhús) le daoine óga ó cheantar amháin a thabhairt go dtí an ceantar eile.</p> <p>Déanfar daoine óga ón gceantar (m.sh. ó Choláiste Pobail Ráth Chairn) a thraenáil le feidhmiú mar chinnírí sna clubanna sin agus úsáidfear cur chuige an tumoideachais sna clubanna. Leis na páistí óga, is iad na cinnírí a dhéanfas na himeachtaí a reáchtáil, ach sna clubanna do dhaoine 13+ bl. d'aois feidhmeoidh na cinnírí mar áisitheoirí agus is iad na daoine óga féin a eagrós na himeachtaí ar fad (i. múnla Ógras).</p> <p>I measc na ngníomhaíochtaí a chuirfear ar fáil sna clubanna óga beidh drámaíocht, spórt agus ealaíon. D'fhéadfai turais a eagrú chomh maith go dtí Oireachtas na Samhna, Liú Lúnasa agus a leithéidí.</p>						
Páirtithe leasmhara:	An OO (príomhúinéir), an OPT, an cheanneagraíocht, óige an LPT, Óige na Gaeltachta, Ógras						
Saolré an bhirt:	<table border="1"> <tr> <td>Bliain 1</td> <td>Socruthe agus ullmhúchán</td> </tr> <tr> <td>Bliain 1-7</td> <td>Feidhmiú an bhirt</td> </tr> </table>			Bliain 1	Socruthe agus ullmhúchán	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt
Bliain 1	Socruthe agus ullmhúchán						
Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt						
Costas measta ionlán:	€14,000						
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,000 (bus (más gá), trealamh, imeachtaí agus turais)						
Foinse maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta						
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán:</b> Áisitheoirí/cinnírí a earcú do na clubanna.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Mura mbíonn spéis ag dóthain daoine óga ó Choláiste Pobail Ráth Chairn cuidiú leis an mbeart seo, d'fhéadfai iarraidh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí sealáiocht a dhéanamh leis.</p>						
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.						
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ón suirbhé a luaitear i mBeart 6.2.4						

## 6.6. Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chórás Oideachais

### 6.6.1. Ranganna Gaeilge

Réimsí:	B, D, E, F, K	Critéir pleanála teanga:	3, 7, 11, 12, 13, 15
Aidhm:	Cumas Gaeilge phobal an LPT a ardú.		
	<p>Cuirfear ranganna neamhfhoirmiúla cumarsáid-bhunaithe ar fáil do phobal an LPT. Moltar ranganna a bheith saor in aisce do rannpháirtithe agus a chur ar fáil ag gach leibhéal agus ranganna le fócais éagsúla (m.sh. ranganna comhrá, sainranganna gramadaí, dianchúrsaí srl.) a bheith ann, ag brath ar éileamh. Le cinntí nach gcuirtear acmhainní amú, moltar athbhreithniú ar líon agus ar chineál na ranganna Gaeilge atá cheana féin á gcur ar fáil sa LPT mar réamhullmhúchán agus an beart seo á chur i bhfeidhm.</p> <p>Moltar go ndéanfadh lucht na ranganna dráma a léiriú ag deireadh an chúrsa, agus go mbunófaí nasc le LPT eile agus go dtóigfaí caidreamh le muintir an LPT sin trí chuairteanna agus malartuithe a eagrú.</p> <p>Chomh maith leis na ranganna a luaitear thus, cuirfear ranganna ar fáil do dhá spriocgħrupa faoi leith: tuismitheoirí/caomhnóirí agus an lucht gnó/seirbhísí/eagraíochtaí (féach thíos).</p> <p>Cuirfear bileog le chéile le heolas faoi na ranganna agus na hacmhainní uilig a bheas ar fáil sa LPT, chomh maith le hacmhainní agus cúrsaí ar líne (m.sh. <a href="http://www.dcu.ie/connected/Short-Courses.shtml">http://www.dcu.ie/connected/Short-Courses.shtml</a>).</p> <p><b>Tuismitheoirí/caomhnóirí:</b> Cuirfear ranganna/ciorcail comhrá saor in aisce ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bheas bunaithe ar chumarsáid laethúil idir tuismitheoirí/caomhnóirí agus páistí. Bunaithe ar aiseolas a fuarthas ó thuismitheoirí/chaomhnóirí agus an pleán teanga á ullmhú, moltar na ranganna/ciorcail comhrá a reáchtáil tar éis do na tuismitheoirí/caomhnóirí na páistí a fhágáil ag an scoil (m.sh. maidin caifé &amp; cainte) nó le linn do na páistí a bheith ag freastal ar chlub óige.</p> <p><b>An lucht gnó/seirbhísí/eagraíochtaí:</b> Reáchtálfar sainranganna don lucht gnó/seirbhísí/eagraíochtaí sa LPT agus sna bailte máguaird a mbeidh sé de sprioc acu daoine a chumasú le seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge. Beidh taighde nó comhairliúchán le déanamh le hoibríu amach cén t-am is fearr a fheilfeas don lucht freastail, agus moltar féidearthachtaí a phlé le gnólachtaí an cheantair agus le gnólachtaí atá lonnaithe sa LPT nó sna bailte máguaird uair an chloig <i>in lieu</i> a cheadú d'hostaithe as freastal ar rang Gaeilge.</p>		
Páirtithe leasmhara:	An OPT (príomhúinéir), an cheanneagraíocht, Údarás na Gaeltachta, pobal an LPT agus na mbailte máguaird		
Saolré an bhirt:	Bliain 1	Socruthe agus ullmhúchán	
	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt (ní gá go gcuirfi túis leis na ranganna uilig ag an am céanna, is féidir codanna éagsúla den bheart a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe)	
Costas measta ionlán:	€34,400		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€4,800 (6 rang x 20 seachtain @ €40 do gach múinteoir + €8,000 do Bhliain 1 le siollabas a dheardadh, ábhar a fhorbairt, comhairle sheachtrach a fháil, srl.)		
Foinse maoinithe:	Údarás na Gaeltachta		
Dúshlán agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán:</b> Daoine a spreagadh le freastal ar na ranganna.</p> <p><b>Réitigh mholtá:</b> Poiblíocht tharraingteach a dhéanamh ar na ranganna; daoine a mbeifear i dteagmháil leo faoi bhearta eile a spreagadh le freastal ar ranganna, srl.</p>		

## Mír 6: Bearta an Phlean Teanga

<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna éagsúla.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ón gceistneoir a luaitear i mBeart 6.2.4.

### 6.6.2. Scéim 'Caifé agus Caint'

Réimsí:	D, K	Critéir pleanála teanga:	2, 10, 11, 12
<b>Aidhm:</b>	Cur le líon na ndaoine sa LPT le cumas sa nGaeilge agus le líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa LPT; deiseanna a thabhairt d'foghlaimeoirí Gaeilge aithne a chur ar chainteoirí líofa agus a mhalairt.		
<b>Cur síos:</b>	<p>Cuirfear scéim ar bun a bhféadfaidh daoine le Gaeilge líofa agus daoine ar mian leo Gaeilge a fhoghlaím nó a gcuid Gaeilge a chleachtadh clárú uirthi (macasamhail na scéime den chineál seo a bhíodh ar bun i Ráth Chairn cheana). Déanfaidh an OPT cainteoir líofa Gaeilge agus foghlaimeoir a mheaitseáil le chéile, a chur in aithne dá chéile agus a spreagadh le coinne a shocrú (m.sh. uair an chloig in aghaidh na seachtaíne) le teacht le chéile in ionad neamhfhoirmeálta (m.sh. caifé, teach tábhairne) le Gaeilge a labhairt le chéile. D'fhéadfaí chomh maith an scéim seo a úsáid leis an nasc idir an dá thaobh den LPT a láidriú.</p> <p>Ag brath ar éileamh, eagrófar imeachtaí sóisialta do lucht na scéime ar bhonn rialta, m.sh. uair sa ráithe.</p> <p>Déanfar an beart seo a cheangal leis na dianchúrsaí agus leis na cúrsaí eile a luaitear i mBeart 6.6.1.</p> <p>Beidh sonraí teagmhála na rannpháirtithe uilig ag an OPT agus cuirfear suirbhé gearr nó foirm aiseolais amach uair sa mbliaín le haiseolas a bhailíú maidir le héifeacht an bhirt.</p>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An OPT (príomhúinéir), CPTGM, pobal an LPT, Conradh na Gaeilge		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1-7</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€5,600		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€800 (4 mhórimeacht shóisialta in aghaidh na bliana @ €200 an ceann)		
<b>Foinse maoinithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta		
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Daoine a spreagadh le bheith páirteach sa scéim, idir chainteoirí líofa agus foghlaimeoirí.</p> <p><b>Réitigh mholtá:</b> Mura gláraíonn dóthain cainteoirí líofa Gaeilge ar an scéim iarrfar ar bhaill CPTGM clárú léi go sealadach, ar a laghad. Déanfar iarracht rannpháirtithe eile a earcú don scéim trí na ranganna Gaeilge (m.sh. Beart 6.6.1) agus trí imeachtaí eile a reáchtálfar sa LPT. Mura léirítear mórán spéise sa scéim i measc foghlaimeoirí moltar athbhreithniú a dhéanamh ar fhiúntas an bhirt seo agus bealaí níos éifeachtaí a fhiosrú leis na haidhmeanna céanna a bhaint amach.</p>		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na ndaoine a chláraíonn leis an scéim.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Cuirfidh an OPT suirbhé gearr nó foirm aiseolais amach uair sa mbliaín le haiseolas a bhailíú maidir le héifeacht an bhirt.		

### 6.6.3. Oíche na bhFoghlaimeoirí

Réimsí:	D, J, K	Critéir pleanála teanga:	10, 11, 12		
Aidhm:	Deiseanna neamhfhoirméálta úsáide Gaeilge a chur ar fáil do phobal an LPT, idir chainteoírlíofa Gaeilge agus fhoghlaimeoirí.				
Cur síos:	<p>Eagrófar 'Oíche na bhFoghlaimeoirí' ar bhonn rialta (m.sh. uair sa mí, ag brath ar éileamh) agus déanfar na hoícheanta seo a bhabhtail idir an Bradán Feasa agus an Silver Tankard le freastal ar phobal iomlán an LPT. Moltar modh taistil a chur ar fáil do dhaoine a bheadh ag dul ó Ráth Chairn go dtí an Silver Tankard agus do dhaoine ó Bhaile Ghib a bheadh ag dul go dtí an Bradán Feasa. Le daoine a spreagadh le freastal ar na hoícheanta seo, d'fhéadfaí margadh a dhéanamh leis an mbeár le lascaine a chur ar fáil – m.sh. má ordaíonn duine deoch trí Ghaeilge fhaigheann siad lascaine, nó dearbháin dí a úsáid.</p> <p>Dá gceapfaí go mbeadh sé ní b'fheiliúnaí, d'fhéadfaí 'Uair na bhFoghlaimeoirí' a eagrú, seachas oíche iomlán.</p> <p>Cuirfear polasaí soiléir agus láidir teanga i bhfeidhm ag na himeachtaí seo.</p>				
Páirtithe leasmhara:	An OPT (príomhúinéir), CPTGM, an cheanneagraíocht, pobal an LPT				
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€8,400				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,200 (costas taistil: 12 thuras @ €100 an turas) <sup>58</sup>				
Foinse maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta				
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh.</p> <p><b>Réitigh mholtá:</b> Déanfar poiblíocht tharraingteach ar na hoícheanta sa LPT agus sna bailte máguaird a léireos go mbeidh fáilte roimh gach duine a bheas sásta an méid Gaeilge atá acu a úsáid agus a chleachtadh, beag beann ar an gcumas atá acu. Iarrfar ar bhaill CPTGM freastal ar an oiread de na hoícheanta agus is féidir leo agus cairde a thabhairt leo. Mura mbíonn dóthain éilimh ar na hoícheanta seo leis an mbeart a fheidhmiú cuirfear deireadh leis go sealadach agus déanfar iarracht é a chur i bhfeidhm arís tar éis bliana, ag súil go mbeidh spéis ag níos mó daoine ann mar thoradh ar bhearta eile sa bplean teanga.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na n-oícheanta a eagraítear.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.				

<sup>58</sup> Meastachán ar thuras fillte ó Ráth Chairn go Baile Ghib nó ó Bhaile Ghib go Ráth Chairn i mionbhús Chomharchumann Ráth Chairn faigte ó Chomharchumann Ráth Chairn, ríomhphost ar an 10 Eanáir 2018.

## 6.7. An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn

### 6.7.1. Seirbhís Tacaíochta Gnó

Réimsí:	E, F, K	Critéir pleanála teanga:	2, 3, 13, 14, 15, 18		
Aidhm:	Cur le húsáid na Gaeilge sa réimse poiblí.				
Cur síos:	<p>Cuirfear seirbhís tacáiochta gnó ar bun a spreagfadh comhlachtaí agus eagraíochtaí áitiúla le níos mó Gaeilge a úsáid ina ngnó laethúil – idir chumarsáid labhartha agus scríofa. Moltar go gcuirfí na BSGanna – an Uaimh agus Baile Átha Buí – san áireamh faoin tseirbhís seo agus Baile Átha Troim agus Ceannanas chomh maith.</p> <p>Mar chuid den tseirbhís seo, reáchtálfar cruinnithe le húinéirí/bainisteoirí comhlachtaí agus eagraíochtaí, cuirfear seirbhís aistriúcháin ar fáil agus comhairle maidir le bealaí leis an nGaeilge a úsáid agus/nó polasaí teanga a fhorbairt agus cuirfear ábhar tacáiochta ar fáil do na comhlachtaí/eagraíochtaí. Moltar go bhfaighidh an OPT an t-ábhar tacáiochta atá cheana féin ar fáil ó Údarás na Gaeltachta, ó Fhoras na Gaeilge, ó Ghlór na nGael, srl. ar dtús le dáileadh ar chomhlachtaí/eagraíochta agus go bhfiosróidh sé/sí féidearthachtaí maidir le hábhar nua a fhorbairt má fheictear dó/di go bhfuil bearnáí sa soláthar.</p>				
Páirtithe leasmhara:	An OPT (priomhúinéir), CPTGM, an cheanneagraíocht, lucht gnó agus eagraíochtaí an LPT agus na mbailte máguaird, Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, Glór na nGael				
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€5,600				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€800 (aistriúchán 10,000 focal @ €0.08 an focal) <sup>59</sup>				
Foinse maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta				
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Bainfear úsáid as cruinnithe aonair le húinéirí/bainisteoirí le cúrsai teanga agus tábhacht an tírdhreacha theangeolaíoch a phlé agus bainfear úsáid as tortháí an taighde a rinneadh don phlean teanga seo le léiriú dóibh go bhfuil éileamh ann ar sheirbhísí trí Ghaeilge.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na gcomhlachtaí/eagraíochtaí a bhaineann úsáid as an tseirbhís.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na gcomhlachtaí/eagraíochtaí a bhaineann úsáid as an tseirbhís.				

<sup>59</sup> Mura gcaitear iomlán an bhuiséid ar aistriúchán gach bliain úsáidfear an fuílleach le hábhar tacáiochta eile a chur ar fáil faoin mbeart seo nó le cur i dtreo bearta eile sa bplean teanga.

### 6.7.2. Áras Pobail Ráth Chairn

Réimsí:	F, I	Critéir pleanála teanga:	18, 19
Aidhm:	Áras Pobail Ráth Chairn a athchóiriú le freastal níos fearr a dhéanamh ar phobal an LPT agus le cur i bhfeidhm an phlean teanga a éascú.		
Cur síos:	Déanfar athchóiriú ar Áras Pobail Ráth Chairn. Cuirfear riachtanais a bhaineann le bearta an phlean teanga san áireamh agus an t-athchóiriú á dhéanamh (go háirithe, m.sh. Bearta 6.2.1, 6.4.2, 6.5.2, 6.5.3, srl.).		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht (príomhúinéir), an OPT, CPTGM, pobal an LPT		
Saolré an bhirt:	Bliain 2-3	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€123,320 <sup>60</sup>		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní mheastar go mbeidh aon chostas bliantúil i gceist leis an mbeart seo.		
Foinse maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta		
Dúshlán agus réitigh fhéideartha:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ní bhaineann.		

<sup>60</sup> Meastachán faighte ó Chomharchumann Ráth Chairn, ríomhphost ar an 15 Eanáir 2018.

### 6.7.3. Fostaíocht trí Ghaeilge

Réimsí:	F, G, K	Critéir pleinála teanga: 2, 13, 19
<b>Aidhm:</b>	Postanna a chur ar fáil trí Ghaeilge agus go háitiúil do phobal an LPT.	
<b>Cur síos:</b>	<p>Oibreofar i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta (Fóram Fiontraíochta Ghaeiltacht na Mí) le teacht ar straitéisí le comhlachtaí a mhealladh chuig an LPT a mheallfas daoine le hoideachas tríú leibhéal agus le sainscileanna le fanacht sa LPT, m.sh. comhlachtaí teicneolaíochta faisnéise.</p> <p>Chomh maith leis sin, fiosrófar féidearthachtaí maidir le hOifig de chuid Rannóg an Aistriúcháin a lonnú sa LPT.</p> <p>Mar chuid den bheart seo, d'fhéadfaí taighde a dhéanamh ar an bhfórsa saothair sa LPT, go háirithe iad siúd nach bhfuil fostáiocht fhadtréimhseach acu, agus iarracht a dhéanamh ansin deiseanna fostáiochta a chruthú sa gceantar a bheadh feiliúnach dóibh. D'fhéadfaí freisin na blianta is sine i gColáiste Pobail Ráth Chairn (i. an cúigiú agus an séú bliain) a thabhairt san áireamh sa taighde seo.</p>	
<b>Páiriithe leasmhara:</b>	CPTGM (príomhúinéir), an cheanneagraíocht, an OPT, Údarás na Gaeltachta	
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt (cuiftear tú leis an mbeart seo i mbliain 1 agus leanfar leis go mbainfeart amach aidhm an bhirt)
<b>Costas measta iomlán:</b>	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.	
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.	
<b>Foinse maoinithe:</b>	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.	
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.	
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.	
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.	

## 6.8. Na Meáin Chumarsáide

### 6.8.1. Nuachtlitir 'An Geaitín'

Réimsí:	G	Critéir pleanála teanga:	2, 11, 16
Aidhm:	Eolas a scaipeadh maidir le himeachtaí Gaeilge sa LPT agus an nasc idir Ráth Chairn agus Baile Ghib a láidriú.		
Cur síos:	<p>Tosófar ag cur nuachtlitir 'An Geaitín' i gcló in athuair. Mar chuid den nuachtlitir seo beidh nuacht agus pictiúir ón dá thaobh den LPT, cur síos ar imeachtaí a bheadh le tarlú agus eolas eile agus beidh an t-ábhar ar fad i nGaeilge amháin nó dátheangach de réir mar is cuí.</p> <p>Moltar an nuachtlitir a fhoilsíú ar líne ar shuíomh CPTGM (Beart 6.2.2), ar ríomhphost (Beart 6.2.3) agus ar pháipéar uair sa mí.</p> <p>Is é an OPT a dhéanfas bainistiú ar an togra, ach moltar daoine áitiúla deonacha a fháil le hábhar a chur ar fáil agus le heagarthóireacht agus dearadh a dhéanamh ar an nuachtlitir. Moltar chomh maith comhoibriú le Coiste Pleanála Teanga na nÓg (Beart 6.5.2) ar an mbeart seo.</p>		
Páirtithe leasmhara:	An OPT (príomhúinéir), CPTGM, an cheanneagraíocht, pobal an LPT, Coiste Pleanála Teanga na nÓg		
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€15,000		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,400 (priontáil nuachtlitreacha @ c.€200 do 1,000 cóip <sup>61</sup> x 12 mhí)		
Foinse maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta		
Dúshlán agus réitigh fhéideartha:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPT na heagrán den nuachtlitir ar chomhad.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ní bhaineann.		

<sup>61</sup> Meastachán faighte ó Kane Print & Design, Baile Átha Troim, glaoch gutháin ar an 10 Eanáir 2018. Meastar gur leor 1,000 cóip crua bunaithe ar dhaonra an LPT (féach rannóg 3.3).

## 6.8.2. Na Meáin Chumarsáide

Réimsí:	G	Critéir pleanála teanga: 16
Aidhm:		Cleachtas teanga atá fabhrach don Ghaeilge a chothú i measc dhaoine óga an LPT, próifil an LPT a ardú, saibhreas Gaeilge an LPT a thaifead agus daoine óga a chur ag labhairt Gaeilge lena sinsir agus ina measc féin.
Cur síos:		Oibreofar i gcomhar le RTÉ Raidió na Gaeltachta le clár seachtainiúil a chraoladh ó stiúideo Raidió na Gaeltachta i Ráth Chairn. Moltar daltaí idirbhliana ó Ráth Chairn agus ó Bhaile Ghib a chur ag obair ar an gclár seo. Moltar tosú le clár leathuair an chloig a chlúdódh nuacht Ghaeltacht na Mí, scéalta áitiúla agus cúrsaí reatha. D'fhéadfai tarrant ar ábhair eile de réir mar ba ghá.
		Chomh maith leis sin, nó mar mhalairt air, oibreofar i gcomhar le RTÉ Raidió na Gaeltachta agus/nó le TG4 chun cuidiú le daltaí meánscoile an LPT cláir ghearra raidió agus/nó teilifíse a chur le chéile. D'fhéadfadh na daltaí agallamh a chur ar sheandaoine sa LPT agus ceisteanna a chur orthu maidir le stair an LPT agus comparáid a dhéanamh idir sin agus féiniúlacht óige Ghaeltacht na Mí sa lá atá inniu ann. D'fhéadfai leabhar a chur le chéile agus a fhoilsíu bunaithe ar an ábhar seo.
		D'fhéadfai an chuid seo den bheart a chomhlíonadh mar chuid de shraith clár a rachadh timpeall ar an LPTanna uilig sa tír.
Páirtithe leasmhara:		An OO (príomhúinéir), an OPT, an cheanneagraíocht, RTÉ Raidió na Gaeltachta, daltaí meánscoile an LPT agus a múinteoirí
Saolré an bhirt:	Bliain 3	Socruthe agus ullmhúchán
	Bliain 3-7	Feidhmiú an bhirt
Costas measta ionlán:		Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.
Costas measta in aghaidh na bliana:		Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.
Foinse maoinithe:		Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:		<b>Dúshlán:</b> Oiliúint a chur ar na daltaí maidir le cén chaoi clár a chur le chéile agus a chur i láthair. <b>Réiteach molta:</b> Iarrfar ar RTÉ Raidió na Gaeltachta nó ar Raidió na Life teacht go Gaeltacht na Mí le ceardlann oiliúna, nó sraith ceardlann, a dhéanamh leis na daltaí. <b>Dúshlán:</b> Cead a fháil ó RTÉ Raidió na Gaeltachta an clár a chraoladh/spás a fháil i sceideal RTÉ Raidió na Gaeltachta don chlár. <b>Réiteach molta:</b> Murar féidir an clár a chraoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, fiosrófar féidearthachtaí le Raidió na Life i mBaile Átha Cliath, le Louth Meath FM nó le Raidió Rí-Rá (Conradh na Gaeilge). Murar féidir clár raidió a chraoladh, d'fhéadfai an beart seo a leasú agus na daltaí a chur ag obair ar phodchraoladh nó ar fhiseáin a d'fhéadfai a fhoilsíu ar líne.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Coinneoidh an OPT taifead ar líon na ndaltaí a ghlaicann páirt sa mbeart seo agus ar líon na gclár a chraoltar.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo tríd an suirbhé a luaitear i mBeart 6.2.4.

### 6.8.3. An Nuattheicneolaíocht

Réimsí:	G	Critéir pleanála teanga:	2, 8, 11, 12, 16
Aidhm:	Cur le húsáid na Gaeilge i measc daoine óga agus iad ag plé le cúrsaí teicneolaíochta, go háirithe le guthán chliste agus leis an idirlíon.		
Cur síos:	<p>Le tacaíocht ó choistí pleanála teanga eile agus ó na heagraíochtaí cuí, déanfar stocaireacht le leaganacha Gaeilge d'aipeanna móra cumarsáide – leithéidí Whatsapp, Viber, Snapchat, srl. – a chur ar fáil agus scagairí i nGaeilge a fháil do Ráth Chainn agus do Bhaile Ghib.</p> <p>Mar chuid den bheart seo, d'fhéadfá féidearthachtaí a fhiosrú maidir le haip nua a forbairt do dhaoine óga a bheadh i nGaeilge amháin agus a mbeadh gné shóisialta ag baint leis agus feasacht a ardú ina measc ar na haipeanna Gaeilge atá cheana féin ar fáil, m.sh. Loinnir.</p>		
Páirtithe leasmhara:	An OO (príomhúinéir), an OPT, CPTGM, coistí pleanála teanga ó LPTanna eile, eagraíochtaí éagsúla Gaeilge agus óige, tuismitheoirí/caomhnóirí agus óige an LPT		
Saolré an bhirt:	<b>Bliain 3-7</b> Feidhmiú an bheirt		
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.1.		
Foinse maoinithe:	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.1.		
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán:</b> Daoine óga a spreagadh le tuilleadh Gaeilge a úsáid ar ghléasanna teicneolaíochta agus ar líne.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> D'fhéadfá comórtais a eagrú agus/nó grúpaí fócais a reáchtáil le daoine óga le teacht ar bhealaí nuálaíocha leis an dúshlán seo a shárú.</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht ar an mbeart seo má bhaintear amach aidhm an bhirt.		

## 6.9. Seirbhísí Poiblí

### 6.9.1. Bailte Seirbhíse Gaeltachta

Réimsí:	E, H, K	Critéir pleanála teanga:	3, 18
<b>Aidhm:</b>		A chinntíú go ndéantar freastal ar phobal Gaeilge an LPT sna bailte máguaird agus go mbíonn leanúnachas idir plean teanga an LPT agus plean teanga na mBailte Seirbhíse Gaeltachta atá gar don LPT.	
<b>Cur síos:</b>		Cuirfear tú le feachtas stoaireachta le haitheantas a fháil do Bhaile Átha Troim mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. Gheofar tacáiocht don fheachtas seo ón bpobal, ó eagraíochtaí agus ó chomhlachtaí sa LPT agus i mBaile Átha Troim, ó pholaiteoirí áitiúla agus ó eagraíochtaí agus grúpaí náisiúnta Gaeilge.	
<b>Páirtithe leasmhara:</b>		Chomh maith leis sin, cothóidh an OPT caidreamh oibre leis an gcoiste/grúpa a bheas ag tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta atá gar don LPT (i. An Uaimh agus Baile Átha Buí) le cinntíú go mbíonn leanúnachas idir plean teanga an LPT agus plean teanga na mBailte Seirbhíse Gaeltachta agus nach gcuirtear obair ná acmhainní amú. Breathnófar chomh maith ar dheiseanna comhoibrithe le grúpaí Gaeilge agus le Gaelscoileanna in áiteanna eile sa gcontae.	
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1-7</b>	Feidhmiú an bheirt	
<b>Costas measta iomlán:</b>		Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.	
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>		Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.	
<b>Foinse maoinithe:</b>		Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.	
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>		Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.	
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>		Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.	
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>		Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.	

### 6.9.2. Seirbhísí Stáit

Réimsí:	H	Critéir pleanála teanga: 3, 18, 19
Aidhm:	Soláthar na seirbhísí stáit trí Ghaeilge sa LPT a chinntiú.	
Cur síos:	Déanfar stoaireacht ar Údarás na Gaeltachta le go mbunófar oifig de chuid Údarás na Gaeltachta sa LPT a gcuircí ne seirbhísí stáit ar fad ar fáil uaithe trí Ghaeilge do phobal an LPT (m.sh. cáin, cáin mhótair, leas sóisialta, srl.) thar ceann comhlachtaí poiblí eile de bhun alt 17 d'Acht na Gaeltachta, 2012 lena bhforáiltear mar seo a leanas:  “(6B) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, seirbhísí a sheachadadh thar ceann comhlachtaí Stáit eile sa Ghaeltacht.”,  Nuair a bhainfear aidhm an bhirt seo amach, déanfar poiblíocht ar an oifig seo ar fud an LPT agus sna bailte máguaird chomh maith ag súil go leathnófaí na huaireanta in imeacht ama le freastal ar éileamh.	
Páirtithe leasmhara:	CPTGM (príomhúinéir), an OPT, an cheanneagraíocht, pobal an LPT, coistí Bhailte Seirbhise Gaeltachta Chontae na Mí, polaiteoirí áitiúla, Údarás na Gaeltachta	
Saolré an bhirt:	<b>Bliain 1-2</b> An oifig a bhunú <b>Bliain 3-7</b> Feidhmiú an bheirt	
Costas measta iomlán:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.	
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.	
Foinse maoinithe:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.	
Dúshlán agus réitigh fhéideartha:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht ar an mbeart seo má bhaintear amach aidhm an bhirt.	

### 6.9.3. Scéim TÚS

Réimsí:	E, F, H	Critéir pleanála teanga:	3, 13, 14, 15, 18
Aidhm:		A chinntiú nach gcuireann an scéim TÚS bac ar chumas comhlachtaí agus eagraíochtaí sa LPT feidhmiú trí Ghaeilge.	
Cur síos:		Déanfar féidearthachtaí a phlé le TÚS go ndéanfaí iarracht teacht ar dhaoine le Gaeilge le cur i bpoist atá lonnaithe i LPT Gaeltachta nó i mBaile Seirbhísé Gaeltachta agus i gcás daoine nach bhfuil Gaeilge ar a dtóil acu go mbeadh sé mar chuid d'uaireanta agus d'obair na n-oibrithe TÚS freastal ar ranganna praiticiúla Gaeilge ionas go bhféadfaidís a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge	
Páirtithe leasmhara:		An OPT (príomhúinéir), an cheanneagraíocht, Údarás na Gaeltachta, an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, Foras na Gaeilge, lucht gnó agus eagraíochtaí an LPT	
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt (cuirfear túis leis an mbeart seo i mBliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt)	
Costas measta iomlán:		Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.	
Costas measta in aghaidh na bliana:		Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.	
Foinse maoinithe:		Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.	
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:		Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Beidh éifeacht ar an mbeart seo má bhaintear amach aidhm an bhirt.	

#### 6.9.4. Seirbhísí Reiligiúnacha

Réimsí:	H, K	Critéir pleanála teanga:	2, 3, 11, 15, 18
Aidhm:	An Ghaeilge a chur chun cinn agus a bhuanú sa réimse reiligiúnach.		
Cur síos:	Cothófar caidreamh leis na páirtithe leasmhara cuí (m.sh, i gcás na hEaglaise Caitlicí, an tEaspag agus na sagairt áitiúla) agus déanfar féidearthachtaí a phlé leo maidir le bealaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn i seirbhísí reiligiúnacha sa LPT (m.sh. a chinntí go mbeidh seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil sa dá chuid den LPT agus go gcuirfear na sacraimintí (agus oiliúint do na sacraimintí) ar fáil trí Ghaeilge, polasaí teanga don LPT a fhorbairt in éineacht le hoifig Dheoise na Mí (Eaglais Chaitliceach), le hoifig Dheoise na Mí agus Chill Dara (Eaglais na hÉireann), srl.). D'fhéadfai teagmháil a dhéanamh leis an gCoiste Tréadach ( <a href="http://www.dublindiocese.ie/coiste-treadach/">http://www.dublindiocese.ie/coiste-treadach/</a> ) le comhairle agus smaointe a roinnt maidir leis an mbeart seo.		
Páirtithe leasmhara:	An OPT (príomhúinéir), An Eaglais Chaitliceach (Easpag Dheoise na Mí agus sagairt pharóiste a fhreastalaíonn ar phobail Ráth Chairn agus Bhaile Ghib), Eaglais na hÉireann (Easpag Dheoise na Mí agus Chill Dara agus na hurramaigh pharóiste a fhreastalaíonn ar phobail Ráth Chairn agus Bhaile Ghib, pobal an LPT		
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€1,800		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€300 (ábhar tacáiochta a chur ar fáil agus/nó seisiún/ceardlanna a reáchtáil de réir mar is gá le linn Bhliain 2 – Bliain 7)		
Foinse maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta		
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh. <b>Réiteach molta:</b> Bainfear úsáid as forthaí an taighde a rinneadh don phlean seo le taispeáint go bhfuil éileamh ann i measc phobal an LPT ar sheirbhísí trí Ghaeilge.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.		

## 6.10. Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil

### 6.10.1. Cead Pleanála

Réimsí:	I, K	Critéir pleanála teanga:	2, 17		
Aidhm:	Coinnioll teanga mar chuid de chead pleanála sa LPT a chinntíú agus a láidriú.				
Cur síos:	I gcomhar le Comhairle Contae na Mí, déanfar athmhúnlú ar an gcóras atá ann leis an gcoinnioll teanga ar chead pleanála a chur i bhfeidhm sa LPT. Moltar scrúdú cainte ag leibhéal C1 TEG a chur ar an iarrthóir/ar na hiarrthóirí agus gurb é pas sa scrúdú sin a shásós an coinnioll teanga feasta. Ní mholtar scrúdú scríofa a chur ar iarrthóirí.				
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht (príomhúinéir), CPTGM, an OPT, Comhairle Contae na Mí				
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt (cuirfear túis leis an mbeart seo i mBliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt)			
Costas measta iomlán:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Foinse maoinithe:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Dúshlán agus réitigh fhéideartha:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht ar an mbeart seo má bhaintear amach aidhm an bhirt.				

### 6.10.2. Leathanbhanda

Réimsí:	G, I	Critéir pleanála teanga:	17		
Aidhm:	Leathanbhanda d'ardluas a chur ar fáil sa LPT.				
Cur síos:	I gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, le Comhairle Contae na Mí agus le grúpaí ábhartha eile, déanfar stocaireacht ar an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithé ar son na hAeráide agus Comhshaoil le tabhairt faci thogra le leathanbhanda d'ardluas a sholáthar do 'chuile chuid den LPT.				
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht (príomhúinéir), CPTGM, an OPT, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Comhairle Contae na Mí, An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithé ar son na hAeráide agus Comhshaoil, pobal an LPT, coistí pobail an LPT				
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt (cuirfear túis leis an mbeart seo i mBliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt)			
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.1.				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.1.				
Foinse maoinithe:	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.1.				
Dúshlán agus réitigh fhéideartha:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht ar an mbeart seo má bhaintear amach aidhm an bhirt.				

## 6.11. Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

### 6.11.1. Imeachtaí Sóisialta do Dhaoine Óga

Réimsí:	C, J	Critéir pleanála teanga:	2, 8, 10, 11, 12
Aidhm:	An Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga shóisialta i measc daoine óga.		
Cur síos:	Eagrófar tuilleadh imeachtaí sóisialta do pháistí agus do dhaoine óga (m.sh. ceardlanna, spórt, seónna, dioscó, srl.) mar chuid d'fhéilte áitiúla (m.sh. Féile na Mí, Féile na Gealaí).		
Páirtithe leasmhara:	An OO (príomhúinéir), an OPT, CPTGM, lucht eagraithe féilte áitiúla (rannóg 3.5.4), óige an LPT, Glór na nGael		
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€5,600		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€800		
Foinse maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta		
Dúshlán agus réitigh fhéideartha:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPT taifead ar líon agus ar chineál na n-imeachtaí a eagraítear faoin mbeart seo.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ón suirbhé a luaitear i mBeart 6.2.4.		

### 6.11.2. Imeachtaí Scoil-bhunaithe

Réimsí:	C, J, K	Critéir pleanála teanga:	2, 8, 10, 11, 12
Aidhm:	An dea-chleachtas teanga a fheictear taobh istigh de chomhthéacs na scoile a leathnú amach i gcomhthéacsanna eile.		
Cur síos:	Eagrófar imeachtaí sóisialta (m.sh. drámaí, tráth na gceist, srl.) trí na scoileanna ach cuirfear ar siúl iad taobh amuigh den scoil agus taobh amuigh de na huaireanta scoile – m.sh. i halla pobail – ar bhonn rialta le daoine óga an LPT a thabhairt le chéile. D'fhéadfai cluichí éagsúla a úsáid le go gcuirfeadh na daoine óga aithne ar a chéile roimh ré. Ó thaobh drámaí de, d'fhéadfai duine ón gCumann Drámaíochta a fháil le drámaí a léiriú leis na daoine óga.		
Páirtithe leasmhara:	An OO (príomhúinéir), an OPT, CPTGM, an cheanneagraíocht, óige an LPT agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí an LPT		
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€5,600		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€800 (ábhar agus trealamh, de réir mar a theastaíonn sé)		
Foinse maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta		
Dúshlán agus réitigh fhéideartha:	De bharr gur léirigh go leor daoine óga spéis in imeachtaí sóisialta mar seo (rannóg 5.3.4.1), ní mheastar go mbeidh aon dúshlán mór ag baint leis an mbeart seo.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na n-imeachtaí a eagraítear faoin mbeart seo.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo tríd an suirbhé a luaitear i mBeart 6.2.4.		

### 6.11.3. Oiliúint agus Tacaíocht do Thraenálaithe/Theagascóirí

<b>Réimsí:</b>	<b>C, D, F, J, K</b>	<b>Critéir pleanála teanga:</b> <b>2, 8, 10, 11, 12, 15</b>
<b>Aidhm:</b>	Caitheamh aimsire trí Ghaeilge a chur ar fáil do phobal an LPT.	
<b>Cur síos:</b>	<p><b>Oiliúint:</b> Cuirfear oiliúint ar fáil do dhaoine a bhíonn ag reáchtáil imeachtaí sa LPT (m.sh. traenálaithe, bainisteoirí, múinteoirí ceoil/damhsa/amhránaíochta, srl.) maidir le bealaí leis an nGaeilge a chur chun cinn ag na himeachtaí/seisiún/ranganna sin, bíodh Gaeilge ar a dtail acu nó ná bíodh. Déanfar é seo trí shraith ceardlann a eagrú agus cuireadh a thabhairt do thraenálaithe, do theagascóirí, srl. De bharr go mbíonn pobal an LPT i mbun caitheamh aimsire taobh amuigh de theorainneacha an LPT, moltar cuireadh a thabhairt do rannpháirtithe ó na bailte máguaird chomh maith. Is é an OPT a dhéanfas áisitheoreacht ar na ceardlanna, ach féadfar aoichainteoíri a thabhairt isteach chomh maith de réir mar is cuí. Moltar ábhar saincheaptha (m.sh. liosta focal a bhaineann le spórt, ceol, srl.) a chur ar fáil do rannpháirtithe na gceardlann.</p> <p><b>Tacaíocht:</b> Cuirfear tacáiocht teanga – i. seirbhís aistriúcháin, comhairle agus cúnamh maidir le polasaí teanga, ranganna Gaeilge, ceardlanna oiliúna, srl. – ar fáil do lucht na gcaitheamh aimsire le go mbeidh siad in ann iompú ar an nGaeilge de réir a chéile agus imeachtaí ar siúl acu. Reáchtálfar cruinnithe le cumainn spóirt sa LPT agus sa gceantar máguaird (m.sh. Cumann Lúthchleasaíochta an Athar Uí Mhurchú, Cumann Rugbaí Átha Buí) agus déanfar iarracht iad a spreagadh le polasaí Gaeilge a fhorbairt don chumann. Cuirfear polasaí teanga samplach ar fáil dóibh agus cuideofar leo an polasaí a chur in oiriúnt dá gcumann féin.</p> <p>Mar chuid den bheart seo, beidh bunachar sonraí na dtraenálaithe/teagascóirí/srl. le forbairt.</p>	
<b>Páirtíthe leasmhara:</b>	An OPT agus an OO (priomhúinéirí), CPTGM, an cheanneagraíocht, an lucht caitheamh aimsire sa LPT agus sa gceantar máguaird	
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1</b>	Socruthe agus ullmhúchán, bunachar teaghmálaithe a chur le chéile
	<b>Bliain 2-7</b>	Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta ionlán:</b>	€3,000	
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€500 (ábhar agus poiblíocht @ €200 + 2 x aoichainteoíri @ €150)	
<b>Foinse maoinithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta	
<b>Dúshlán agus réitigh fhéideartha:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh.</p> <p><b>Réitigh mholtá:</b> I gcás clubanna agus cumann, moltar labhairt le bainistíochta na gclubanna/na gcumann leis na buntáistí a bhainfeadh le húsáid na Gaeilge sa gclub/cumann a léiriú dóibh. D'fhéadfai chomh maith tortháí an taighde a rinneadh don phlean teanga seo a úsáid le léiriú do rannpháirtithe féideartha go bhfuil éileamh ann ar chaitheamh aimsire agus ar ghníomhaíochtaí trí Ghaeilge, go háirithe i measc daoine óga.</p>	
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ceardlanna.	
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo trí an suirbhé a luaitear i mBeart 6.2.4.	

### 6.11.4. An Cumann Lúthchleas Gael

<b>Réimsí:</b>	<b>C, D, F, J, K</b>	<b>Critéir pleanála teanga:</b> <b>2, 8, 10, 11, 12, 15</b>
<b>Aidhm:</b>	Caitheamh aimsire trí Ghaeilge a chur ar fáil do phobal an LPT.	
<b>Cur síos:</b>	<p>Le haontú CLG Bhulf Tón, CLG Chlann na nGael agus CLG Dhún Doire, eagrófar traenáil roinnte/comhsheisiúin traenála do na himreoirí faoi aois a bhfuil Gaeilge acu ó na trí chumann. Reáchtálfar na seisiúin ar pháirc Ráth Chain de bharr gurb í is áisiúla do phéire de na trí chumann. Ag brath ar thinreamh, d'fhéadfaí comórtais neamhfoirmiúla (m.sh. 'mionchraobh na hÉireann', 'mionchomórtas peile na Gaeltachta') a eagrú uair sa mbliaín do na páistí a bheadh ag freastal ar na seisiúin sin.</p> <p>Cuirfear comhfhoireann le chéile de dhaoine fásta le Gaeilge ó na trí chumann le cur isteach ar Chomórtas Peile na Gaeltachta (múnla Laocha Loch Lao).</p> <p>Forbrófar caidreamh oibre leis na trí chumann (agus lena n-oifigigh Ghaeilge ach go háirithe). Ghlac na trí chumann páirt i bhFondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha in 2017 agus faoin mbeart seo cuirfear tacáiocht ar fáil do na cumainn (i bhfoirm comhairle, seirbhísí pleanála, seirbhísí aistriúcháin, srl.) a chuideois leo gníomhaíochtaí na Fondúireachta agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge sa gcumann a chur i bhfeidhm.</p> <p>D'fhéadfaí na féidearthachtaí a fhiosrú maidir leis an mbeart seo a leathnú amach go dtí cumainn CLG eile sa gcontae a mbíonn lucht Gaelscoile nó Gaelcholáiste ar freastal orthu.</p> <p>Maidir le feasacht teanga, cuideoidh na seisiúin/ceardlanna a luaitear i mBéart 6.11.3 le feasacht a ardú ar cheist na Gaeilge agus na Gaeltachta sna cumainn CLG.</p>	
<b>Páirtíthe leasmhara:</b>	An OPT agus an OO (príomhúinéirí), an cheanneagraíocht, CPTGM, CLG Bhulf Tón, CLG Chlann na nGael, CLG Dhún Doire, Glór na nGael, Bord Chontae na Mí, pobal an LPT	
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt (is féidir codanna éagsúla den bheart a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe)
<b>Costas measta iomlán:</b>	€1,440	
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€240 (aistriúchán 3,000 focal @ €0.08 an focal)	
<b>Foinse maoinithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta	
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>	<b>Dúshláin:</b> Na cumainn a spreagadh le tacú leis an mbeart. <b>Réiteach molta:</b> Cothófar dea-chaidreamh oibre le hoifigigh Ghaeilge na dtrí chumann le tacáiocht an chumainn don bheart a chinntíú.	
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfaidh an OPT monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt (m.sh. líon na ndaoine óga a fhreastalaíonn ar na seisiúin traenála ar bhonn rialta, na cumainn a chuireann isteach ar Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha, líon na bhfocal a aistrítear do na cumainn, srl.).	
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo tríd an suirbhé a luaitear i mBéart 6.2.4.	

### 6.11.5. Caitheamh Aimsire trí Ghaeilge

<b>Réimsí:</b>	D, J, K	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	<b>2, 10, 11, 12</b>		
<b>Aidhm:</b>	Caitheamh aimsire trí Ghaeilge a chur ar fáil do dhaoine fásta an LPT.				
<b>Cur síos:</b>	Cuirfear ranganna agus ceardlanna (m.sh. cócaireacht, cártai, grianghrafnadóireacht, ióga, cniotáil, srl.) ar fáil trí Ghaeilge sa LPT. Moltar bunachar a chur le chéile de dhaoine sa LPT a bhfuil scileanna mar sin acu agus a bheadh sásta rang nó ceardlann a mhúineadh. Mura bhfuil Gaeilge ag cuid de na daoine sin, d'fhéadfaí cuidiú leo foclór agus abairtí bunúsacha áirithe a fhoghlaim le húsáid mar chuid de na ranganna/ceardlanna.				
<b>Páirtíthe leasmhara:</b>	An OPT (príomhúinéir), CPTGM, an cheanneagraíocht, pobal an LPT				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1</b>	Socruithe agus ullmhúchán			
	<b>Bliain 2-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta iomlán:</b>	€6,000				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,000 (íocaíocht do theagascóirí/áisitheoirí, ábhar)				
<b>Foinse maoinithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta				
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>	De bharr gur moladh é seo a tháinig ón bpobal, ní mheastar go mbeidh aon dúshlán ag baist le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna/ceardlanna.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna/ceardlanna.				

### 6.11.6. Club Leabhar

Réimsí:	J	Critéir pleanála teanga:	2, 10, 11, 12
Aidhm:	Pobal an LPT a chur ag léamh na Gaeilge agus líonraí sóisialta Gaeilge a fhorbairt.		
Cur síos:	Bunófar clubanna leabhar sa LPT – ag brath ar éileamh, d'fhéadfadh ceann a bheith i mBaile Ghib agus ceann i Ráth Chairn. Moltar club do chainteoirí líofa Gaeilge a bheith ann a dhíreodh isteach ar leabhair Ghaeilge amháin, agus club leabhar eile a léifeadh idir leabhair Bhéarla agus leabhair Ghaeilge ach a dhéanfadh an plé uilig trí Ghaeilge agus a bheas oscailte do dhaoine nach bhfuil chomh compordach céanna leis an nGaeilge.	Is baill CPTGM a dhéanfas na clubanna a reáchtáil ar dtús ach déanfar iarracht an cúram sin a aistriú go dtí baill eile den phobail in imeacht ama ionas gur ndéantar buanú ar na clubanna nó gur féidir leo feidhmiú go neamhspleách ar an struchtúr pleanála teanga a leagtar amach i mBeart 6.2.1.	Moltar chomh maith go dtiocfadh baill na gclubanna le chéile uair sa mí i dtithe a chéile nó in ionad poiblí (m.sh. caifé nó teach tábhairne).
Páirtithe leasmhara:	CPTGM (príomhúinéir), an OPT, pobal an LPT, Gaelchultúr (ClubLeabhar.com)		
Saolré an bhirt:	<b>Bliain 1-7</b> Feidhmiú an bhirt		
Costas measta iomlán:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.		
Foinse maoinithe:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.		
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<b>Dúshlán:</b> Ranpháirtíocht a spreagadh. <b>Réiteach molta:</b> Déanfar poiblíocht ar na clubanna ar na meáin shóisialta agus ag imeachtaí/ranganna a eagraítear mar chuid de bhearta an phlean teanga.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.		

### 6.11.7. Pop-Up Gaeltacht

Réimsí:	D, J, K	Critéir pleanála teanga:	2, 10, 11, 12
Aidhm:		Deiseanna úsáide Gaeilge a chur ar fáil do mhuintir an LPT agus an cheantair máguaird.	
Cur síos:		Eagrófar Pop-Up Gaeltacht sa LPT nó i gceann de na bailte timpeall air ar bhonn rialta, m.sh. uair sa ráithe. Déanfar poiblíocht ar na himeachtaí i measc chainteoíri Gaeilge an LPT agus ina measc siúd ar mian leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge agus í a chleachtadh.	
Páirtithe leasmhara:		Moltar córas iompair, m.sh. mionbhús a chur ar fáil ó Ráth Chairn agus ó Bhaile Ghib de réir mar is gá le daoine a thabhairt ann agus ar ais. D'fhéadfaí na himeachtaí seo a chur ar siúl sa mBradán Feasa i Ráth Chairn, sa Silver Tankard gar do Bhaile Ghib, i mBaile na hUaimhe, i mBaile Átha Buí agus i mBaile Átha Troim.	
Saolré an bhirt:	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€4,800		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€800 (costas taistil: 2 thuras @ €100 an turas x 4 ócáid)		
Foinse maoinithe:		An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta	
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:		<b>Dúshlán:</b> Ranpháirtíocht a spreagadh. <b>Réiteach molta:</b> Déanfar poiblíocht tharraingteach ar na himeachtaí taobh istigh den LPT, sna bailte atá timpeall air (i. Baile Átha Buí, Baile Átha Troim, Ceannanas, an Uaimh), i mBaile Átha Cliath agus ar na meáin shóisialta.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Coinneoidh an OPT taifead ar líon na n-imeachtaí a eagraítear faoin mbeart seo.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.	

## 6.12. Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nómhaireacht an phobail ina leith

### 6.12.1. Ciste Lánroghnach

Réimsí:	D, J, K	Critéir pleanála teanga:	8, 10, 11, 12, 19		
Aidhm:	Cur le líon na n-imeachtaí/na ndeiseanna úsáide Gaeilge a eagraítear sa LPT agus tacáiocht an phobail don phleán teanga a chinntiú.				
Cur síos:	Cuirfear ciste ilroghnach ar fáil a mbeidh grúpaí agus daoine aonair in ann iarratas a dhéanamh air le tacáiocht airgeadais a fháil d'imeachtaí, d'fhéilte, srl. a bheas á n-eagrú sa LPT. Is faoi CPTGM a bheas sé iarratas a cheadú agus airgead a bhronnadh. Leagfar amach critéir shonracha teanga don chiste agus beidh CPTGM suim nach mó ná €500 a bhronnadh ar ghrúpaí nó ar dhaoine aonair d'imeachtaí a bhainfeas na critéir sin amach.				
Páirtithe leasmhara:	CPTGM (priomhúinéir), an cheanneagraíocht, an OPT, lucht eagraithe féilte agus imeachtaí áitiúla Gaeilge				
Saolré an bhirt:	Bliain 1	Poiblíocht a dhéanamh ar an gciste			
	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€12,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,000 (airgead ciste)				
Foinse maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta				
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<b>Dúshlán:</b> iarratas ar mhaoiniú a mheas. <b>Réiteach molta:</b> Leagfar amach critéir shonracha teanga don chiste le comhairle ón OPT agus eagrófar cruinnithe leis na daoine a chuireann iarratas isteach le cinntiú go dtuigeann siad an bealach is fearr le tús áite a thabhairt don Ghaeilge ag an imeacht/feilte a bheas á eagrú acu.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneofar taifead ar na deontais a thabharfar amach.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Coinneofar taifead ar na deontais a thabharfar amach.				

## 6.12.2. Scoláireachtaí Gaeltachta

Réimsí:	A, C, D, K	Critéir pleanála teanga:	2, 8, 11, 12, 19
<b>Aidhm:</b>	Daoine óga sa LPT a spreagadh i leith na Gaeilge agus tacaíocht a chinntíú don phlean teanga i measc an phobail.		
<b>Cur síos:</b>	Bunófar ciste le scoláireachtaí a bhronnadh ar dhaltaí as an LPT le freastal ar chúrsa samhraidh Gaeltachta i LPT eile.	Tosófar amach le ceithre scoláireacht iomlána agus ceithre leathscoláireacht agus déanfar iarracht cur leis sin trí urraíocht a fháil nó trí scéimeanna eile maoinithe a aimsiú. Moltar go roinní na scoláireachtaí go cothrom idir an dá chuid den LPT, is é sin Ráth Chairn agus Baile Ghib, agus nach mbronntaí scoláireacht iomlán ar aon dalta níos mó ná uair amháin.	
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An OO (priomhúinéir), an OPT, CPTGM, an cheanneagraíocht, daltaí meánscoile an LPT agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí, Údarás na Gaeltachta, coláistí samhraidh Gaeltachta		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1</b> Socruithe agus ullmhúchán <b>Bliain 2-7</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€24,000		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€4,000 <sup>62</sup>		
<b>Foinse maoinithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta		
<b>Dúshlán agus réitigh fhéideartha:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar na daltaí a mbronntar scoláireachtaí orthu.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na ndaltaí a chuirfeas isteach ar an scoláireacht, ag súil go dtiocfaidh ardú air bliain i ndiaidh bliana. Ar bhealach níos leithne, beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i dtorthaí an tsuirbhé a luaitear i mBeart 6.2.4.		

<sup>62</sup> Tá an meastachán seo bunaithe ar tháillí cúrsaí éagsúla samhraidh i nGaeltacht na Gaillimhe agus Thír Chonaill agus a chosnaíonn idir c.€730 agus €970. Mar sin, cuirtear €1,000 i le táille an chúrsa a íoc thar ceann gach dalta a fhaigheann an scoláireacht, agus úsáidfear an fuílleach le poiblíocht a dhéanamh ar na scoláireachtaí seo nó le cur i dtreo bearta eile sa bplean teanga.

### 6.12.3. Scéim Intéirneachtaí

Réimsí:	E, F, K	Critéir pleanála teanga:	2, 11, 19		
Aidhm:	Fostaíocht trí Ghaeilge a chur ar fáil agus blaiseadh de ghairmeacha beatha le Gaeilge a thabhairt d'óige an LPT.				
Cur síos:	Déanfar intéirneachtaí samhraidh (suas le ceithre cinn) a mhaoiniú do dhaltaí meánscoile (16+ bliana) agus do mhic léinn ollscoile ón LPT le samhradh a chaitheamh ag obair le heagraíochtaí éagsúla Gaeilge, mar shampla Glór na nGael, Conradh na Gaeilge, Foras na Gaeilge, Cumann na bhFiann, Údarás na Gaeltachta, srl.				
Páirtíthe leasmhara:	An OO (príomhúinéir), an OPT, an cheanneagraíocht, CPTGM, Glór na nGael, Conradh na Gaeilge, Foras na Gaeilge, Cumann na bhFiann, Údarás na Gaeltachta, srl.				
Saolré an bhirt:	Bliain 3	Socrutithe agus ullmhúchán			
	Bliain 4-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€51,200				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€12,800 (€10.00 in aghaidh na huaire x 8 seachtaine x 4 intéirneacht)				
Foinse maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta				
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán:</b> Aontú a fháil ó na heagraíochtaí Gaeilge.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Cuideoidh an OPT leis na heagraíochtaí clár oibre a leagan amach do na hintéirneachtaí sa gcaoi nach gruthóidh an beart seo breis oibre do na heagraíochtaí.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPT taifead ar na hintéirneachtaí a chuirtear ar fáil faoin scéim seo agus ar líon na ndaoine a chuireann isteach orthu.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.				

#### 6.12.4. Forbairt na Pleanála Teanga sa LPT

Réimsí:	K	Critéir pleanála teanga:	2, 11, 19
<b>Aidhm:</b>	Feasacht a ardú i measc óige an LPT ar cheist na teanga agus iad a spreagadh le feidhmiú mar bhainisteoirí teanga ag an leibhéal áitiúil agus le páirt ghníomhach a ghlacadh sa bpróiseas pleanála teanga sa LPT.		
<b>Cur síos:</b>	Forbrófar scéim taithí oibre do dhaltaí Idirbhliana ó Choláiste Pobail Ráth Chainn le seachtain nó coicís a chaitheamh i mbun taithí oibre le hOifigeach Pleanála Teanga an LPT. Déanfar clár cuimsitheach a ullmhú don taithí oibre le cinntiú go bhfaigheann na daoine óga taithí fhiúntach agus go mbaineann siad tairbhe as.  Cuirfear scoláireacht samhraidh amháin in aghaidh na bliana ar fáil do dhaltaí na sraithe sinsearaí i gColáiste Pobail Ráth Chainn agus do mhic léinn tríú leibhéal as an LPT dul ag obair leis an OPT mar obair shamhraidh. Cuirfear tuarastáil ar fáil don obair sin a mheallfas daoine óga le cur isteach air.		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An OPT (priomhúinéir), CPTGM, an cheanneagraíocht, óige an LPT		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 2-7</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€14,400		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€2,400 (€10.00 in aghaidh na huaire x 6 seachtaine don scoláireacht samhraidh)		
<b>Foinse maoinithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta		
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.		

### 6.12.5. Comhairle Contae na Mí

Réimsí:	K	Critéir pleanála teanga:	1, 3, 17, 18
Aidhm:	Comhordú agus comhoibriú a chinntíú idir an pleán teanga agus Comhairle Contae na Mí.		
Cur síos:	<p>Iarrfar cruinnithe bliantúla nó leathbhliantúla le Comhairle Contae na Mí le plé a dhéanamh ar sheasamh na Gaeilge sa gcontae – taobh istigh den LPT agus sna bailte máguaird ach go háirithe – agus ar chur i bhfeidhm an phlean teanga agus aon deacrachtaí a bhaineann leis<sup>63</sup>. Pléifear chomh maith obair Fhóram Fiontraíochta Ghaeltacht na Mí agus ról na Comhairle Contae, an OPT, CPTGM agus na cheanneagraíochta san obair sin ag na cruinnithe seo.</p> <p>Mar chuid den bheart seo, tabharfar faoi fheachtas stocaireachta le hOifigeach Gaeilge lánaimseartha a fhostú sa gComhairle Contae.</p>		
Páirtithe leasmhara:	An OPT (príomhúinéir), CPTGM, an cheanneagraíocht, Comhairle Contae na Mí, coistí pleanála teanga na mBailte Seirbhise Gaeltachta atá gar don LPT		
Saolré an bhirt:	<b>Bliain 1-7</b> Feidhmiú an bhirt		
Costas measta iomlán:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.		
Foinse maoinithe:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.		
Dúshlán agus réitigh fhéideartha:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
Mondóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na gcruiinnithe a eagraítear.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Glacfar miontuairiscí ag na cruinnithe.		

<sup>63</sup> Tá an cheanneagraíocht cheana féin i mbun plé le Comhairle Contae na Mí maidir le ceisteanna pleanála i Ráth Chairn agus seoladh litir ón gceanneagraíocht go dtí an Chomhairle Contae le roinnt moltaí maidir le cursaí pleanála ar an 14 Feabhra 2018. Tá cóip den litir seo ar fáil in Aguisín IV.

### 6.12.6. Cainteanna Poiblí

<b>Réimsí:</b>	D, J, K	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	<b>2, 11, 19</b>		
<b>Aidhm:</b>	Feasacht a ardú i measc phobal an LPT ar cheisteanna teanga.				
<b>Cur síos:</b>	Eagrófar sraith cainteanna faoi chúrsaí teanga sa LPT, ag diríú ar réimse leathan gnéithe a mbeadh spéis ag codanna éagsúla den phobal iontu (m.sh. cainteoirí Gaeilge, cainteoirí Béarla, tuismitheoirí, srl.). Moltar na cainteanna seo a nascadh le himeachtaí eile a mbeadh an pobal ag freastal orthu, m.sh. féilte, imeachtaí sna cumainn CLG, imeachtaí tráthnóna sna scoileanna, srl. Moltar na cainteanna seo a bheith i nGaeilge, go dáttheangach agus i mBéarla ag brath ar an ábhar le freastal ar phobal iomlán an LPT, agus iad a chur ar siúl sa dá chuid den LPT.				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An OPT (príomhúinéir), CPTGM, an cheanneagraíocht, lucht eagraithe féilte áitiúla, na cumainn áitiúla CLG, foireann scoileanna an LPT, pobal an LPT				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 2</b>	Socruthe agus ullmhúchán			
	<b>Bliain 2-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta iomlán:</b>	€5,500				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,000 (ábhar agus poiblíocht @ €100 + 6 x aoichainteoirí @ €150)				
<b>Foinse maoinithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta				
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT/CPTGM taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na cainteanna.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart uilig sa bplean teanga.				

## 7. Costais agus Maoiniú

### 7.1. Costais

Luaitear costas bliantúil agus costas iomlán le gach beart i mír 6 den phlean teanga. Sa mír seo, déantar coimriú ar chostais iomlána an phlean teanga de réir bliana. Tugtar eolas chomh maith faoin mbuiséad reatha a bheas ag teastáil leis an bplean teanga a chur i bhfeidhm agus faoin mbuiséad caipítill a theastós gach bliain.

#### 7.1.1. Nóta maidir le Beart 6.2.1

Tugtar sa dá thábla thíos mionbhriseadh síos ar na costais a bhainfeas le beart 6.2.1:

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
<b>Tuarastal</b>	€35,000.00	€37,500.00	€40,000.00	€42,500.00	€45,000.00	€47,500.00	€50,000.00
<b>Cáin an Fhostóra (11.0%)</b>	€3,850.00	€4,125.00	€4,400.00	€4,675.00	€4,950.00	€5,225.00	€5,500.00
<b>Iomlán</b>	<b>€38,850.00</b>	<b>€41,625.00</b>	<b>€44,400.00</b>	<b>€47,175.00</b>	<b>€49,950.00</b>	<b>€52,725.00</b>	<b>€55,500.00</b>

Tábla 7.1: Tuarastal an OPT

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
<b>Earcaíocht</b>	€1,000.00	-	-	-	-	-	-
<b>Taistil</b>	€4,000.00	€4,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00
<b>Stáiseanóireacht, prioritál agus fótachóipeáil, poiblíocht agus fógraíocht</b>	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00
<b>Trealamh</b>	€2,000.00	€700.00	€700.00	€700.00	€700.00	€700.00	€700.00
<b>Fo-ionlán</b>	<b>€12,000.00</b>	<b>€9,700.00</b>	<b>€8,700.00</b>	<b>€8,700.00</b>	<b>€8,700.00</b>	<b>€8,700.00</b>	<b>€8,700.00</b>
<b>Tuarastal</b>	€38,850.00	€41,625.00	€44,400.00	€47,175.00	€49,950.00	€52,725.00	€55,500.00
<b>Iomlán (le tuarastal)</b>	<b>€50,850.00</b>	<b>€51,325.00</b>	<b>€53,100.00</b>	<b>€55,875.00</b>	<b>€58,650.00</b>	<b>€61,425.00</b>	<b>€64,200.00</b>

Tábla 7.2: Clár Caiteachais Bheart 6.2.1

#### 7.1.2. Nóta maidir le Beart 6.5.1

Tugtar sa dá thábla thíos mionbhriseadh síos ar na costais a bhainfeas le beart 6.5.1. Is gnáthscála pá d'oirigeach cléireachais (de réir Chiorclán 2/2014) a bheas i gceist:

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
<b>Tuarastal</b>	€21,345.00	€22,805.00	€23,177.00	€24,255.00	€25,339.00	€26,420.00	€27,502.00
<b>Cáin an Fhostóra (11.0%)</b>	€2,347.95	€2,508.55	€2,549.47	€2,668.05	€2,787.29	€2,906.20	€3,025.22
<b>Iomlán</b>	<b>€23,692.95</b>	<b>€25,313.55</b>	<b>€25,726.47</b>	<b>€26,923.05</b>	<b>€28,126.29</b>	<b>€29,326.20</b>	<b>€30,527.22</b>

Tábla 7.3: Tuarastal an OO

### 7.2. Maoiniú

Is í an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, trí Údarás na Gaeltachta, a dhéanfas an plean teanga seo a mhaoliniú.

### **7.3. Clár Caiteachais do Phlean Teanga Limistéar Pleanála Teanga Ráth Chairn agus Bhaile Ghib**

<b>Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil</b>	6.10.1	-	-	-	-	-	-	-
	6.10.2	-	-	-	-	-	-	-
<b>Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire</b>	6.11.1	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00
	6.11.2	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00
	6.11.3	-	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00
	6.11.4	-	€240.00	€240.00	€240.00	€240.00	€240.00	€240.00
	6.11.5	-	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00
	6.11.6	-	-	-	-	-	-	-
	6.11.7	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00
<b>Staid na Gaeilge sa Limistéar</b>	6.12.1	-	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00
	6.12.2	-	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00
	6.12.3	-	-	-	€12,800.00	€12,800.00	€12,800.00	€12,800.00
	6.12.4	-	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00
	6.12.5	-	-	-	-	-	-	-
	6.12.6	-	€500.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00
<b>Buiséad reatha</b>	<b>€99,813.95</b>	<b>€105,294.55</b>	<b>€261,612.47</b>	<b>€278,384.05</b>	<b>€282,362.29</b>	<b>€286,337.20</b>	<b>€290,313.22</b>	
<b>Buiséad caipítel (féach Tábla 7.5 thíos)</b>	<b>€113,200.00</b>	<b>€538,020.00</b>	<b>€3,700.00</b>	<b>€56,100.00</b>	<b>€20,700.00</b>	<b>€700.00</b>	<b>€700.00</b>	
<b>Iomlán</b>	<b>€213,013.95</b>	<b>€643,314.55</b>	<b>€265,312.47</b>	<b>€334,484.05</b>	<b>€303,062.29</b>	<b>€287,037.20</b>	<b>€291,013.22</b>	

Tábla 7.4: Costais lomlána an Phlean Teanga

### 7.3.1. Buiséad Caipítel de réir bliana

Beart	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
<b>6.2.1</b>	€2,000.00	€700.00	€700.00	€700.00	€700.00	€700.00	€700.00
<b>6.3.2</b>	€100,000.00	€400,000.00	-	-	-	-	-
<b>6.3.4</b>	-	-	€3,000.00	-	-	-	-
<b>6.4.2</b>	€1,200.00	-	-	€400.00	-	-	-
<b>6.4.5</b>	-	-	-	€55,000.00	€20,000.00	-	-
<b>6.5.3</b>	€10,000.00	€14,000.00	-	-	-	-	-
<b>6.7.2</b>	-	€123,320.00	-	-	-	-	-
<b>Buiséad caipítel iomlán</b>	<b>€113,200.00</b>	<b>€538,020.00</b>	<b>€3,700.00</b>	<b>€56,100.00</b>	<b>€20,700.00</b>	<b>€700.00</b>	<b>€700.00</b>

Tábla 7.5: Buiséad Caipítel de réir bliana

NB: Is meastacháin għarbha iad seo thuas.

## 8. Forbairt Feasachta agus Poiblócht

### 8.1. Forbairt Feasachta

Tá sé mar cheann de phríomhspriocanna an phlean teanga seo feasacht phobal an LPT a ardú ar an bpróiseas pleánala teanga agus ar chúrsaí teanga go ginearálta. Chuige sin, tá roinnt beart curtha san áireamh sa bplean a dhíríonn isteach ar theasacht teanga an phobail agus spriocgrúpaí áirithe:

Beart	Teideal	Spriocgrúpa
6.2.2	Láithreacht ar Líne	Pobal an LPT
6.3.6	Feasacht Teanga i measc Óige an LPT	Daoine óga
6.4.1	Scéim Chomhfheagrais do Thuismitheoirí Nua	Tuismitheoirí/Caomhnóirí
6.4.3	Grúpa Thuismitheoirí/Chaomhnóirí na Scoileanna Gaeltachta	Tuismitheoirí/Chaomhnóirí
6.5.1	Coiste Pleanála Teanga na nÓg	Daoine óga
6.7.1	Seirbhís Tacaíochta Gnó	An Lucht Gnó
6.8.1	Nuachtlfír 'An Gaeitin'	Pobal an LPT
6.11.3	Oiliúint agus Tacaíocht do Thraenálaithe/Theagascóirí	Lucht Spóirt/Caitheamh Aimsire
6.12.4	Forbairt na Pleanála Teanga sa LPT	Daoine óga
6.12.5	Comhairle Contae na Mí	Údarás Áitiúla
6.12.6	Cainteanna Poiblí	Pobal an LPT

Tábla 8.1: Bearta Feasachta

Tá Gaeltacht na Mí eisceachtúil i measc Ghaeltachtaí na tíre mar gheall ar a suíomh: tá an dá chuid den LPT mar a bheadh oileáin Ghaeltachta, scartha óna chéile agus timpeallaithe ag pobail Bhéarla. Aithnítear, dá bharr sin, go bhfuil gá le feasacht a ardú ar na hiarrachtaí atá ar bun sa LPT an Ghaeilge a láidriú mar theanga phobail ní hamhain i measc phobal an LPT féin agus i measc phobal an cheantair máguaird chomh maith.

### 8.2. Poiblócht

#### 8.2.1. Brandáil

Bainfear úsáid as lógó agus brandáil CPTGM ar aon phoiblócht a dhéanfar ar an bplean teanga nó ar bhearta an phlean teanga, ach amháin sa gcás go socraíonn an OPT, le cead CPTGM, brandáil eile a fhorbairt agus a úsáid. Tá treoirlínte brandála ar fáil in Agusín IV.

#### 8.2.2. Poiblóchtaí

Bainfear úsáid as na meáin éagsúla le poiblóchta a dhéanamh ar an bplean teanga nó ar chodanna éagsúla de. Áirítear ina measc sin:

- Ábhar clóite: bileoga, leabhrán, póstaeir, srl.
- Meáin chlóite: fógraí i nuachtáin áitiúla, i nuachtltreacha eagraíochtaí áitiúla, srl.
- Raidió: go háirithe RTÉ Raidió na Gaeltachta, Louth Meath FM, srl.
- Idirlíon agus meáin shóisialta: suíomh gréasáin na ceanneagraíochta, suíomh gréasáin CPTGM (Beart 6.2.2), Facebook, Twitter, srl.

Le freastal a dhéanamh ar phobal ionlán an LPT, beidh formhór na poiblóchta seo dátheangach, ach tabharfar túis áite i gcónaí don Ghaeilge.

Tá costais phoiblóchta san áireamh i mbuiséad Bheart 6.2.1.

## 9. Feidhmiú agus Monatóireacht

### 9.1. Feidhmiú an Phlean Teanga

#### 9.1.1. Struchtúr Feidhmithe

Mar a leagtar amach i mBeart 6.2.1, beidh struchtúr trí leibhéal ann le cinntíú go gcuirtear an plean teanga i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach: an cheanneagraíocht, an coiste stiúrtha agus an OPT.

#### 9.1.2. Ról na Ceanneagraíochta

Is é Comharchumann Ráth Chairn an cheanneagraíocht don phróiseas pleanála teanga i nGaeltacht na Mí, agus is é atá freagrach as cur i bhfeidhm an phlean teanga. Feidhmeoidh an Comharchumann mar idirghabhálaí idir CPTGM/an OPT agus Údarás na Gaeltachta, agus déanfaidh sé obair an OPT agus an CPTGM a éascú an oiread agus is féidir. Chomh maith leis sin, tá Comharchumann Ráth Chairn luaite mar phríomhúinéir ar roinnt beart sa bplean teanga seo, is iad:

Beart	Teideal
6.2.1	Struchtúr Feidhmithe
6.4.5	Áiseanna Spraoi
6.5.1	Oifigeach don Óige
6.7.2	Áras Pobail Ráth Chairn
6.10.1	Cead Pleanála

Tábla 9.1: Bearta faoi chúram na Ceanneagraíochta

Beidh sé de dhualgas ar an gceanneagraíocht chomh maith ionadaí nó ionadaithe a chur chuig cruinnithe CPTGM, mar a shonraítear i mBeart 6.2.1.

#### 9.1.3. Ról an Choiste Stiúrtha

Is é CPTGM an coiste stiúrtha, agus tá sé luaite mar phríomhúinéir ar chúig bheart chomh maith:

Beart	Teideal
6.5.2	Coiste Pleanála Teanga na nÓg
6.7.3	Fostaíocht trí Ghaeilge
6.9.2	Seirbhísí Stáit
6.11.6	Club Leabhar
6.12.1	Ciste Lánroghnach

Tábla 9.2: Bearta faoi chúram CPTGM

#### 9.1.4. Ról an Oifigigh Pleanála Teanga

Beidh an OPT fostaithe ag an gceanneagraíocht agus ag obair faoi stiúir CPTGM. Is é an OPT (agus/nó an OO) atá mar phríomhúinéir ar na bearta uilig sa bplean teanga, seachas na deich gcinn a luaitear thuas. Beidh saoirse áirithe ag an OPT agus bearta an phlean teanga á gcur i bhfeidhm aige/aici, ach má theastaíonn uaidh/uaithi imeacht ón gcur i bhfeidhm atá molta sa bplean teanga, beidh air aontú a fháil ó CPTGM ar dtús. Beidh sé de chead ag an OPT leasuithe a dhéanamh ar an bplean teanga seo agus/nó tionscadail nua nach n-áirítear sa bplean a forbairt agus a chur i bhfeidhm ach an tionscadal agus an buiséad a aontú le CPTGM agus leis an gceanneagraíocht roimh ré.

## 9.2. Ról na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Aithnítear go mbaineann cuid de na bearta sa bplean teanga seo le ranna rialtais agus le háisíneachtaí stáit eile nach ionann iad agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ar mhaithe le héifeachtúlacht, beifear ag súil go nglacfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ról láidir áisitheoirreachta agus comhordaithe sna cásanna sin trí phlé agus idirbheartaíocht a dhéanamh le ranna rialtais eile agus le háisíneachtaí stáit thar ceann na gceanneagraíochtaí agus na gcoistí pleánala teanga Gaeltachta.

## 9.3. Monatóireacht

Aithnítear go mbeidh gá le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht bhearta an phlean teanga le cinntíú go bhfuil an pleán á chur i bhfeidhm go héifeachtach. Sonraítear i mBeart 6.2.4 formhór na ngníomhaíochtaí a theastós le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean. Sa gcás go bhfeictear don OPT, do CPTGM nó don cheanneagraíocht nach bhfuil beart áirithe á chur i bhfeidhm nó nach bhfuil sé á chur i bhfeidhm go héifeachtach, déanfar – le haontú CPTGM agus le dearbhú ón gceanneagraíocht go bhfuil buiséad ar fáil dó – an beart sin a leasú nó ceapfar beart nua ina áit.

## Foinsí

An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2014a. SAPMAP 2006: Gaeltacht – Meath [ar líne]. Corcaigh: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag: [http://census.cso.ie/sapmap2006results/Results2.aspx?Geog\\_Type=Gael&Geog\\_Code=11\\_Meath](http://census.cso.ie/sapmap2006results/Results2.aspx?Geog_Type=Gael&Geog_Code=11_Meath) (Léite 17 Deireadh Fómhair 2017).

An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2014b. SAPMAP 2011: Gaeltacht Area Meath (CSO Area Code GA 06) [ar líne]. Corcaigh: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag: [http://census.cso.ie/sapmap2011/Results.aspx?Geog\\_Type=GA&Geog\\_Code=06](http://census.cso.ie/sapmap2011/Results.aspx?Geog_Type=GA&Geog_Code=06) (Léite 17 Deireadh Fómhair 2017).

An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017. Census 2016 Sapmap Area: Limistéir Pleanála Teanga Ráth Chairn Agus Baile Ghib [ar líne]. Baile Átha Cliath: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag: [http://census.cso.ie/sapmap2016/Results.aspx?Geog\\_Type=LPT2012&Geog\\_Code=038DBFE3\\_CD0F-4514-86EF-35713937F261](http://census.cso.ie/sapmap2016/Results.aspx?Geog_Type=LPT2012&Geog_Code=038DBFE3_CD0F-4514-86EF-35713937F261) (Léite 12 Meán Fómhair 2017).

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2015. *Bailte Seirbhise Gaeltachta* [ar líne]. Na Forbacha: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ar fáil ag: <https://www.chg.gov.ie/ga/gaeltacht/20-year-strategy-for-the-irish-language-2010-2030/language-planning-process/gaeltacht-service-towns/> (Léite 23 Deireadh Fómhair 2017).

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2016. *Treoirínte Pleanála Teanga: Eagrán 3 – Bealtaine 2016*. Na Forbacha: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016. *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Comharchumann Ráth Chairn, 2016. *Oidhreacht Ráth Chairn* [ar líne]. Ráth Chairn: Comharchumann Ráth Chairn. Ar fáil ag: <https://www.rathchairn.com/oidhreacht-rath-chairn> (Léite 17 Deireadh Fómhair 2017).

Cooper, R.L., 1989. *Language Planning and Social Change*. Cambridge: Cambridge University Press.

Fishman, J.A., 1991. *Reversing Language Shift*. Clevedon: Multilingual Matters Ltd.

Hickey, T., 1999. *Luathoideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht/Early Education through Irish in the Gaeltacht*. Gaillimh: Údarás na Gaeltachta & Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Hickey, T.M., 2001. 'Mixing Beginners and Native Speakers in Minority Language Immersion: Who Is Immersing Whom?'. *Canadian Modern Language Review*, 57 (3), 443-74.

Hinton, L., 2001. 'Language Revitalisation: An Overview'. I: Hinton, L. & Hale, K. (eag.) *The Green Book of Language Revitalisation in Practice*. San Diego: Academic Press, 3-18.

King, K.A., Fogle, L. & Logan Terry, A., 2008. 'Family Language Policy'. *Language and Linguistics Compass*, 2 (5), 907-22.

Kirsch, C., 2011. 'Ideologies, struggles and contradictions: an account of mothers raising their children bilingually in Luxembourgish and English in Great Britain'. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 15 (1), 95-112.

Lenoach, C., Ó Giollagáin, C. & Ó Curnáin, B. (eag.), 2012. *An Chonair Chaoch: An Miunteangachas sa Dátheangachas*. Indreabhán: Leabhar Breac.

Mac Donnacha, J., 2000. 'An Integrated Language Planning Model'. *Language Problems and Language Planning*, 24 (1), 11-35.

Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéagheda, A. & Ní Mhainnín, T., 2005. *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

McCarthy, E., 2018. *All-Island Research Observatory (AIRO) Ghaeltacht na Mí* [cur i láthair]. Ráth Chairn. 2 Eanáir.

Ní Dhoimhín, H., 2015. *Seachadadh Idirghlúineach na Gaeilge in Éirinn an lae inniu: Deacrachtaí agus Dúshláin*. Tráchtas MA neamhfhoilsithe, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Ní Dhúda, L., 2014. *Roghanna: Lámhleabhar Eolais faoin bPleanáil Teanga*. An Mhí: Glór na nGael.

Ó Bróithe, É., 2012. 'Scéim Labhairt na Gaeilge: Feidhm agus Mífheidhm'. I: Lenach, C., Ó Giollagáin, C. & Ó Curnáin, B. (eag.) *An Chonair Chaoch: An Mionteangachas sa Dátheangachas*. Indreabhán: Leabhar Breac, 237-68.

Ó Curnáin, B., 2012. 'An Chanúineolaíocht'. I: Ó hlfearnáin, T. & Ní Neachtain, M. (eag.) *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teo, 83-110.

Ó Giollagáin, C. & Charlton, M., 2015. *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006–2011*. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta.

Ó Giollagáin, C., 2012. 'An Antraipeolaíocht Teanga'. I: Ó hlfearnáin, T. & Ní Neachtain, M. (eag.) *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teo, 15-32.

Ó Giollagáin, C., 2014. 'From revivalist to undertaker: New developments in official policies and attitudes to Ireland's 'First Language''. *Language Problems & Language Planning*, 38 (2), 101-27.

Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéagheda, A. & O'Brien, M., 2007a. *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéagheda, A. & O'Brien, M., 2007b. *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhtháit agus Moltaí*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó hlfearnáin, T., 2013. 'Family language policy, first language Irish speaker attitudes and community-based response to language shift'. *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 34 (4), 348-65.

Ó Laighin, P.B., 2012. 'Reachtaíocht Teanga'. I: Ó hlfearnáin, T. & Ní Neachtain, M. (eag.) *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teo, 151-76.

Parada, M., 2013. 'Sibling Variation and Family Language Policy: The Role of Birth Order in the Spanish Proficiency and First Names of Second-Generation Latinos'. *Journal of Language, Identity & Education*, 12 (5), 299-320.

Péterváry, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C. & Sheahan, J., 2014. *Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: An Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Rialtas na hÉireann, 2010. *Straitéis 20 Bliaín don Ghaeilge 2010-2030*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Rialtas na hÉireann, 2012. *Acht na Gaeltachta, 2012*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

SchoolDays.ie, 2018a. *Coláiste Pobail Rath Cairn* [ar líne]. Baile Átha Cliath: SchoolDays.ie. Ar fáil ag: <https://www.schooldays.ie/school/col%C3%A1iste-pobail-rath-cairn-rollnumber-71991T> (Léite 25 Feabhra 2018).

SchoolDays.ie, 2018b. *Oristown National School* [ar líne]. Baile Átha Cliath: SchoolDays.ie. Ar fáil ag: <https://www.schooldays.ie/school/s-n-caitrona-naofa-rollnumber-18174J> (Léite 25 Feabhra 2018).

SchoolDays.ie, 2018c. *Scoil Naisiunta Ultain Naofa* [ar líne]. Baile Átha Cliath: SchoolDays.ie. Ar fáil ag: <http://www.schooldays.ie/school/s-n-ultain-naofa-rollnumber-17203I> (Léite 25 Feabhra 2018).

SchoolDays.ie, 2018d. *Scoil Uí Ghramhnaigh* [ar líne]. Baile Átha Cliath: SchoolDays.ie. Ar fáil ag: <https://www.schooldays.ie/school/s-n-an-athar-ui-gramhna-rollnumber-17088L> (Léite 25 Feabhra 2018).

Údarás na Gaeltachta, 2017. *An Mhí* [ar líne]. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta. Ar fáil ag: <http://www.udaras.ie/an-ghaeilge-an-ghaeltacht/an-ghaeltacht/an-mhi> (Léite 13 Deireadh Fómhair 2017).

Watson, I., 2012. ‘Na Meáin’. In: Ó hIfearnáin, T. & Ní Neachtain, M. *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teo, 243-60.

## Aguisín I: Tortháí Taighde Breise

### Pobal an LPT

Iarradh ar na rannpháirtithe smaointe nó tuairimí breise a roinnt ag deireadh an cheistneora maidir le rudaí ba mhaith leo a fheiceáil sa bplean teanga, agus thug 118 rannpháirtí (25.5% den sampla iomlán) freagra bailí ar an gceist seo. Tugtar sa tábla thíos na téamaí lena mbaineann na freagraí, sonraí a thugann rannpháirtithe éagsúla, agus an líon rannpháirtithe a luann gach téama:

Téama	Sonraí	Líon rannpháirtithe <sup>64</sup>	
<b>Deiseanna neamhfhoirméalta foghlama agus úsáide Gaeilge do dhaoine fásta</b>	Imeachtaí trí Ghaeilge do dhaoine fásta (luaitear ranganna céili/damhsa seit/damhsa eile, spórt, ióga, ranganna acláiochta, zumba, turais shóisialta chuit Gaeltachtáile, tráth na gceist, club Gaeilge); deiseanna do phobal Ráth Chain agus do phobal Bhaile Ghib teacht le chéile; fáilte roimh dhaoine atá ag foghlaim Gaeilge ag imeachtaí; níos mó imeasctha idir cainteoír líofa Gaeilge agus daoine nach bhfuil mórán Gaeilge acu	34	(28.8%)
<b>Áiseanna agus imeachtaí do dhaoine óga</b>	Phlean sósialta do dhaoine óga; clubanna óige (m.sh. Foróige nó Ógras); níos mó imeachtaí/clubanna/grúpaí (luaitear club drámaíochta, grúpa ceoil, cursaí agus campaí samhraidh, club obair bhaile, imeachtaí lasmuigh den scoil, turais, céili, comórtais tallainne, ceardlanna Lego, spórt (m.sh. CLG (d'fhéadfadh an traenáil faoi aois a bheith dátheangach), sacar, campaí spóirt, na healaíona míleata), damhsa, ealaín, scéim le daltaí meánscoile a chur ag labhairt Gaeilge le seandaoine áitiúla); ambasadóirí teanga le daoine óga a mhealladh; imeachtaí agus áiseanna saor in aisce; imeachtaí a d'fhéadfaí a reáchtáil gan líon mór daoine	32	(27.1%)
<b>Ranganna Gaeilge</b>	Ranganna do gach aois agus do gach leibhéal (glantosaitheoirí, ranganna comhrá agus ranganna saibhirthe teanga san áireamh); ranganna saor in aisce/maoinithe ag Údarás na Gaeltachta/an Stát, na ranganna a reáchtáil ag amantaí éagsúla agus i gcaitheamh na bliana uilg; córas 'buddy' a úsáid	27	(22.9%)
<b>Seirbhísí agus Gnó</b>	Níos mó seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge sa LPT; Gaeilge a bheith ag éinne atá i mbun gnó/seirbhísí sa LPT; tacáiochtaí ar fáil d'úinéirí gnó níos mó Gaeilge a úsáid; níos mó Gaeilge a bheith á labhairt sa láthair oibre; tacáiochtaí a chur ar fáil do dhaoine ar mhaith leo Gaeilge a fhoghlaím le post a fháil sa LPT; naóna a bhunú/athbhunú i mBaile Ghib (luann seachtar é seo go sonrach); Aifreann Gaeilge a bheith ar fáil i ngach cuid den LPT (luann naonúr é seo go sonrach)	19	(16.1%)
<b>An Ghaeilge</b>	Go mairfidh an Ghaeilge/an Ghaeltacht i gCo. na Mí/go labhróidh na páistí í; aitheantas don Ghaeilge; cuid thábhachtach den chultúr/oidhreacht í; tá an Ghaeilge/cur chun cinn na Gaeilge tábhachtach	16	(13.6%)
<b>Tírdhreach Teangeolaíoch agus Timpeallacht Teanga</b>	Níos mó Gaeilge a bheith le feiceáil/á labhairt sa LPT (sna siopáí, in oifig an phoist, ar chomharthaí bóthair agus ar chomharthaí eile, ar fhógraíocht, i measc daoine óga); comhlachtaí áitiúla a bheith ag spreagadh daoine lena gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge	13	(11.0%)
<b>Tithíocht</b>	Deontais tithíochta don Ghaeltacht a thabhairt ar ais; daoine a mhealladh go dtí an LPT trí shuíomhanna a chur ar fáil dóibh; níor cheart go mbeadh aon teach ná suíomh folamh sa nGaeiltacht; tacáiochta teanga a bheith ar fáil do dhaoine ar mian leo cónaí sa nGaeiltacht; coinníoll láidir teanga a bheith i gceist le teach a thógáil nó a cheannach sa LPT; ról a bheith ag an	8	(6.8%)

<sup>64</sup> Céatadáin bunaithe ar na 118 duine a thug freagra bailí ar an gceist seo.

	gComharchumann i mealladh daoine le Gaeilge le cur fúthu sa LPT		
An Córás Oideachais	Tá deacrachtaí á gcruthú do chainteoirí óga T1 Gaeilge mar gheall ar thromlach na ndlataí sna scoileanna a bheith ina gcainteoirí T2; níos mó tacáiochta do Choláiste Pobail Ráth Chairn ón bpobal; níos mó de mhuintir na háite a bheith ag freastal ar Choláiste Pobail Ráth Chairn; oideachas tríu leibhéal trí Ghaeilge agus cursaí Gaeilge tríu leibhéal a bheith ar fáil sa LPT; ábhar roghnach a dhéanamh den Ghaeilge ag an dara leibhéal	7	(5.9%)
Tuismitheoirí agus Teaghláigh	Tuismitheoirí óga a spreagadh le Gaeilge a labhairt lena gclanna; tuismitheoirí a spreagadh le Gaeilge a fhoghlaim sula dtosaíonn a bpáistí ar an scoil; grúpaí tuismitheoirí agus leanáí; laethanta teaghláigh agus imeachtaí teaghláigh	7	(5.9%)
Feasacht Teanga	Aoichainteoirí a thabhairt isteach sna scoileanna le labhairt leis na páistí faoi chúrsaí teanga; ceardlanna ar an dátheangachas; athrú meoin ag teastáil; daoine a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu a chur ag labhairt Gaeilge le chéile; caithfear lucht an Bhéarla a mhealladh	7	(5.9%)
Tacaíochtaí Rialtais	Infheistíocht; Scéim na gCúntóirí Teanga; tuilleadh tacáiochta ó Údarás na Gaeltachta do Bhaile Ghib; obair a bheith ar fáil go háitiúil do dhaoine óga	6	(5.1%)
Forbairt Fhisiciúil	Feabhas a chur ar na bóithre; níos mó áiseanna/áiseanna níos fearr a forbairt don LPT (m.sh. níl rogha mhaith ar fáil sa siopa áitiúil); níos mó boscaí poist; áit eile seachas Halla Bhaile Ghib a bheith ar fáil don phobal le teacht le chéile agus Gaeilge a labhairt (m.sh. caifé)	4	(3.4%)
Halla Bhaile Ghib	Níos mó imeachtaí a chur ar siúl ann; an Halla a bheith oscailte don phobal; an stíl bhainistíochta a athrú	4	(3.4%)
Eile	Tá an iomarca béime ar riachtanais foghlaimeoirí agus níl dóthain béime ar riachtanais na gcainteoirí T1 Gaeilge; ba chóir go mbeadh Gaelscoil i ngach baile in Éirinn; tá Oifigeach Forbartha ag teastáil; an Ghaeilge a chur chun cinn tríd an CLG/trí eagraíochtaí eile; forbairt agus fás pobail; níl suim ann i mBaile Ghib an Ghaeilge a athneartú	6	(5.1%)

## Daoine Óga

Ag deireadh an cheistneora tugadh deis do na daoine óga a gcuid moltaí féin a thabhairt ar na rudaí/imeachtaí a chuideodh leo a gcuid Gaeilge a úsáid. D'fhreagair 56 rannpháirtí (35.9%) an cheist seo, agus déantar a bhfreagraí sin a rangú sa tábla thíos:

Téama	Sonraí	Líon rannpháirtithe <sup>65</sup>	
Imeachtaí/gníomhaíochtaí	Campa samhraidh, ceardlanna/clubanna/ranganna (amhránaíochta, ceoil, damhsa, drámaíocht, ealaíne, faisín, leabhar, teicneolaíochta/aipeanna), club óige, comórtais, deiseanna Gaeilge a mhúineadh do pháistí eile, dioscó, pictiúrlann/scannán, scéim mhalaíte, sorcas, spórt (aclaíocht, camógaíocht, cispeil, gleacaíocht, iománaíocht, marcaíocht capall, peil, sacar, snámh), turais scoile	29	(51.8%)
Ionaid	Caifé/bialann, ionad 'bualadh isteach'/ionad spraoi, ionad spóirt, óstán, siopáí, stiúideo (d'ealaíontóirí)	8	(14.3%)
Cluichí	Cluichí boird, cluichí ríomhaire, cluichí xbox/playstation	7	(12.5%)
Deiseanna úsáide taobh amuigh den scoil	Níos mó Gaeilge a bheith á labhairt sa gceantar	5	(8.9%)
Gaeilge i réimse an bhaile	Níos mó Gaeilge a bheith á labhairt ag tuismitheoirí/sa mbaile	5	(8.9%)
Teicneolaíocht	Aipeanna cumarsáide, méarchlár Gaeilge	5	(8.9%)

<sup>65</sup> Céatadán bunaithe ar na 56 duine óg a d'fhreagair an cheist seo.

Oideachais	Níos mó múinteoirí a labhraíonn Gaeilge, níos mó ranganna Gaeilge do dhaoine óga (sa scoil agus taobh amuigh di)	4	(7.1%)
Eile	Brandáil Ghaeilge ar éadaí	1	(1.8%)

## Tuismitheoirí agus Caomhnóirí

larradh ar na tuismitheoirí/caomhnóirí smaointe nó tuairimí breise a roinnt ag deireadh an cheistneora maidir le rudaí ba mhaith leo a fheiceáil sa bplean teanga, agus thug 19 rannpháirtí (11.0% den sampla iomlán) freagra bailí ar an gceist seo. Tugtar sa tábla thíos na téamaí lena mbaineann na freagraí, sonraí a thugann rannpháirtithe éagsúla, agus an líon rannpháirtithe a luann gach téama:

Téama	Sonraí	Líon rannpháirtithe <sup>66</sup>	
Sóisialú	Imeachtaí sóisialta/caitheamh aimsire/grúpaí/clubanna do gach aoisghráupaí (páistí óga, déagóirí, daoine fásá); comhoibriú le cumainn áitiúla CLG; imeachtaí cultúrtha; imeachtaí pobail; níos mó a chur ar siúl sna hionaid phobail	8	(42.1%)
Deiseanna foghlama/úsáide	Deiseanna neamhfhoirmiúla foghlama do gach leibhéal; daoine a spreagadh le Gaeilge a fhoghlaím/a úsáid; comhoibriú le cumainn áitiúla CLG	6	(31.6%)
Tacaíochtaí eile	Níos mó meánscoileanna Gaeilge a bheith ar fáil go háitiúil; 'oifigeach Gaeilge' a earcú; naíonra a athbhunú i mBaile Ghib; tacáiocht do thuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge acu; tacáiocht teanga do dhaoine atá ag obair le páistí	5	(26.3%)
Cainteoirí T1	Ba chóir túis áite a thabhairt do riachtanais na gcainteoirí óga dúchais sna scoileanna	3	(15.8%)

<sup>66</sup> Céatadáin bunaithe ar na 19 nduine a thug freagra bailí ar an gceist seo.

## Aguisín II: Na Critéir Pleanála Teanga

Is iad seo a leanas na critéir pleanála teanga do limistéar pleanála teanga Gaeltachta atá forordaithe faoi alt 12 d'Acht na Gaeltachta, 2012:

1. Eagraíocht, arna roghnú ag Údarás na Gaeltachta faoi fho-alt (6), (10)(a) nó (13)(a), de réir mar is cuí, d'alt 7 d'Acht 2012, a bheith ann chun an plean teanga a ullmhú agus a chur i ngníomh sa limistéar iomchuí.
2. An cion den daonra arb í an Ghaeilge an teanga labhartha atá acu sa limistéar iomchuí, ag féachaint do thionchar tosca déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta ar an limistéar iomchuí.
3. Na socruithe a shonraítear maidir le seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa limistéar iomchuí.
4. Fordála Acht 1998 a bheith á n-úsáid, de réir mar is cuí, chun tacú leis an nGaeilge sa limistéar iomchuí, ag féachaint go háirithe do mhíreanna (i) agus (j) d'alt 6 den Acht sin.
5. Oideachas bunscoile agus iarbhunscoile trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí, de réir bheartas na Roinne Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear sruthanna a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge i scoileanna Béarla agus roinnt ábhar a bheith á múineadh trí Ghaeilge i scoileanna Béarla, de réir mar is cuí.
6. Beartais teanga chuí a bheith ann laistigh den timpeallacht scoile a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha lasmuigh den chóras oideachais sa limistéar iomchuí.
7. Seirbhísí cuí cúram leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga, a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge sa limistéar iomchuí.
8. Socruithe cuí a bheith ann sa limistéar iomchuí chun tacú le húsáid na Gaeilge ag leanaí ó theaghlaigh nach í an Ghaeilge an teanga labhartha atá sa bhaile acu.
9. Socruithe cuí a bheith ann sa limistéar iomchuí chun tacú le foghlaim na Gaeilge ag leanaí réamhscoile, d'fhonn tacú le rollú i mbunscoileanna Gaeilge.
10. Gníomhaíochtaí sóisialta cuí trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga agus d'aoisghráupaí eile a bheith ar fáil agus beartais teanga chuí a bheith ann i dtaca leis na gníomhaíochtaí sin sa limistéar iomchuí.
11. Deiseanna cuí a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais.
12. A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa sa limistéar iomchuí.
13. Cuideachtaí agus gnóthaí a bheith ann a sholáthraíonn seirbhísí trí mheán na Gaeilge don phobal sa limistéar iomchuí.
14. Beartais fostáiochta agus earcaíochta a bheith ann atá á gcur i ngníomh ag cuideachtaí agus gnóthaí sa limistéar iomchuí ar mhodh a chinntíonn go bhfuil ar a gcumas seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar.
15. A mhéid a úsáideann eagraíochtaí pobail agus comharchumainn an Ghaeilge sa limistéar iomchuí.
16. A mhéid a úsáideann na meáin chumarsáide áitiúla an Ghaeilge sa limistéar iomchuí.
17. Forála iomchuí na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2013 a bheith á n-úsáid chun tacú leis an nGaeilge sa limistéar iomchuí.
18. Seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí.
19. A mhéid a thacaíonn an pobal i gcoitinne sa limistéar iomchuí leis an bplean teanga.

## Aguisín III: Ceistneoirí

Cuirtear ar fáil san agusín seo cóip de na ceistneoirí ar fad a úsáideadh le linn an taighde a rinneadh mar chuid d'ullmhú an phlean teanga.

### Pobal an LPT

Seo a leanas an ceistneoir a scaipeadh i measc phobal an LPT.

Coiste Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí	Ceistneoir	Questionnaire
<p><b>Tá muid fíorbhúioch díot as an gceistneoir seo a líonadh.</b></p> <p>Tá na ceistneoirí seo á scaipeadh mar chuid den phróiseas pleanála teanga atá ar bun sa gceantar seo, <b>Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí</b>, faoi láthair. Faoi Acht na Gaeltachta, 2012, caithfidh chuile cheantar Gaeltachta plean teanga a réiteach a mbeidh sé de sprioc aige an Ghaeilge a chaomhnú agus a neartú. Bunchloch atá sa taighde seo don phlean.</p> <p>Beidh taighdeoir neamhspleách ag déanamh analíse ar na ceistneoirí, agus <b>coinneofar an t-eolas uilig a bhaileofar go hiomlán faoi rún</b>.</p> <p>Má bhíonn aon cheist agat faoin méid seo, is féidir leat teagmháil a dhéanamh am ar bith leis an taighdeoir, Hannah Ní Dhoimhín, a bhfuil a cuid sonraí teagmhála thíos.</p> <hr/> <p><b>Sonraí Teagmhála   Contact Details</b></p> <p><b>Guthán   Phone:</b> 087 2500 426</p> <p><b>Ríomhphost   Email:</b> <a href="mailto:pleanteanganami@gmail.com">pleanteanganami@gmail.com</a></p> <p><b>Seoladh   Address:</b> Coiste Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí, f/ch Chomharchumann Ráth Chairn, Ráth Chairn, Co. na Mí.</p>	 <p>We would like to thank you for taking the time to fill out this questionnaire.</p> <p>These questionnaires are being distributed as part of the language planning process which is currently taking place in our area, the <b>Language Planning Area of Gaeltacht na Mí</b>. Under the Gaeltacht Act 2012, every Gaeltacht area has to prepare a language plan, the aim of which will be to preserve and strengthen the Irish language. This research will provide the baseline for our plan.</p> <p>The questionnaires will be analysed by an independent researcher, and <b>all the information collected will be kept strictly confidential</b>.</p> <p>If you have any questions, you can contact the researcher, Hannah Ní Dhoimhín, any time using the contact details provided below.</p>	



Ceistneoir do Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí  
Questionnaire for the Language Planning Area of Gaeltacht na Mí

Cuid 1: Eolas Ginearálta / Section 1: General Information

\* 1. Cá bhfuil tú i do chóiné? / Where do you live?

- Ráth Chaim
- Baile Ghib

\* 2. Carb as tú ó dhúchas? / Where are you from originally?

- Ráth Chaim/Baile Ghib
- Ceantar Gaeltachta eile / Another Gaeltacht area
- Poblacht na hÉireann, taobh amuigh den Ghaeltacht / Republic of Ireland, outside the Gaeltacht
- Tuaisceart Éireann / Northern Ireland
- Eile (sonraigh le do thoil) / Other (please give details)

\* 3. Cén aoisgrúpa lena mbaineann tú? / Which age group do you belong to?

- 18-24
- 25-34
- 35-44
- 45-54
- 55-64
- 65+

4. Más tuismitheoir thú a bhfuil do pháiste/do chuid páistí ag freastal ar scoil faoi láthair cuir tic sa mbosca is fearr a dhéanann cur síos ar an scoil sin le do thoil. / If you are a parent whose child is/children are currently attending school, please tick the box which best describes that school.

- Müintear na hábhair uilig (seachas an Béarla/teangacha eile) tri Ghaeilge / All subjects (except English/other languages) are taught through Irish
- Müintear na hábhair tri Ghaeilge agus tri Bhéarla (meascán) / The subjects are taught through Irish and English (mixed)
- Müintear na hábhair uilig (seachas an Ghaeilge) tri Bhéarla / All subjects (except Irish) are taught through English

Cén fáth ar roghnaigh tú an scoil sin? / Why did you choose that school?



Ceistneoir do Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí  
Questionnaire for the Language Planning Area of Gaeltacht na Mí

Cuid 2: Cúrla agus Cumas Teanga / Section 2: Language Background and Ability

\* 5. Roghnaigh an freagra is fearr a dhéanann cur síos ar do chumas Gaeilge, le do thoil! Please choose the option which best describes your Irish language ability.

- Gaeilge líofa / Fluent Irish
- Gaeilge réasúnta math / Reasonably good Irish
- Beagán Gaeilge / A little Irish
- Gan aon Ghaeilge / No Irish

\* 6. Cén teanga/cé na teangacha a bhíodh in úsáid sa mbaile agus tú ag fás aníos?/ What language(s) was/were spoken at home when you were growing up?

- Gaeilge amháin / Irish only
- Gaeilge den chuid is mó / Mostly Irish
- Béarla den chuid is mó / Mostly English
- Béarla amháin / English only
- Teanga(cha) eile / Other language(s)



Ceistneoir do Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí  
Questionnaire for the Language Planning Area of Gaeltacht na Mí

Cuid 3: Cleachtas Teanga / Section 3: Language Usage

\* 7. Cé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge?/ How often do you speak Irish?

- Go laethúil / Daily
- Go réasúnta minic / Reasonably often
- Anois is arís / Now and again
- Go hannahamh / Rarely
- Riamh / Never

\* 8. Cé chomh minic is a labhraíonn tú Béarla le duine a bhfuil a fhios agat Gaeilge a bheith ar a t(h)oil aige/aici? / How often do you speak English to someone who you know speaks Irish?

- Go laethúil / Daily
- Go réasúnta minic / Reasonably often
- Anois is arís / Now and again
- Go hannahamh / Rarely
- Riamh / Never

\* 9. Cé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge sna suiomhanna seo/leis na daoine seo a leanas?/ How often do you speak Irish in the following situations/with the following people?

I	goíonal/beagnach i goíonal / Always/nearly always	Go minic / Often	Anois is arís / Now and again	Go hannahamh / Rarely	Riamh / Never	Ní bhainneann / Not applicable
Sa mbaile / At home	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
Sa láthair oibre / In the workplace	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
Sa gcomharsanacht / In the neighbourhood	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
Le cairde/go sóisialta / With friends/socially	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>

\* 10. Cé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge sna suiomhanna seo a leanas?/ How often do you speak Irish in the following situations?

	I gcónai/beagnach i goáinai / Always/nearly always	Go minic / Often	Anois is arís / Now and again	Go hannamh / Rarely	Riamh / Never	Ní bhaineann / Not applicable
I siopaí/ ghnóthaí áitiúla / In local shops/businesses	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
Ag pé le seirbhís áitiúla / When dealing with local services	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
Ag pé le seirbhís sláinte / When dealing with health services	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
Ag seirbhís reiligiúnacha / At religious services	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
Ag pé leis an Stát / When dealing with the State	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>



Ceistneoir do Limistéar Pleanála Teanga Ghaeilteachta na Mí  
Questionnaire for the Language Planning Area of Gaeltacht na Mí

Cuid 4: Áiseanna agus Seirbhísí / Section 4: Facilities and Services

\* 11. Cé chomh minic is a bhíonn tú sna háiteanna seo a leanas?/ How often do you go to the following places?

	Go laethúil / Daily	Go seachtainiúil / Weekly	Anois is arís / Now and again	Go hannamh / Rarely	Riamh / Never
<b>Ráth Chaim:</b> Áras Pobail Ráth Chairn	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<b>Ráth Chaim:</b> An Breadán Feasa	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
